

Tuarascáil Bhliantúil 2020

Ag Maoiniú an Fháis Inbhuaine



HFA

An Ghníomhaireacht
Airgeadais Tithíochta
Housing Finance Agency

Clár Ábhar

Athbhreithniú Gnó

- | | |
|----|---|
| 02 | Isachtaí ó chomhlachtaí ceadaithe tithíochta atá ceadaithe de réir contae |
| 04 | Buaicphointí na bliana - bliain léirithe i bhfigiúir |
| 06 | Litir an Chathaoirligh |
| 08 | Léirmheas leis an bPríomhfheidhmeannach |
| 11 | Bord na Stiúrthóirí |
| 14 | An Fhoireann Bhainistíochta |
| 15 | Clár straitéiseach |
| 17 | An Inbhuanaitheacht chomhshaoil, shóisialta agus rialachais (CSR) |
| 20 | Forbairtí tithíochta a mhaoiniú |
| 26 | Seirbhís do Chustaiméirí |

Rialachas

- | | |
|----|---|
| 27 | Tuarascáil na Stiúrthóirí |
| 31 | Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí |
| 31 | Ráiteas don Iniúchóir um an nochtadh |
| 32 | An Rialachas Corparáideach |
| 37 | Tuarascáil an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca |

Ráitis Airgeadais

- | | |
|----|---|
| 44 | Tuarascáil an Iniúcháir Neamhspleáigh ar Chomhaltaí Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta Cpt |
| 47 | Ráiteas ioncaim |
| 48 | Ráiteas ar an ioncam cuimsitheach |
| 49 | Ráiteas ar staid an airgeadais |
| 50 | Ráiteas ar athruithe sa chaipiteal gnáthscaireanna |
| 51 | Ráiteas ar na sreafaí airgid |
| 52 | Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais |



Chun tuilleadh eolais a fhail, féach ar ár suíomh gréasáin
www.HFA.ie

lasachtaí ó chomhlachtaí ceadaithe tithíochta atá ceadaithe de réir contae

1 Baile Átha Cliath
€290m | 1,029 Teach

A Cathair Bhaile Átha Cliath
€97m | 340 Teach

B Baile Átha Cliath – Fine Gall
€84m | 285 Teach

C Dún Laoghaire/Ráth an Dúin
€61m | 212 Teach

D Baile Átha Cliath Theas
€48m | 192 Teach

2 Ceatharlach
€13m | 80 Teach

3 An Cabhán
€7m | 50 Teach

4 An Clár
€1m | 4 Teach

5 Corcaigh
€69m | 306 Teach

A Contae Chorcaí
€20m | 100 Teach

B Cathair Chorcaí
€49m | 206 Teach

6 Gaillimh
€66m | 303 Teach

A Contae na Gaillimhe
€28m | 131 Teach

B Cathair na Gaillimhe
€38m | 172 Teach

7 Ciarraí
€40m | 227 Teach

8 Cill Dara
€80m | 312 Teach

9 Cill Chainnigh
€10m | 53 Teach

10 Laois
€16m | 97 Teach

11 Luimneach
€86m | 422 Teach

12 Lú
€180m | 867 Teach

13 Maigh Eo
€6m | 39 Teach

14 An Mhí
€57m | 241 Teach

15 Muineachán
€3m | 24 Teach

16 Uíbh Fhailí
€5m | 29 Teach

17 Sligeach
€1m | 2 Teach

18 Tiobraid Árann
€1m | 13 Teach


19 An Iarmhí
€19m | 111 Teach

20 Loch Garman
€13m | 85 Teach

21 Cill Mhantáin
€28m | 139 Teach

Scaipthe ar fud contaetha éagsúla
€13m | 93 Teach

Méid iomlán ceadaithe: €1,004m
Iomlán na dteagmhais ceadaithe: 4,526



Buaicphointí na Bliana

An Bhliain a Bhí Againn Léirithe in Uimhreacha



Billiún

Na hlasachtaí Atá
Gan Réiteach

In ainneoin na ndeacrachtaí a bhí ag Covid-19 maidir le socrúithe oibre, bliain ghnóthach a bhí ag an GAT ó thaobh iasachtaithe de, agus €1 billiún d'iasachtaí AHB ceadaithe in 2020 agus €773 milliún in iasachtaí iomlána curtha ar fáil d'údaráis áitiúla, do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta (AHBanna) agus d'institiúidí ardoideachais (IAOanna).

€200m

Saoráid iasachta le BEI


€150m

Saoráid iasachta le CEB


€7.5bn

Tháinig méadú
2.5bn ar chlár na
Nótaí Ráthaithe

Brabúsacht



Airleacain iasachta



Ár ngealltanais a chur i gcrích



Tá tionchar as cuimse ag an víreas Covid-19 ar an tsochaí. Táimid san GAT tar éis na rioscaí atá i gceist a mheas le bheith lándáiríre. Ón 19 Márta 2020, tá an fhoireann go léir ag feidhmiú tríd an gcianobair. Coinnítear teagmháil rialta leis an bhfoireann agus tá na socruithe cianoibrithe ag obair go maith. In ainneoin na srianta a bheith i bhfeidhm, bhí an gnó maidir le comhlachtaí ceadaithe tithíochta ní b'fhiúntaí ná riamh in 2020 agus rinneadh €1.0 billiún d'iasachtaí a cheadú sa bhliain. Mar thoradh ar airleacain iasachtaí comhlána de €773 milliún sa bhliain, bhí €5.2 billiún ár leabhar iasachtaí san iomlán, níos mó ná riamh go dtí seo.

Mar chuid dár bhfreagra ar Covid-19, d'aithin an GAT na príomhghníomhaíochtaí dár n-oibríochtaí seo a leanas agus chinntigh sé go leanfar ar aghaidh leo gan cur isteach:

- Infhaighteacht leachtachta
- Iarratais ar iasachtaí agus airleacain iasachta
- Cruinnithe Boird agus Coiste
- Íocaíocht tuarastal
- Íocaíocht chánacha
- Tuairisceáin an Chláir Láirnaigh Creidmheasa
- Íocaíochtaí creidiúnaithe



Tá pleananna i bhfeidhm, ar feadh na paidéime, chun a chinntiú gur féidir linn leanúint ag freastal ar ár gcustaiméirí de réir mar a athraíonn an scéal. Leanann an Lucht Ardbhainistíochta leo ag déanamh monatóireachta ar an staid leanúnach agus tá siad ag leanúint na teorach a eisíonn an FSS, an Roinn Sláinte, an WHO agus an Roinn Tithíochta chun scaipeadh an víris a chosc. Ó thosach na paidéime amach, bhí sraith beart i bhfeidhm againn chun sláinte agus sábháilteacht ár bhfoireann agus ár gcustaiméirí a chosaint.

Dhírigh an Bord ar phleanáil straitéiseach níos fadtéarmaí i rith na bliana, agus críochnaíodh ár straitéis cúig bliana – GAT 2020 – áit ar chomhlíonamar nó ar sháraigh muid na spriocanna suntasacha go léir atá sa Phlean. Bhí sé mar aidhm ag an gclár an nuálaíocht agus an comhoibriú a bhaint amach, agus tacú leis an soláthar tithe, agus leanadh ar aghaidh ó neart go neart in 2020 i ngach aon cheann de na réimsí seo. Tá níos mó sonraí faoinár gcreat straitéiseach le fáil ar leathanach 15.

Tá sé beartaithe go bhfoilseofar ár straitéis nua do na blianta 2021-2025 sna míonna beaga amach romhainn nuair a chuirfidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreacht comharba ar Atógáil na hÉireann le chéile. Beidh sé mar chuid lárnach dár straitéis nua ár misean chun soláthar na tithíochta sóisialta agus inacmhainne in Éirinn a éascú.

Braitheann an GAT go mór ar chúnamh agus ar chomhoibriú óna ngeallsealbhóirí uile. Gabhaimid buíochas a dtacaíocht go háirithe leis na hAirí Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreacht, Caiteachas Poiblí & Athchóiriú agus Airgeadas, agus lena bhfoirne. Is mór againn an obair a dhéanann an GBCN, an Banc Ceannais, ár n-íniúcháirí, ár ndlíodóirí agus ár mbaincírí, chomh maith lenár gcustaiméirí.

D'éirigh Derek Rafferty as an mBord go luath i 2021 tar éis athrú ar a ról mar oifigeach sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreacht. Thar ceann Bhord agus fhoireann na Gníomhaireachta, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le Derek as an obair atá déanta aige don GAT le linn na ceithre bliain a chaith sé mar bhall den Bhord. Chuir Derek go mór leis agus guím gach rath air ina ról nua mar Phríomhoifigeach le freagracht as an Rialachas Corparáideach. Tá súil agam go mbeimid ag obair le chéile arís amach anseo.


Ba mhaith liom fáilte a chur roimh Rory O'Leary, Príomhoide sa Roinn Tithíochta, chuig an mBord freisin, tar éis dó a bheith ceaptha an 4 Márta 2021. Táim cinnte gur tréimhse suimiúil a bheidh ann le linn dó a bheith ag feidhmiú ar an mbord agus muid ag súil lenár straitéis 5 bliana nua a bheith foilsithe chomh maith leis na pleananna atá againn don fhás leanúnach agus don bhorradh.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann an GAT. Is eagraíocht thrua í an Gníomhaireacht, a fhostaíonn foireann foirne atá réasúnta beag. Tá an tiomantas atá léirithe, chomh maith lena gcumas agus an obair atá déanta acu bunriachtanach don éacht atá déanta san GAT i mbliana. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil leis an bPríomhfheidhmeannach Barry O'Leary, Seán Cremen (Ceann an Chisteáin), Tom Conroy (Ceann Airgeadais agus Rúnaí Cuideachta) agus Maria O'Reilly (Ceannaire Foirne Iasachta) as an tacaíocht ar fad a thug siad dó dom le linn mo thréimhse mar Chathaoirleach GAT.

Michelle Norris
Cathaoirleach

25 Márta 2021

Athléimneacht agus Muinín



In ainneoin na ndúshlán tromchúiseach atá ann mar gheall ar ráig Covid 19, caithfear a aithint gur fhreagair na daoine a raibh baint acu leis an soláthar tithíochta ar bhealach iontach chun an leibhéal torthaí sin atá bainte amach againn i rith 2020 a bhaint amach agus tá áthas orm a rá gur éirí leis an GAT a chuid féin a dhéanamh go paiteanta. Ag croílár an rath sin, bhí an tsolúbthacht agus an athléimneacht a bhí léirithe ag ár bhfoireann cé go raibh an timpeallacht chomh deacair sin.

Ó thosach na paindéime i leith, tá sábháilteacht agus folláine ár bhfoirne thar a bheith tábhachtach dúinn agus mar thoradh ar ár gcumas freagairt do na dúshláin ceadaiódh iasachtaí de €1 billiún ag deireadh na bliana a bheidh mar dul chun cinn láidir don bhliain 2021 agus ina dhiaidh sin freisin.

Táim an-sásta freisin go raibh an GAT in ann sos íocaíochta morgáiste a thairiscint d'údaráis áitiúla ionas go bhféadfaidís, ar a seal, cuidiú le hiasachtaí is mó a bhí buailte leis an bpaindéim fanacht ina dtithe. Measaim féin go bhfuil sé tábhachtach in am atá chomh deacair is atá sé faoi láthair aitheantas a thabhairt don éacht atá déanta go dtí seo, agus fáil réidh don athoscailt atá le teacht, agus a bheith dóchasach faoin athoscailt sin agus faoi gach rud a bheith ag teacht leis freisin.

An tlasachtú

Ó thaobh iasachtaí de, is é an dea-scéal ná go bhfuil €1 billiún in iarratais ó chomhlachtaí ceadaithe tithíochta (AHB) ar iasachtaí tithíochta ceadaithe againn. Is ionann



sin agus ardú 44% ar an bhfigiúr don bhliain 2019, is é sin le rá €694 milliún.

Bhí dul chun cinn AHB láidir nuair a chuirtear na cúinsí san áireamh, ag €549 milliún, síos 13% ar an bhfigiúr don bhliain 2019 mar gheall ar mhoilleanna a bhain le Covid agus tionscadail a bheith dúnta. Táimid ag súil go bhfeicfear gníomhaíocht luathaithe a luaithé a athosclóidh earnáil na tógála go hiomlán.

Meastar go mbeidh réimse fáis amháin ann do 2021 agus ina dhiaidh sin i soláthar airgeadais don Scéim Cíosa Tithíochta Inacmhainne nua. Tá iarratais ceadaithe againn cheana féin ar mhaoiniú € 92 milliún, ar fud 8 scéim, ag seachadadh 390 teach. Cuirfear an maoiniú seo ar fáil thar 40 bliain, agus socrófar an ráta úis don chéad 30 bliain ag 1.25% an-iomaíoch in aghaidh na bliana. Tá an poitéinseal suntasach sa réimse seo agus táimid san GAT ag tnúth le bheith ag obair lenár gcomhpháirtithe san Earnáil chun níos mó den táirge seo a sheachadadh.

Táthar ag súil le fás freisin i soláthar airgeadais do na hinstiúidí ardoideachais do chóiríocht mac léinn. Cuireadh thart ar € 49 milliún ar aghaidh i mbliana agus is féidir a bheith ag súil le tuilleadh gníomhaíochta i 2021.

An Maoiniú

Coinníonn an GAT bonn maoinithe éagsúlaithe, le maoiniú fadtéarmach ráta seasta socraithe leis an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Cisteáin (GNBC), leis an mBanc Infheistíochta Eorpach (BEI) agus le Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa (CEB). Socraíodh aistarraingtí iasachta leis an BEI agus CEB i rith na bliana ar rátaí úis an-iomaíoch, agus táthar ag súil le níos mó sa bhliain atá amach romhainn.

In 2020 mhéadaigh an GAT méid a chláir Nótaí Ráthaithe freisin, suas ó €5.0 billiún go € 7.5 billiún. Cuirfidh sé seo spás ar fáil chun cistí a fháil ar iasacht chun iasachtaí nua a mhaoiniú chun tacú le seachadadh tithíochta sóisialta agus inacmhainne agus tá sé lárnach i straitéis fáis GAT sna blianta beaga amach romhainn.

Foilseofar sonraí faoinár straitéis nua 5 bliana, atá á tabhairt chun críche faoi láthair níos déanaí sa bhliain.

An Riosca agus an Rialachas

Tá an bhainistíocht riosca san GAT ríthábhachtach dár n-oibríochtaí. Déanann ár gCoiste Bainistíochta Riosca maoirseacht ar an monatóireacht riosca agus is mír bhuan é de chlár oibre Choiste Iniúcháireachta & Riosca an Bhoird. Cuimsíonn príomhréimsí riosca airgeadais an ghnó bainistíocht ar rioscaí ráta úis, creidmheasa, leachtachta, oibríochta agus margaidh, a mhínítear a sonraí ar fud na tuarascála seo.

Oibríonn an Bord agus an fhoireann Bhainistíochta go dlúth chun gach gné den riosca laistigh den ghnó a thuiscint, a thomhas, a mhonatóiriú agus a rialú.

Bíonn athbhreithnithe agus díospóireachtaí bliantúla ar a fheidhmíocht ag an mBord Stiúrthóirí - ag lorg bealaí chun a rannchuidiú le fás inbhuanaithe ár ngnó a fheabhsú. Tá taithí shuntasach ag an mBord, i dteannta a chéile, i réimsí an bheartais tithíochta sóisialta, earnáil na tógála, airgeadas, dlí agus baincfeireacht.

Gach bliain, tugann an Bord cuairt ar roinnt scéimeanna tithíochta sóisialta, agus bítear ag bualadh le slua leathan de dhaoine dá réir a bhfuil baint dhíreach acu le soláthar na tithíochta sóisialta, agus ar an gcaoi sin cuirtear eolas pearsanta ar fáil faoi na deiseanna agus na dúshláin atá rompu. In 2020, mar gheall ar shrianta Covid-19, ní

Léirmheas leis an bPríomhfheidhmeannach (ar lean)

rabhtas in ann freastal air sin ach táthar ag súil le go mbeifear in ann é a chur ar ais ar siúl i 2021.

Comhlíonann an GAT an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú mar atá mionsonraithe sa Ráiteas Rialachais Chorpáraidigh ar leathanaigh 32 go 36. Tá coincheap 'comhlíonn nó mínigh' sa Chód agus chomhlíon an GAT an Cód go hiomlán ach amháin maidir le nithe atá leagtha amach sa Ráiteas um Chomhlíonadh Rialachais Chorpáraidigh.

Ciste Infheistíochta Sóisialta

Tagraíonn Crann Taca 1 dár straitéis GAT 2020 don chaidreamh láidre a bheith tógtha lenár gcustaiméirí de réir a chéile, chun riachtanais na bphríomhchustaiméirí a aithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu chomh maith le táirgí nua a fhorbairt. Tá freagracht ar an GAT freisin tacú a thabhairt leis an bhforbairt de phobail tithíochta sóisialta inbhuaine.

Bhunaigh an GAT Ciste Infheistíochta Sóisialta ar €150,000 in 2020 chun tacú le tionscnaimh áitiúla fiúntacha agus bhí sé lánghlactha, go huile is go hiomlán, ar fud seacht scéim éagsúla. Tá tuilleadh sonraí faoi na scéimeanna le fáil ar leathanaigh 18 go 19.

Chun cur leis an ardleibhéal suime a bhí sa scéim seo, rinneamar an ciste a athnuachan agus leithdháileadh méadaithe de €250,000 don bhliain 2021.

Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach, an tOllamh Michelle Norris, a bhfuil tiomantas mór don GAT léirithe aici le naoi mbliana anuas. Is mór dom an tacaíocht a thug Michelle dom agus mé ag feidhmiú mar an POF. Is duine í a léiríonn na habairte sin "Má tá tú ag iarraidh rud a bheith déanta, tabhair é do dhuine atá gnóthach".

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don tiomantas agus don chomhairle chríonna atá faighte agam mo chomhbhaill ar an mBord, go háirithe iad siúd atá ag druidim isteach le deireadh a ndara téarma ar air.


Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil as an méid atá déanta ag an bhfoireann sa GAT i ngach rud atá déanta acu. Is mar gheall ar sholúbthacht na foirne a rabhamar in ann na torthaí uile sin ar bhaineadh amach in 2020 i chur i gcrích. Ba shuntasach an rud é cé chomh diongbháilte is a bhí siad chun deimhniú go leanfar lenár seachadadh seirbhíse in aghaidh Covid-19. Chuir gach duine leis an éacht atá bainte amach ag an GAT, ag glacadh le hobair bhreise, ag freastal ar na dúshláin a bhaineann leis an gclianobair agus ag taispeáint inoiriúnaitheacht eiseamláireach, dea-ghreann agus éiteas na seirbhíse poiblí agus é sin á dhéanamh. Is mór an sásamh é dom a bheith i gceannas ar fhoireann atá chomh díograiseach tiomnaithe sin mar dhaoine.

An bhliain atá amach romhainn

Mar atá molta agam cheana féin, tá cúiseanna maithe ann le bheith dóchasach don bhliain atá amach romhainn. De bharr go bhfuil roinnt gníomhaíochta tithíochta sóisialta leanúint ar aghaidh fiú le linn srianta Leibhéal 5 a bheith i bhfeidhm, tá an soláthar seirbhíse ag leanúint ar aghaidh agus táthar chun cur leis de réir mar a dhéantar vacsaíní a rolladh amach sa tsochaí i gcoitinne. Táim cinnte de go dtiocfaidh méadú breise ar ghníomhaíochtaí iasachta sa bhliain amach romhainn, de réir mar a laghdaítear na srianta agus nuair a bheidh maoiniú ar fáil ar rátaí úis atá íseal go seasta, go háirithe tríd an Scéim um Thithíocht Inacmhainne ar Cíos.

Tá an GAT chun an chéad Phlean Straitéise eile dá chuid a fhoilsiú i gclian tamall beag do na blianta suas go dtí 2025, agus léireofar ann go bhfuil bunús daingean curtha i gcrích leis an dul chun cinn atá déanta le cúig bliana anuas ar féidir linn cur leis le bheith mar eagraíocht den chéad scoth ina éascaítear an seachadadh rathúil den tithíocht agus sóisialta agus inacmhainne.

Creidim go bhfuil an méid atá i ndán don GAT agus don earnáil tithíochta ag éirí níos fearr de réir a chéile.



Barry O'Leary

Príomhfheidhmeannach

25 Márta 2021

Bord na Stiúrthóirí



Michelle Norris
An Cathaoirleach

Ceapachán ar an mBord

Ar dtús i mí Feabhra 2012 agus athcheapadh í i mí Eanáir 2017 mar Chathaoirleach agus mar Chomhalta neamhfheidhmiúcháin de chuid an Bhoird (de bhrí oifige).

Coistí ar a bhfuil sí ina comhalta

Coistí Creidmheasa, Airgeadais agus Luach Saothair.

Taithí gairme

Tá Michelle ina hOllamh le Beartas Sóisialta i Scoil Bheartais Sóisialta, Oibre Sóisialta agus Ceartais Shóisialta in UCD, agus tá a cuid spéiseanna teagaisc agus taighde dírithe ar an mbeartas tithíochta sóisialta agus ar an athghiniúint uirbeach. Le linn a gairme bhí sí

i gceannas nó rannpháirteach i 20 tionscadal taighde ar na saincheisteanna seo agus tá os cionn 100 foilseachán curtha le chéile aici bunaithe ar na torthaí a bhí i gceist. D'fhoilsigh Palgrave Macmillan an leabhar is déanaí léi, dar teideal *Property, Family and the Irish Welfare State* in 2016.



Barry O'Leary
Príomhfheidhmeannach

Ceapachán ar an mBord

Ar dtús i mí Lúnasa 2013 agus athcheapadh é i mí Eanáir 2017 mar Chomhalta de chuid an Bhoird (de bhrí oifige) agus ina dhiaidh sin i mí Bhealtaine 2020.

Coistí ar a bhfuil sé ina chomhalta

Coistí Creidmheasa agus Airgeadais.

Taithí gairme

Cuntasóir an ghairm a bhí aige nuair a cheapadh Barry mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin i Meán Fómhair 2012. D'oibrigh sé leis an nGníomhaireacht

Airgeadais do Thithe ó 1988 amach, agus d'fheidhmigh sé mar Rialaitheoir Airgeadais/Rúnaí Cuideachta agus mar Cheann an Chisteáin. Tá taithí ag Barry freisin ar an dócmhainneacht agus roimhe seo d'oibrigh sé leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.



Padraic Cafferty
Stiúrthóir
Neamhfheidhmiúcháin

Ceapachán ar an mBord

Ar dtús i mí an Mhárta 2012 agus athcheapadh í i mí Eanáir 2017 mar Chomhalta neamhfheidhmiúcháin de chuid an Bhoird.

Coistí ar a bhfuil sé ina chomhalta

An Coiste Creidmheasa.

Taithí gairme

Bunaitheoir agus Cathaoirleach Datascan, Cathaoirleach Feidhmiúcháin ag Northwood Technology Ltd, agus Dilseánach ag Ionad Gnó Westpoint agus ag Ionad

Gnó Sigmund, Glas Naíon, Baile Átha Cliath. Tá Padraic ina chomhalta de chuid Institiúid na Stiúrthóirí agus roimhe seo bhí sé ina Uachtarán ar Chumann Tionscail Slándála na hÉireann. Feidhmíonn Padraic mar stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar an Údarás Slándála Príobháidí.



Emma Cunningham
Stiúrthóir
Neamhfheidhmiúcháin

Ceapachán ar an mBord

Eanáir 2017, mar Chomhalta Boird neamhfheidhmiúcháin (de bhrí oifige).

Coistí ar a bhfuil sí ina comhalta

An Coiste Iniúcháireachta & Riosca

Taithí gairme

Is í Emma an Rúnaí Cúnta i Rannán Baincéireachta na Roinne Airgeadais. Tá sí i gceannas ar fhoireann atá freagrach as beartas agus reachtaíocht a fhorbairt ar leibhéal intíre agus ar leibhéal an AE ar shaincheisteanna amhail an rialáil baincéireachta, an soláthar creidmheasa agus cosaint do thomhaltóirí. Tá an fhoireann freagrach as an bhforbairt beartais i ndáil le cumhachtaí agus feidhmeanna an Bhainc Ceannais agus an GBCN freisin.

Bhí roinnt post ag Emma sa Roinn go dtí seo, lena n-áirítear obair a rinne sí sa Rannán Idirnáisiúnta agus AE agus sa Rannán Buiséid agus Eacnamaíochta. D'oibrigh sí freisin mar Chomhairleoir Buiséid i mBuanionadaíocht na hÉireann chuig an Aontas Eorpach agus ag an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta.

Bord na Stiúrthóirí (ar lean)



Clare Curley
Stiúrthóir
Neamhfheidhmiúcháin

Ceapachán ar an mBord

Eanáir 2017, mar Chomhalta Boird neamhfheidhmiúcháin (de bhrí oifige).

Coistí ar a bhfuil sí ina comhalta

Coistí Airgeadais agus Luacha Shaothair.

Taithí gairme

Stiúrthóir Seirbhísí do Sheirbhísí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Comhshaol agus Gníomhaíocht ar son na hAeráide i gComhairle Contae Thiobraid Árann. D'oibrigh Clare roimhe seo mar Stiúrthóir

Seirbhísí do Thithíocht agus freisin mar Stiúrthóir Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála agus Sláinte agus Sábháilteachta le Comhairle Contae Thiobraid Árann. D'oibrigh sí in Údarás Áitiúla eile freisin. Tá céim BA ag Clare sa Bhainistíocht Phoiblí.



Brian Fitzpatrick
Stiúrthóir
Neamhfheidhmiúcháin

Ceapachán ar an mBord

Márta 2017 mar chomhalta neamhfheidhmiúcháin de chuid an Bhoird.

Coistí ar a bhfuil sé ina chomhalta

Cathaoirleach ar Choiste Iniúcháireachta & Riosca agus comhalta de chuid an Choiste Creidmheasa.

Taithí gairme

Is cuntasóir é Brian a bhfuil taithí shuntasach aige sa tionscal airgeadais morgáiste, tar éis dó a bheith ina Rialaitheoir Airgeadais Grúpa in First National Building Society. Bhí Brian ag obair le déanaí mar Stiúrthóir Airgeadais agus Rúnaí Cuideachta i BAM Contractors Ltd, an chuideachta innealtóireachta sibhialta agus tógála is mó in Éirinn,

go dtí gur imigh sé ar scor ceithre bliana ó shin. Lean sé de bheith ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar BAM Contractors Ltd go dtí mí na Nollag 2019 agus d'éirigh sé as an mBord ag an am sin. Ceapadh Brian ar Bhord CIE i mí Aibreáin 2019 agus tá sé ina bhall freisin de Choiste Iniúchta & Riosca Bhord CIE agus den Choiste Straitéise ann freisin.



Aideen Hayden
Stiúrthóir
Neamhfheidhmiúcháin

Ceapachán ar an mBord

Márta 2017 mar chomhalta neamhfheidhmiúcháin de chuid an Bhoird.

Coistí ar a bhfuil sí ina comhalta

An Coiste Iniúcháireachta & Riosca agus an Coiste Creidmheasa.

Taithí gairme

Atur nae is í Aideen, agus céim san Eacnamaíocht aici, chomh maith le PhD sa beartas tithíochta ó UCD. Bhí sí ina comhalta de chuid Sheanad Éireann ó 2011 go dtí 2016, tar éis di a bheith ainmnithe ag an Taoiseach, áit ar fhóin sí mar

leaschathaoirleach ar Chomhchoiste an Oireachtais ar Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú. Faoi láthair, tá sí ina Cathaoirleach ar an gcarthanas Threshold National Housing. Bhí Aideen ar dhuine de bhunaitheoirí an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe.



William Johnston
Stiúrthóir
Neamhfheidhmiúcháin

Ceapachán ar an mBord

Márta 2017 mar chomhalta neamhfheidhmiúcháin de chuid an Bhoird.

Coistí ar a bhfuil sé ina chomhalta

Coistí Creidmheasa agus Airgeadais.

Taithí gairme

Ceapadh William ar an mBord i mí an Mhárta 2017. Is atur nae é, tá céim eacnamaíochta aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus is Sainchomhairleoir é le Byrne Wallace LLP. Is é an Scrúdaitheoir seachtrach é don Dlí-Chumann le haghaidh dhlí na baincéireachta, roimhe seo, bhí sé ina chathaoirleach ar rannóg an dlí

baincéireachta san International Bar Association agus is eisean údar 'Banking and Security Law in Ireland (2ú eagrán, Bloomsbury Professional, 2020)' freisin. Tá sé ina bhall de chuid Bhord Chuideachta Cuain Phort Láirge, agus dá Choiste Iniúchta & Riosca chomh maith, agus is eisean an Rúnaí Oinigh Bhord an Ospidéal Náisiúnta Máithreachais, Sráid Holles.



Rory O'Leary
Stiúrthóir
Neamhfheidhmiúcháin

Ceapachán ar an mBord

An 4 Márta 2021 mar chomhalta neamhfheidhmiúcháin de chuid an Bhoird (de bhrí oifige)

Coistí ar a bhfuil sé ina chomhalta

Tada.

Taithí gairme

Is Príomhoifigeach é Rory sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreacht, ag tá sé freagrach as Beartas agus Rialáil AHBanna faoi láthair. Bhí ról éagsúla ag Rory sa Roinn go dtí seo, lena n-áirítear ról sa Rannóg Rialtas Áitiúil (Airgeadas), sa Rannóg Chomhshaol agus sa

Rannóg Chorpáraideach. Tá taithí aige roimhe sin i gCoimisiún an AE (Ard-Stiúrthóireacht Chomhsaoil) agus in Oifig na nOibreacha Poiblí. Tá MSc in Eacnamaíocht Chomhshaol, Beartas agus Riosca ag Rory ó Ollscoil Heriot-Watt, Albain agus BSc aige sa Zó-Eolaíocht ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh.



Lianne Patterson
Stiúrthóir
Neamhfheidhmiúcháin

Ceapachán ar an mBord

Márta 2017 mar chomhalta neamhfheidhmiúcháin de chuid an Bhoird.

Coistí ar a bhfuil sí ina comhalta

An Coiste Iniúcháireachta & Riosca

Taithí gairme

Ceapadh Lianne ar an mBord i mí an Mhárta 2017. Chuaigh Lianne isteach i Státseirbhís Thuaisceart Éireann i 2005 agus ceapadh í ina ról reatha mar Leas-Rúnaí Acmhainní, Athchóirithe agus Bonneagair sa Roinn Oideachais i mí an Mhárta 2019. Is cuntasóir cairte í Lianne

agus chaith sí cuid mhaith dá saol gairme i ról bhainistíochta in Deloitte agus in PricewaterhouseCoopers araon. Sula raibh an ról reatha atá aici faoi láthair aici, bhí sí ag feidhmiú mar Stiúrthóir Seachadta Dlí agus Cirt sa Roinn Dlí agus Cirt agus mar Stiúrthóir Airgeadais Sinsearach sa Roinn Bonneagair.



Jennifer Ward
Stiúrthóir
Neamhfheidhmiúcháin

Ceapachán ar an mBord

Márta 2017 mar chomhalta neamhfheidhmiúcháin de chuid an Bhoird.

Coistí ar a bhfuil sí ina comhalta

An Coiste Iniúcháireachta & Riosca agus an Coiste Creidmheasa.

Taithí gairme

Ceapadh Jennifer ar an mBord i mí an Mhárta 2017. Is sainchomhairleoir neamhspleách í Jennifer a oibríonn le raon cliant gníomhach agus éagsúil sa chomhairliúchán comhairleach. Bhí Jennifer ina ball neamhfheidhmiúcháin de Bhord Clúid Housing ó 2015 go 2017, agus ina ball de chuid Choiste Clúid le haghaidh 'Growing Our Business' . Roimhe seo, d'oibrigh sí

leis an Financial Solutions Group in AIB agus ról aici ann mar Cheann Pleanála & Tosaíochta Infheistíochta agus mar Cheann Bainistíochta Athraithe Grúpa don AIB Group. Tá MSc i gCleachtas Bainistíochta agus BA (Mod) san Eacnamaíocht & Gnó ag Jennifer, an dá cheann díobh ó Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

An Fhoireann Bhainistíochta



Seán Cremen
Ceann Cisteán

Tá os cionn tríocha bliain taithí ag Seán ar a bheith ag obair i Margaí Cisteán agus Caipitil. Tar éis dó fónamh mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Bhord Bhanc Morgáiste AIB, chuaigh Seán isteach san GAT mar Cheann Cisteán in 2014.



Tom Conroy
Ceann Airgeadais &
Rúnaí na Cuideachta

Is cuntasóir é Tom, agus tá sé ag obair leis an GAT ó bhí 1999 ann i roinnt príomhróil airgeadais roimh dó a bheith ceaptha sa ról atá aige faoi láthair, ina Cheann Airgeadais agus Rúnaí na Cuideachta, i 2008. Tá taithí fhairsing aige, dá réir, ar gach cineál gnó a sheoltar san GAT. Roimhe seo, d'oibrigh Tom mar chuntasóir le Jurys Hotel Group plc.



Damian Flynn
Cuntasóir Airgeadais

Chuaigh Damian isteach san GAT i 2000 agus faoi láthair is é an Cuntasóir Airgeadais an ról atá aige, agus foireann Seirbhísí Corparáideacha an GAT á bainistiú aige. Tá MA sa Bhainistíocht Airgeadais agus Ard-Diplóma sa Bhainistíocht Phoiblí aige. Roimhe seo, d'oibrigh Damian san earnáil phríobháideach in Irish Cement Ltd (cuid den Ghrúpa CRH), áit ar cháiligh sé mar chuntasóir.



Maria O'Reilly
Ceannaire Foirne
Iasachtaithe

Faoi láthair, bainistíonn Maria foireann Seirbhísí Iasachtaithe an GAT. Bhain sí céim amach ó Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge i 2006 le Baitsiléir Staidéar Gnó (Onór.). D'oibrigh Maria leis an GAT ón uair ar bhain sí céim amach, agus ról éagsúla aici idir an dá linn, mar Chúntóir Cuntais, mar Fheidhmeannach Iasachtaithe um AHBanna agus mar Oifigeach Iasachtaithe Sinsearach, agus an-chuid taithí bainte amach aige le linn na tréimhse sin ar fad san iasachtú le hearnáil na AHBanna.

Clár straitéiseach

Tháinig conclúid lenár bplean straitéiseach 5 bhliana, Straitéis GAT 2020, an bhliain seo, agus seo linn an t-am i gcomhair athbhreithnithe. Chas an GAT le chéile nó sháraigh sé gach aidhmeanna suntasacha le linn saolré an Phleain. I rith an ama sin, thugamar fás láidir faoi deara in iasachtú do chomhlachtaí tithíochta faofa agus tús maoinithe d'ollscoileanna i gcomhair forbartha lóistín nua do mhic léinn. Chomh maith leis, chonaic muid tús le lasacht Tithíochta ag Atógáil na hÉireann ag údaráis áitiúla, a dtug an GAT €364 milliún ar iasacht chuige go dtí seo.

Aithníodh ceithre bhunchloch straitéiseach i bhfoirmlíú an Phleain. Ba iad sin:

- Custaiméirí agus iomaitheoirí
- Geallshealbhóirí
- Idirspéachas eagraíochta
- Acmhainn Inmheánach



Custaiméirí agus iomaitheoirí

Thug bunchloch 1 mionsonraí ar phleananna GAT i gcomhair fáis leabhair iasachta agus forbartha táirge. D'fhás ár leabhar iasachta ó €3.7 billiún in 2015 go dtí €5.2 billiún in 2020 - méadú 40% le linn saolré an phleain agus os cionn €5 billiún tuartha. Fanann píblíne gnónna nua láidir le iasachtaí AHB faofa ach gan dul ar aghaidh fós ag fanacht ag €627 milliún i Nollaig 2020.

Lean an GAT ag eagrú comhaontuithe saoráidí chun a iasachtaí a éagsúlú, le Banc Infheistíochta na hEorpa agus Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa araon, chomh maith le airgeadas ráta daingean fadtréimhseach a fháil ar iasacht ón NTMA. I ngeall ar an úsáid bainte as rátaí úis á n-ofráil faoi láthair sa mhargadh, bhí an GAT in ann maoiniú ráta daingean fadtréimhseach a fháil chun forála tithíochta sóisialta inacmhainne ag rátaí an mhargaidh, rud lárnach dár gcinneadh. D'ofráil an GAT freisin réimse táirgí iasachta nua le linn téarma an Phleain, lena n-áirítear áiseanna droichid agus tógála do AHB, áiseanna a bhraithfeann ar údaráis áitiúla agus maoiniú don lasacht Tithíochta ag Atógáil na hÉireann. Bhí ról leis an GAT ag tacú le HEI ina bhforbairt lóistín do mhic léinn aitheanta ag an rialtas agus faofa sa reachtaíocht.




Geallshealbhóirí agus Idirspéachas Eagraíochta

Chuaigh bunchloch 2 agus 3 i ngleic le eagraíochtaí sa 'Ghrúpa Tithíochta' is leithne agus forbairt chaidrimh le príomh-geallshealbhóirí.

Le linn saolré an Phleain, choinnigh an GAT a chaidreamh láidir le príomh-bhunaitheoirí lena n-áirítear NTMA, EIB agus CEB ag eascrú i bpróifíl maoinithe faofa, rochtain ar mhaoiniú fadtréimhseach breise ar phraghas iomaíoch de réir riachtanais agus iarratais an NTMA mar sholáthraí leachtachta chúlstop. Aithníodh an GAT ag an EIB agus CEB araon mar idirmheánach roghnaithe acu d'iasachtaí bainteach le tithíocht ag eascrú in AHB agus údaráis áitiúla.

Clár straitéiseach (ar lean)

Déanann an GAT go leor cumarsáide le custaiméirí reatha (AHB, LA agus HEI) trí chainéil díreacha, úsáid meáin sóisialta agus ár suíomh gréasáin, freastal ag ócáidí agus cur i láthair a dhéanamh. Chuidigh an GAT le forbairt go leor tionscnaíochtaí an rialtais, m.s. Athbhreithniú CALF/ PAA, lasacht Tithíochta ag Atógáil na hÉireann, samhail iasachta costais agus samhlacha tithíochta inacmhainne.



Acmhainn Inmheánach

Bhain bunchloch 4 le measúnú ar oibriúcháin inmheánacha na heagraíochta le cinntiú go mbeadh na acmhainní cuí i bhfeidhm chun seachadta na n-aidhmeanna i mBunchlocha 1, 2 agus 3. Le linn an phlean 5 bhliana,

- chríochnaíodh athbhreithniú iomlán ar leibhéil reatha foirne agus comhdhéanamh i dtreo athstruchtúrthú na heagraíochta isteach i bhfoirne lasachtóra agus Corparáideacha agus earcaíocht foirne oilte;
- rinneadh athbhreithniú iomlán ar na próisis státchiste agus creidmheasa, agus rinneadh leasuithe chun na próisis sin a chuíchóiriú agus éifeachtacht a mhéadú; agus,
- leanann aiseolas seachtrach ar éifeachtacht an phróisis GAT á lorg ónár gcustaiméirí ar bhonn leanúnach.

Achoimre

Rinne Bord GAT agus an Bhainistíocht athbhreithniú iomlán ar an bPlean ag deireadh 2020 roimh straitéis nua a dhearadh lena athchur. Tá obair ar siúl i bhforbairt ár straitéise nua - GAT 2025 - a bheidh críochnaithe agus foilsithe sna míonna atá le teacht. Geallann an Plean nua seo tógáil ar rath a réamhtheachtaí, le fás leanúnach dá bpunanna iasachta reatha agus tús áite planáilte do scéimeanna iasachta nua.

Inbhuanaitheacht chomhshaoil, shóisialta agus rialachais (CSR)

Tá trí eilimint idirnasctha ag inbhuanaitheacht don GAT - rialachas comhshaoil agus sóisialta - sonraithe ar leithligh thíos.

Comhshaoil

Caomhnú Fuinnimh

De ghnáth oibríonn an GAT ó 46 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2, ina léasaíonn sé spás ar urlár amháin. Ár bpríomhúsáid don fhuinneamh ná i gcomhair soilsithe, téamhaithe/aerchóirithe, agus cumhachtú ríomhairí.

Laghdaíodh riachtanais fuinnimh GAT in 2020, mar thoradh lenár gcuid foirne ag obair ó bhaile agus ó mhí an Mhárta i leith, i ngeall ar an bpaindéim COVID-19.

In 2020, d'úsáid an GAT 19.6 Mwh (2019: 27.2 Mwh) leictreachais. Léiríonn sé sin ídiú meánach 1.3 Mwh (2019: 1.8 Mwh) leictreachais in aghaidh an fhostóra.

Athfhorbraíodh ár n-áitribh léasaithe le linn 2009/2010 le soilsiú agus téamhú fuinneamh-éifeachtach suiteáilte ag an staid sin. Tá rátáil BER B1 ag oifigí GAT.

Faoi réir socrúcháin oibre normálta:

- Athchúrsaíonn an GAT páipéar agus cairtchlár, trealamh leictreonach, tonóirí printéara agus gutháin soghluaiste.
- Ceannaíonn an GAT agus oibríonn sé freastalaithe rátáilte ó thaobh fuinnimh, ríomhairí pearsanta agus printéirí.
- Úsáideann 84% d'fhoireann GAT iompar poiblí i gcomhair comaitéarachta, agus 16% den sraith foirne ag rothaíocht nó ag rith go dtí agus ón obair, spreagtha ag infhaighteacht áiseanna cuí sa GAT agus sraith na scéime oibre.
- Moltar d'fhostaithe GAT a bheith coinsiasach ar fhuinneamh, agus déanaimid ár ndícheall le cinntiú go n-oibrítear ár n-oifig sa bhealach is éifeachtaí indéanta ó thaobh fuinnimh.

Soláthar inbhuanaithe

Déanann an GAT iarracht seirbhísí agus táirgí a sholáthar ar bhealach atá chomh inbhuanaithe agus indéanta, ag glacadh san áireamh ár méid beag - 15 ball foirne agus ár suíomh ar urlár amháin foirgnimh oifige i lár chathair Bhaile Átha Cliath. Tá ár n-oifig léasaithe, agus laghdaíonn sé sin smacht GAT thar eilimintí ár gcuid caithimh.

Tógáil éifeachtachta fuinnimh

In 2020 bhí €1,004m faofa (2019: €694M) i maoiniú AHB chun 4,526 2019: 3,280 teach sóisialta a sholáthar. Is tógálacha nua iad 95% dóibh, agus beidh rátáil éifeachtachta fuinnimh A2 nó níos airde acu. Tugann an GAT iasacht freisin le haghaidh aisfheistithe éifeachtach ó thaobh fuinnimh ar thithe. Tá súil ag an GAT tógáil ar an rath sa bhliain atá le teacht agus is aidhm leis forbairt tháirgí fuinnimh inbhuanaithe eile a chur san áireamh agus iad a thabhairt go dtí an margadh.

Uasmhéadú athchúrsála

Moltar d'fhoireann GAT athchúrsáil a chleachtadh chomh mór agus is féidir. Rinne an GAT boscaí bruscair a scaradh i gcomhair dramhaíl, gloine, páipéir agus cartúis dúigh priontála le haghaidh athchúrsála.

Bearta pleanáilte i gcomhair 2021

I ngeall ar an bpaindéim COVID-19, a bhog gach fostaithe go dtí obair chianda, ní dhearnadh uasghrádú soilsithe go LED in 2020 agus is aidhm linn é sin a fháil curtha i bhfeidhm i ndiaidh dúinn filleadh ag obair san oifig.

Is an-tábhachtach don GAT fuinneamh a chaomhnú. Leanfaidh muid ag seachadadh sábhálacha éifeachtachta i ngach gné dár ngnó in 2021.

Inbhuanaitheacht chomhshaoil, shóisialta agus rialachais (CSR) (ar lean)

Sóisialta

Ciste Infheistíochta Sóisialaigh

Chomhaontaigh Bord GAT le socrúchán Chiste Infheistíochta Shóisialaigh €150,000 i gcomhair 2020.

Bhí ardleibhéal suime sa Chiste in 2020, le trí aighneacht déag incháilithe faighte, ar iomlán €295,000. As na aighneachtaí sin, d'éirigh le seacht gcinn go hiomlán nó go páirteach don mhéid leithdháilte.

In ainneoin na dtorainneacha sin ar Covid-19 an bhliain seo caite, bhí €150,000 tarraingte go hiomlán. Bhí deisanna promóisin teoranta do mhéid mór ag na dianghlása, ach shocraíodh fótaisheisiún ag Túath Housing, agus d'aithin iarratasóirí eile athleanúint le PR cuí nuair a éascaítear teorainneacha.

I ngeall ar ardleibhéal suime ginte sa Chiste in 2020, chomhaontaíodh ag an mBord go mbeadh an leithdháileadh bliantúil i dtreo an Chiste méadaithe go €250,000 in 2021. Leanfaidh leithdháilte aonair teoranta d'uasmhéid €30,000 agus déanfar aighneachtaí don mhaoiniú nua seo a lorg go luath.

Tá mionsonraí thíos le achoimre ar na tionscadail a raibh maoiniú leithdháilte dóibh:

ALONE

Fuair ALONE €35,000 i dtreo forálacha maoinithe sa chistin, seomra suite, seomra leapa, suitigh agus daingneáin lena bhForbairt Chúirt Fhearann Shéamais, Inse Chór, Baile Átha Cliath 8. Tá 12 aonad lóistín ag Cúirt Fhearann Shéamais do sheandaoine ina bhfuilimid ag glacadh úsáide uilíoch as príonsabail dearaidh. Cinntíonn an dearadh go bhfuil tionóntaí teoranta ó lúbadh síos, ag laghdú leis sin riosca titim agus cuideoidh sé le ALONE ina fhís chun seandaoine a chumasú chun dul in aois sa bhaile, go slán sábháilte.

Comhairle Contae Dú Laoghaire Ráth an Dúin

Fuair Comhairle Contae Dú Laoghaire Ráth an Dúin maoiniú €7,780 i gcomhair forála cláir tacaíochta do thuismitheoirí i gceantar Bhaile an Chnoic Íochtaigh. Forbraíodh an tairiscint ag Ranna Tithíochta agus Seirbhísí Sóisialta an Chomhairle i gcomhpháirtíocht le “My Project Minding You”, seirbhís phobail a sholáthraíonn tacaíocht do pháistí, daoine óga agus teaghlaigh. Cabhróidh an clár seo do thuismitheoirí foghlaim conas páistí a ullmhú agus a chothú ó naíonáin go dtí na déagaoise, ag cothú neamhspleáchais an pháiste, le tuiscint ar riachtanais mothúcháinacha ar féidir leis an bpáiste a bheith á léiriú lena iompar deacair.

HAIL

Fuair HAIL maoiniú €30,000 chun Oibrí Tacaíochta Tionóntachta agus Tithíochta a earcú a oibreoidh le cliaint a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte orthu nó a chuaigh trí scaoileadh déanach i ngeall ar cheisteanna lóistín. Is tionscadal comhpháirtíochta é seo a raibh go leor tóir air le Seirbhís Mheabhairshláinte Shligigh Liatroma, Comhairle Contae Sligigh agus HAIL.

Cumainn Tithíochta Túath

Bronnadh €10,000 do thionscnaíocht ‘Bí nasctha’ ag Túath Housing a thug tábléidí digiteacha do thionóntaí aosta chun fanacht nasctha le cairde agus baill teaghlaigh, ag ceadú dóibh freisin páirt a ghlacadh i dtionscnaíochtaí digiteacha Túath. Cuideoidh an maoiniú freisin chun feabhas a chur ar sheirbhísí thionóntachta á soláthar ag Túath dá gcuid tionóntaí.



Louise Thompson ó Túath Housing, Barry O’Leary, GAT CEO, agus cónaitheoir na gCloch Liath David Caffrey.

Cumann Tithíochta Foscadh

Tugadh €6,835 do Chumann Tithíochta Foscadh i gcomhair tacaíochta gairmiúla agus treoraíochta do “Chór Loving Life” (páistí idir 8-18 ó cheantar an Mhúine Mhoir, Droichead Átha) chun amhrán a scríobh le chéile ag machnamh ar a n-eispéireas le dianghlasáil Covid-19 agus teacht ar ais chun cinn go staid “normálta”. Bhí an cór curtha le chéile i mí Bealtaine 2019 chun cuidiú faoiseamh a thabhairt d’fhoréigean bainteach le drugaí sa phobal.



Rialachas

Go ncuasaitheach, tá go leor taithí ag Bord GAT i réimsí polasaithe tithíochta sóisialta, san earnáil tógála, airgeadais, dlí agus baincéireachta. Eagraíonn an Bord Stiúrthóirí athbhreithnithe bliantúla agus pléanna ar a fheidhmíocht – ag lorg bealaí chun feabhas a chur ar a chúnamh i dtreo fáis inbhuanaithe ár ngnó.

Cloíonn an GAT le Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí an Stáit (an “Cód”), de réir mionsonraithe sa Ráiteas Rialachais Corparáidigh sa tuarascáil seo.

I gcomhréir leis an gCód, tá Taifead ag an GAT ar Rioscaí a thugann mionronsaí ar phríomh-rioscaí i ngnó GAT. Teastaíonn ón gCód go ndéanfaidh an Bord monatóireacht ar a éifeachtacht, athbhreithniú ar eachtraí riosca, agus nótaí nó faomhadh ar ghníomhartha na Bainistíochta, mar is cuí. Le chéile, déanann Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Ceannaire Stáitchiste agus Rúnaí an Chomhlachta bainistíocht ar riosca an GAT, in áit Príomhoifigigh Feidhmiúcháin, agus de réir incheadaithe faoin gCód Cleachtais. Tá an Taifead roinnte sna cúig chatagóir riosca a leanas: dlíthiúil agus rialála, airgeadais, próisis, inoiriúnaitheacht agus seachtrach.

Forbairtí tithíochta a mhaoiniú

Leanann an GAT ag fás a leabhair iasachta i líon na n-iasachtaí curtha ar aghaidh agus éagsúlacht na gcineálacha iasachta araon. Spreag na teorainneacha ón bpaindéim Covid-19 éifeacht mhoillithe ar líon na scéimeanna tithíochta AHB críochnaithe in 2020. In ainneoin sin, bhí €549 milliún seolta ar aghaidh chuig AHB i gcomhair ceannacháin forbairtí tithíochta sóisialaí nua sa bhliain. Léiríonn a leanas cuid de na scéimeanna a fuair maoiniú le linn na bliana.

Mumhan

40 teach

Radharc an tSáile, Cionn tSáile, Corcaigh Cumann Tithíochta Clúid

Óstálann an scéim nua-thógtha os cionn 100 duine - meascán an dá theaghlaigh agus daoine singil. Comhdhéanann an scéim 18 teach le dhá sheomra leapa agus 20 teach le trí sheomra leapa, chomh maith le 2 áitreabh dhá sheomra leapa glactha go sonrach i gcomhair cónaitheoirí le riachtanais breise. Scéim le tithe ardéifeachtachta rátáilte A is ea Radharc an tSáile lonnaithe in aice le lár bhaile Chionn tSáile.



67 teach

Cnoc an tSrutháin, Carraig Uí Leighin, Co. Chorcaí

Comharchumann Tithíochta na hÉireann

Is meascán 67 teach scoite, leathscoite agus sraithe a bhfuil suíomh ardaithe acu ag breathnú ar bhaile Charraig Uí Leighin, 10 nóiméad ó Chathair Chorcaí. Bhí scéim Chnoc an tSrutháin oscailte go hoifigiúil ag an Taoiseach i Nollaig 2020.



▲ 69 teach

Cill Bharra, Cathair Phort Láirge **Cumann Tithíochta Respond**

Comhdhéanann an fhorbairt ina bhfuil 60 teach i gCill Bharra, Cathair Phort Láirge, meascán 15 árasán dhá sheomra leapa, agus 54 teach dhá agus trí sheomra leapa. Tá an suíomh lonnaithe in aice le lár cathrach Phort Láirge agus tógadh na tithe i gcomhair tithíochta sóisialta riachtanais ginearálta.

▲ 42 teach

Market Green, Cnocán Ghrífin, Mainistir na Corann, Co. Chorcaí

Cumann Tithíochta Respond

Comhdhéanann an fhorbairt 42 teach agus foirgneamh pobail amháin ag Market Green, Cnocán Ghrífin, Mainistir na Corann, Co. Chorcaí 18 x teach dhá sheomra leapa agus 24 x teach trí sheomra leapa, gach ceann tógtha i gcomhair tithíochta riachtanais ginearálta. Tá sé lonnaithe in aice le lár bhaile Mhainistir na Corann agus soir ó Market Green.



▲ 22 teach

Mill Crescent, Tiobrad Árann **Cumainn Tithíochta Túath**

Tá an scéim lonnaithe go lárnach i mbaile Carraig na Siúire. Scéim nua-aoiseach ardchaighdeáin is ea Mill Crescent ar feadh Sráide an Mhuilinn/Sráide Eoin agus soláthraíonn sé 22 aonad i meascán tithe sraithe le dhá, trí, agus ceithre sheomra leapa. Is córas caidéal teasa air go huisce barainneach é an córas teasa agus is é an rátáil BER faighte ná A2.



Forbairtí tithíochta a mhaoiniú (ar lean)

Baile Átha Cliath

▲ 80 teach

St Mary's Mansions, Baile Átha Cliath 1

Cumann Tithíochta Clúid

Bhí an coimpléasc árasáin bunúsach i St. Mary's Mansions tógtha ag Dublin Corporation os cionn 70 bliain ó shin agus chuaigh sé trí athchóiriú iomlán, á thabhairt go dtí caighdeán reatha. Áirítear leis sin suimiú dhá urlár nua chun 80 árasán ar mhéid maith, nua-aoiseach ardchaighdeán agus dhá urlár. Bhí giniúint St Mary's Mansions pleanáilte mar an chéad athfhorbairt mór sa cheantar i ndiaidh foilseacháin tuarascála Mulvey in 2016. Chuir an tuarascáil béim ar an ngá i gcomhair gníomhaíochta chun an limistéar Oirthuaiscirt i lár na cathrach a dhéanamh sábháilte, tarraingteach agus bríomhar i gcomhair timpeallachta cónaithe agus oibre don phobal agus dá dteaghlaigh.



▲ 33 teach

Cearnóg Raleigh, Baile Átha Cliath 12

Cumainn Tithíochta Túath

Tá Cearnóg Raleigh lonnaithe laistigh pobail cónaitheach bunaithe ar chearnóg beag ciúin, 10 nóiméad ó Shráidbhaile Chromghlinne. Comhdhéanann Cúirt Raleigh 33 teach nua-thógtha do dhaoine aosta. Comhdhéanann sé árasáin 1 sheomra agus 2 sheomra leapa lonnaithe timpeall clós pobail, le seomra pobail ar leithligh do chónaitheoirí. Úsáideann na tithe rátáilte A coirí gáis caighdeánacha cúpláilte le painéil gréine.



▲ 43 teach

Páirc an Charnáin Nua, Rialto, Baile Átha Cliath 8

Cumann Tithíochta FOLD

Is forbairt 43 teach úrnua a tógadh le sainchuspóir é Páirc an Charnáin Nua, Rialto, do dhaoine aosta. Soláthraíonn an lóistín rátáilte A3 sin cónaí agus dul in aois idirspéach do dhaoine aosta. Is tionscadal athchóirithe í an fhorbairt seo agus óstálann sé cónaitheoirí Dolphin Barn a bhí ann roimhe, chomh maith le cónaitheoirí nua.



▲ 46 teach

Páirc na Canálach Ríoga, Baile Átha Cliath 15

Cumann Tithíochta Respond

Forbairt 46 teach Chuid V i bPáirc na Canálach Ríoga, Baile Átha Cliath 15 a chomhdhéanann árasáin 1, 2 agus 3 sheomra leapa. Comhdhéanann an suíomh cuid de scéim níos mó agus tá sé lonnaithe in aice le Páirc na Tulchann in aice le go leor scoileanna, ollmhargaidh agus córas iompair poiblí.

An Chuid eile de Laighean

▲ 15 teach

Tooting Meadow, Sráid Scarlet, Droichead Átha

Cumann Tithíochta Thuaidh agus an Oirthir

In 2020 bhuaigh forbairt Tooting Meadow Duais iomráiteach Rogha an Phobail le Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI), ag sárú tionscadail ar fud na tíre amhail Mainistir na Coille Móire, Músaem Litríochta agus Scoil Gnó Choláiste na Tríonóide. Is forbairt ardchaighdeán 15 teach é seo lonnaithe i lár bhaile stairiúil Dhroichead Átha. D'óstáil an suíomh bunúsach stáisiún dóiteáin as úsáid, a bhí ag milleadh na sráid-dreacha.

Cheadaigh na cineálacha lóistín difriúla (tithe 3 agus 4 sheomra leapa agus árasáin 1 agus 2 sheomra leapa) meascán tithíochta teaghlaigh agus tithíochta do dhaoine singil i bhforbairt a bhfuil cuma deas orthu i gcoirlár an bhaile timpeallaithe ag gach concláistí a chuireann Droichead Átha ar fáil. Tá an foirgneamh árasáin tógtha le bheith inrochtana go hiomlán agus glacann sé dea-chleachtas i dtéarmaí deartha agus rochtana uilíoch.



▲ 71 teach

Mainéar Chill Eallóg, Loch Garman

Cumainn Tithíochta Túath

Tá Mainéar Chill Eallóg lonnaithe in Roxborough, díreach lasmuigh Bhaile Loch Garman, agus comhdhéanfaidh sé 225 aonad i ndiaidh críochnaithe, ag soláthar meascáin inbhuanaithe tionóntaí sóisialta agus príobháideach. Tá Túath ag ceannach 9 x árasán 2 sheomra leapa leis an gcuid eile de na aonaid mar mheascán bhailte 2, 3, agus 4 sheomra leapa. Bhí 44 baile seachadta go dtí seo agus beidh an fhorbairt críochnaithe go luath le 18 teach agus 9 n-árasán eile á dtabhairt.



▲ 36 teach

Borris Meadows, Laois

Cumainn Tithíochta Túath

Is forbairt 36 baile lonnaithe ar feadh Sráide Borris é Borris Meadows i gceantar cónaitheach go háirithe atá laistigh rochtana éasca go dtí lár bhaile Phortlaoise. Comhdhéanann an fhorbairt ar iomlán 36 baile i meascán 6 x teach 2 sheomra leapa, 26 teach 3 sheomra leapa agus 4 teach 4 sheomra leapa. Tógadh na tithe amach ón suíomh le fráma cruach ag MHI bunaithe i Co. An Chabháin.

Forbairtí tithíochta a mhaoiniú (ar lean)

Connacht

▲ 17 teach

Baile an Rí, Béal Átha na Sluaighe, Gaillimh **Cumann Tithíochta Clúid**

Is forbairt é Baile an Rí i mBéal Átha na Sluaighe seachadta i gcomhpháirtíocht le Clann, soláthraí tithíochta aoisbháúil mó na hÉireann. Soláthraíonn an fhorbairt 17 teach aoisbháúil nua-thógtha do chónaitheoirí áitiúla ar liosta tithíochta Chomhairle Contae na Gaillimhe. Comhdhéanann an scéim bungaló sheomra leapa amháin agus 16 bungaló 2 sheomra leapa. Áirítear le conláistí sa limistéar áitiúil cúram sláinte, seirbhísí phobail, siopaí, iompar poiblí, agus clubanna spóirt.



▲ 15 teach

Cairéal Mór, Gaillimh

Cumann Tithíochta Respond

Comhdhéanann an scéim seo le 15 teach i gCairéal Mór, Bóthair Headford meascán tithe 2, 3 agus 4 sheomra leapa agus tá sé lonnaithe in aice láimhe le Sráidbhaile an Chaisleáin Ghearr, agus tiomáint ghearr amach ó Lár Cathrach na Gaillimhe. Tógadh na tithe sin le haghaidh riachtanais tithíochta ginearálta.

▲ 25 teach

Sraith Fhada, Gaillimh **Cumainn Tithíochta Túath**

Cheannaigh Túath 25 aonad Chuid V i gCathair na Gaillimhe leis an gcéad 14 árasán dhá sheomra leapa críochnaithe ag tús 2020. Comhdhéanann na tithe ag forbairt Sraith Fhada i nDabhach Uisce, Cathair na Gaillimhen bloc árasáin dhá sheomra leapa thar ceithre urlár, inar thug Comhairle Cathrach na Gaillimhe deis chun eastát gan chríochnú a athchóiriú a raibh gan chríochnú ar feadh 12 bliain. Fuair na árasáin uasghráduithe suntasacha agus cloíonn siad anois go hiomlán leis na caighdeáin reatha ag soláthar tithe ardchaighdeáin, éifeachtacha ó thaobh fuinnimh do thionóntaí.



Uladh

▲ 50 teach

Bóthar Dhún an Rí, Carraig Mhachaire Rois, Co. Muineacháin

Cumann Tithíochta Respond

Comhdhéanann an fhorbairt 50 teach Bhóthair Dhún an Rí i gCarraig Mhachaire Rois meascán títhe leathscoite agus sraithe 2, 3 agus 4 sheomra leapa.



▲ 47 teach

An Bealach Dearg, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall

Cumann Tithíochta Respond

Comhdhéanann an scéim 47 teach seo sa Bhealach Dearg, Leitir Ceanainn, 38 teach 3 sheomra leapa, teach amháin 4 sheomra leapa agus 8 n-árasán 2 sheomra leapa. Tá an suíomh lonnaithe laistigh tiomána 5 nóiméid ó lár bhaile Leitir Ceanainn.

Seirbhís do chustaiméirí

Is coincheap é an tSeirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí (SAC) atá i gcroílár ghnó an GAT agus is mar bunchloch é freisin chun críche ár misean a bhaint amach, is é sin an soláthar den tithíocht sóisialta agus inacmhainne a éascú.

Geallshealbhóir

Tá caidrimh ardluacha ag an GAT le geallshealbhóirí le go leor catagóirí difriúla, i.e. Ranna an rialtais, údaráis áitiúla, comhlachtaí tithíochta faofa, ollscoileanna agus comhlachtaí eile laistigh ghrúpa tithíochta níos leithne. Bíonn seachadadh SAC sármhaith fíor-thábhachtach don GAT.

Aithníodh go leor tionscnaíochtaí straitéiseacha ag baint le SAC i bhforbairt ár Straitéise GAT 2020, go háirithe, ag aithint agus ag tógáil caidrimh láidre lenár gcustaiméirí, chun tuiscint iomlán a bhaint as a gcuid riachtanais agus dúshlán. Baineann sé sin le seisiúin bailithe faisnéise rialta a eagrú idir ionadaithe GAT agus baill tábhachtacha an údaráis áitiúla agus AHB, rannpháirtíocht Ghrúpaí Airgeadais agus Tithíochta, agus ag forbairt mhargaidh AHB le struchtúir agus táirgí cuí.

Le linn na bliana, rinne an GAT freisin ‘Measúnú ar Riachtanais Geallshealbhóirí’ neamhspleách chun gur féidir leis idirghníomhú níos éifeachtaí ag cuidiú lenár gcustaiméirí agus ár ngeallshealbhóirí ranna chun soiléire a fháil maidir lenár dtáirgí agus creat cumarsáide a fhorbairt chun nuashonrú rialta a thabhairt dár gcustaiméirí agus ranna an rialtais.

Teicneolaíocht Fhaisnéise

Le foireann 15 coibhéiseach lán-aimsire ag bainistiú leabhair iasachta €5.2 billiún, braitheann an GAT go mór ar úsáid teicneolaíochta fhaisnéise chun úsáid éifeachtach a éascú dá acmhainní agus seachadadh éifeachtach a sheirbhísí.

Is aidhm leis an GAT líon na seirbhísí ar líne a sholáthraíonn sé a uasmhéadú, ag soláthar leis sin seirbhís níos fearr do chustaiméirí, ag feabhsú inrochtaineachta sonraí, agus ag laghdú costas d’úsáideoirí na seirbhíse. Doláthraíonn an GAT rochtain ar shonraí trína ardán ar líne, atá inrochtana do chustaiméirí agus geallshealbhóirí eile. Is féidir le cliant rochtain a fháil ar sheirbhísí san am céanna, ó go leor áiteanna agus ag aon am sa lá tríd an suíomh gréasáin GAT.

Comhaontú Maoirseachta

De réir Cóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí an Stáit, iarrtar ón GAT Comhaontú Maoirseachta a chur i bhfeidhm leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Athchuireann an comhaontú seirbhíse (SLA) a bhí i bhfeidhm ag an GAT ar feadh na blianta, agus nuashonraithe go bliantúil.

Léiríonn an Comhaontú Maoirseachta creat dlíthiúil an GAT; an timpeallacht ina oibríonn sé (i.e. Comhlacht neamh-thráchtála an Stáit); a chuspóir agus freagrachtaí; leibhéal comhréireachta an GAT leis an gCód seo; mionsonraí ar an gComhaontú Seachadta Feidhmíochta (m.s. Aschuir le seachadadh); agus comhaontuithe maoirseachta, monatóireachta agus tuarascála ar chomhréireacht le polasaí an rialtais.

Táthar ag críochnú faoi láthair an comhaontaithe is déanaí i dteannta lenár straitéis nua GAT 2005 agus i gcomhairleoireacht leis an Roinn. Cinntíonn tuairim an GAT faoi sciath chosanta an Aire go bhfuil a sheirbhísí éifeachtach agus tacúla go hiomlán le polasaí an Rialtais.

Tuairisc na Stiúrthóirí

Cuireann na Stiúrthóirí a dtuairisc agus na Ráitis Airgeadais iniúchta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 i láthair.

Torthaí agus Dibhinní

	2020 €'000	2019 €'000
Gnóthachan aitheanta iomlán don bhliain	55,421	38,506
Cistí scairshealbhóirí ag tús na bliana	238,515	200,009
Cistí scairshealbhóirí ag deireadh na bliana	293,936	238,515

Toradh iontach is ea é seo agus léirítear leis seo brabúis a gineadh de bharr beartais, a cheadaigh na Stiúrthóirí i leith na gcorrlach, rud a dearadh lena chinntiú go mbeidh dóthain chúchistí ag GAT chun na costais a sheasamh a mheastar a thiocfaidh de bharr de bharr mímhaitseálacha idir maoiniúchán treoirnasctha, ar ráta seasta agus rioscaí eile.

Ní mholann na Stiúrthóirí íocaíocht díbhinne i gcomhair 2020 (2019: nialas).

Tugtar cuntas mionsonraithe i nóta 18 a ghabhann leis na ráitis airgeadais ar rioscaí airgeadais na GAT, a haidhmeanna bainistíochta, mionsonraí faoina hionstraimí airgeadais agus gníomhaíochtaí fálaíthe, agus a nochtadh do rioscaí creidmheasa, rioscaí leachtachta agus rioscaí margaidh. Tugtar aghaidh i dTuairisc na Stiúrthóirí ar na rioscaí suntasacha ó thaobh cúrsaí gnó a bhfuil GAT nochtadh dóibh.

Athbhreithniú ar fhorbairt an ghnó

Iasachtaí d'údaráis áitiúla (a cheadaíodh roimh an 27 Bealtaine 1986)

Bunaíodh GAT chun iasachtaí treoirnasctha a eisiúint d'údaráis áitiúla go dtabharfaidís siúd airgead ar iasacht ar bhonn gníomhaireachta do dhaoine aonair. San iomlán, tugadh €403 milliún ar airleacan d'údaráis áitiúla faoin scéim seo ó 1982 go 1986 agus úsáideadh é chun 15,571 mhorgáiste a mhaoiniú. Malartaíodh na hiasachtaí seo go hiasachtaí inathraitheach agus ráta seasta i 2015, ag aibíocht banna innéacsasctha. An 31 Nollaig 2020 b'ionann iasachtaí den sórt sin agus fuilleach €5.2 milliún a bhí gan íoc. Dlítear aon chaillteanais chreidmheasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn as siocair na n-iasachtaí sin a chur ar GAT.

Iasachtaí d'údaráis áitiúla (a cheadaíodh tar éis an 27 Bealtaine 1986)

Le héifeacht ó mhí Bealtaine 1986, bhí GAT ag eisiúint iasachtaí d'údaráis áitiúla chun tacú le forbairt na tithíochta sóisialta chun na gcríoch arna gceadú faoi Achtanna na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1966-2014. B'ionann luach na n-iasachtaí gan íoc a cuireadh ar fáil ó bhí an 27 Bealtaine 1986 ann, agus €3.2 billiún amhail ag deireadh mhí na Nollag 2020.

Coinníonn an t-údarás áitiúil cuid shuntasach de na cistí sin chun críocha ar nós tithíocht shoisialta. Tugann na húdaráis áitiúla an fuilleach ar iasacht d'iasachtaíthe aonair. Bíonn na húdaráis áitiúla freagrach as aon chaillteanais a d'fhéadfadh teacht chun cinn i leith na n-iasachtaí sin. I gcomhthéacs:

- gur comhlachtaí reachtúla iad údaráis áitiúla faoin Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus achtacháin eile;
- gurb ionann a n-ioncaim nó a gcistí agus urrúis ó thaobh íocaíochta dlíthe don GAT i ngach suim a bhíonn le híoc ag údaráis áitiúla (faoi mar atá leagtha amach sa chomhaontú idir gach údarás áitiúil agus an GAT);
- gurb é an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht a cheadaíonn gach iasacht a thugtar air airleacan d'údaráis áitiúla;
- tuisceant an Bhoird go dtacaíonn an Rialtas láir le húdaráis áitiúla ina n-oibleagáidí do GAT a chomhlíonadh; agus,
- nár bhain aon chaillteanais mar gheall ar iasachtaí do GAT maidir leis na hiasachtaí a tugadh ar airleacan d'údaráis áitiúla i ndiaidh 1986,

is é tuairim an Bhoird nach fiú le háireamh é aon riosca creidmheasa, seachas riosca ceannasach, maidir le hiasachtaí a thugtar ar airleacan d'údaráis áitiúla ar an 27 Bealtaine 1986 nó dá éis agus níl aon fhorálacha caillteanais iasachtaí taifeadta i leith na n-iasachtaí sin.

In 2020, b'ionann ollmhéid na n-airleacan iasachtaí i ndiaidh mhí Bealtaine 1986 agus €175 milliún (2019: €343 milliún), b'ionann aisíocaíochtaí is fuascailtí agus €118 milliún (2019: €275 milliún), ag fágáil gur €13 milliún (2019: glanréamhíocaíochtaí €68 milliún) don bhliain suim na nglanfhuascailtí don bhliain. B'ionann iasachtaí den sórt sin agus iarmhéideanna €3.32 billiún (2019: €3.34 billiún) a bhí gan íoc. Féachann GAT le bheith ag obair leis na húdaráis áitiúla le struchtúir chuí iasachtaí a fhorbairt dóibh gur fearr

Tuairisc na Stiúrthóirí (ar lean)

a bheidh siad ag teacht le cúinsí airgeadais na n-údarás féin. Maidir leis seo, féadfaidh GAT téarmaí sínte a sholáthar le haghaidh iasachtaí, tréimhsí leis an ús iarchurtha nó ath-idirbheartaíocht eile a thairiscint de réir mar is cuí. I rith 2020, rinne GAT ath-idirbheartaíocht i leith €254.02 milliún (2019: €39.81 milliún) d'iasachtaí nár bhain le morgáiste agus rinneadh idirbheartaíocht i rith na bliana i leith €31.32 milliún iasacht a bhain le tithíocht (2019: €nialas). Tá an ath-idirbheartaíocht sin tarlaíthe i gcomhthéacs an €3.32 billiún d'iasachtaí a tugadh air airleacan d'údarás áitiúla faoi mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2020 agus mar sin, is ionann é sin agus thart faoi 7.65% de ghníomhaíochtaí a bheith ina gníomhaíocht ath-idirbheartaíochta in 2020 (2019: 0.001%).

Tugadh tréimhsí úis amháin d'iasachtaí ath-idirbheartaithe nach mbaineann le morgáiste agus iasachtaí a bhaineann le morgáiste, agus tugadh sosanna íocaíochta d'iasachtaí a bhaineann le morgáiste ar feadh trí go sé théarma míosúla, nach raibh lagú nó dí-aithint na sócmhainní iasachta bunaidh mar thoradh orthu toisc nach raibh siad suntasach modhnú téarmaí. Scoireann GAT de bheith ag meas go bhfuil ath-idirbheartaíocht déanta i leith na n-iasachtaí seo nuair a bheidh bliain amháin, d'aisíocaíochtaí sceidealaithe suas chun dáta, dulta in éag tar éis na hath-idirbheartaíochta. Maidir leis seo, measann GAT go ndearnadh ath-idirbheartaíocht i leith luach €254.02 milliún d'iasachtaí (2019: €39.81 milliún) ag 31 Nollaig 2020 agus gur aithníodh €0.98 milliún (2019: €0.20 milliún) d'ioncam úis ar na sócmhainní sin.

B'ionann suim an úis a fabhraíodh ar iasachtaí a athraíodh ar theacht in aibíocht dóibh an 31 Nollaig 2020 agus €nialas (2019: €0.01 milliún).

Iasachtaí do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta

Maidir le hiasachtaí do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe faoi Alt 17 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2002, cumasaítear GAT chun iasachtaí a thabhairt do CTCanna go díreach, lena n-áirítear comhlachtaí tithíochta deonacha agus cumainn chomharthithíochta. Faoin Tionscnamh um Léasú Tithíochta Sóisialta, faigheann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, trí údarás áitiúla, aonaid chúí tithíochta ar leas ó CTCanna, a thugtar ar cíos do thionóntaí tithíochta sóisialta atá ainmnithe ag údarás áitiúla.

Ceannaíonn nó tógann CTCanna maoine agus maoineítear sin trí airgeadas i bhfoirm iasachtaí a thiomsaíonn an CTC. Maoineoidh ioncam, a gheobhaidh na CTCanna ó Chomhaontú Íocaíochta agus Infhaighteachta le húdarás áitiúil ar feadh tréimhse chomh fada le 30 bliain, aisíocaíocht iasacht GAT.

Bíonn ar CTCanna Ciseal 3 ar mian leo iasacht a fháil ón GAT measúnú airgeadais ginearálta a sheasamh chun stádas mar Chomhlacht Deimhnithe a fháil. Nuair a dhearbhaítear an stádas sin, agus nuair atá máistir-chomhaontú sínithe, is ansin amháin is féidir leo cur isteach ar airleacain iasachtaí a ndéantar a mheasúnú go hin-mheánach ag an bhfoireann measúnú creidmheasa má tá an luach faoi €5 milliún agus a mheasúnú go neamhspléach má tá siad os cionn an luach seo ina dhiaidh. Mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2020, fuarthas ocht cinn déag d'iarraitais (2019: ocht ceann déag) ar stádas mar Chomhlacht Deimhnithe ó CTCanna.

Cheadaigh Coistí Creidmheasa agus Bainistíochta an GAT, amhail an 31 Nollaig 2020, 816 iarraitas ar iasacht (2019: 634) dar luach €2.95 billiún (2019: €1.95 billiún), agus tá €1.85 billiún de curtha chun cinn (2019: €1.28 billiún). Meastar go bhfógróidh 2021 fás leanúnach ar leibhéal na n-iasachtaí sa réimse seo. Bíonn idirghníomhú go minic ag an GAT le AHBanna chun an tsraith táirgí atá á dtairiscint a fhorbairt.

Táirge Catagóir 2

Thug GAT isteach táirge nua 'Catagóir 2' do Chiseal 2, CTCanna meánmhéide, lena bhféadfadh siad iarraitas a dhéanamh ar iasacht suas le €1.5 milliún, gan dul faoi mheasúnú iomlán na Comhlachta Deimhnithe i 2016. Déantar iarraitais ar iasachtaí a bhreithniú ceann ar cheann. Go dtí seo, tá leas bainte ag 2 CTC as an táirge Catagóir 2 agus ina dhiaidh sin d'éirigh leo lena n-iarraitas ar stádas mar Chomhlacht Deimhnithe. Tá ocht CTC sa chatagóir seo faoi láthair

Iasachtaí le Institiúidí Ardoideachais

Tá cead ag an GAT iasachtaí a thabhairt do institiúidí ardoideachais faoi Alt 51 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe 2016 le cóiríocht nua do mhic léinn a fhorbairt.

Tugann na cumhachtaí seo rochtain do Institiúidí Ardoideachais ar mhaoiniú saor, seasta fad téarmach do chóiríocht do mhic léinn ar champas agus lasmuigh den champas, ag laghdú na costais go suntasach ar an gcaoi sin ar thionscadail do Ollscoileanna agus ag feabhsú inacmhainneacht do mhic léinn. Tá buntáiste breise le soláthar cóiríocht nua do mhic léinn le cur ar fáil le tuilleadh stoc cíosa reatha le tacú le tithíocht shóisialta agus inacmhainne sa bhreis.

Tuairisc na Stiúrthóirí (ar lean)

San am i láthair tá trí Ollscoil ar ceadáíodh a n-áiseanna iasachta le iomlán de €157m le 1,428 seomra codlata do mhic léinn a sholáthar. Táthar ag súil go gheofar níos mó iarratais iasachta sa míonna le theacht. Réamhíoc an GAT cistí de €49 milliún (2019: €60) go trí institiúid ardoideachais le linn 2020.

Gnóthas Leantach

Is ar bhonn an ghnóthais leantaigh a rinneadh na Ráitis Airgeadais a ullmhú. Agus measúnú á dhéanamh ar chumas GAT leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, chuir Bord na Stiúrthóirí san áireamh na rioscaí suntasacha agus éiginnteachtaí a théann i bhfeidhm ar an nGníomhaireacht faoi láthair. Sa chuid maidir le Bainistíocht Rioscaí thíos agus sa chuid ar 'Rochtain ar Mhaoiniú agus Gnóthas Leantach' laistigh den chuid ar Bhonn Ullmhúcháin den Ráiteas faoi bheartais chuntasáíochta, liostaítear gníomhaíochtaí gnó na GAT agus cuirtear san áireamh na rioscaí agus éiginnteachtaí suntasacha a théann i bhfeidhm ar an nGníomhaireacht faoi láthair.

Anuas air sin, tugtar cuntas mionsonraithe i nóta 18 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais, ar rioscaí airgeadais na GAT, a haidhmeanna bainistíochta; mionsonraí faoina hionstraimí airgeadais agus gníomhaíochtaí fálaíthe; agus a nochtadh do rioscaí creidmheasa, rioscaí leachtachta agus rioscaí margaidh. Cuirtear an mheasúnacht ar ghnóthas leantach i láthair ar leathanach 38.

Bainistíocht rioscaí

Bíonn an Bord freagrach as córas bainistíochta rioscaí agus rialaithe inmheánaigh GAT, rud a dearadh chun bainistiú, seachas díothú ar fad, a dhéanamh ar an riosca go dteipfeair ar iarrachtaí le cuspóirí gnó a chomhlíonadh, agus ní féidir leis an gcóras seo ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú absalóideach a sholáthar i gcoinne míráitis nó caillteanais ábhartha.

Tá an fhreagracht as monatóireacht leanúnach ar éifeachtacht an chórais seo tarmilgthe ag an mBord chuig an gCoiste Iniúcháireachta & Rioscaí. Leagtar mionsonraí amach i ndáil le hobair an Choiste maidir leis seo i dTuairisc an Choiste Iniúcháireachta & Rioscaí ar leathanaigh 37 go 43.

Tuairiscíonn an Príomhfheidhmeannach don Bhord thar cheann na Bainisteoireachta freisin maidir le hathruithe suntasacha sa timpeallacht ghnó agus sa timpeallacht sheachtrach, a théann i bhfeidhm ar rioscaí. Is mír sheasta

cúrsaí rioscaí ar chlár oibre gach cruinniú Boird. Sa chás go n-aithnítear réimsí infheabhsaithe sa chóras, breithníonn an Bord na moltaí arna ndéanamh ag mBainisteoireacht agus ag an gCoiste Iniúcháireachta & Rioscaí.

Stiúrthóirí

Tá na Stiúrthóirí tar éis na príomhríosaí agus neamhchinnteachtaí a théann i bhfeidhm ar an nGníomhaireacht a mheas. Maidir leis seo, tá na Stiúrthóirí tagtha ar an gconclúid go bhféadfadh GAT a bheith nochta do rioscaí ó thaobh cúrsaí creidmheasa, leachtachta agus ón margadh mar gheall ar an úsáid a bhaineann sí as ionstraimí airgeadais le haghaidh cineálacha áirithe iasachtaí. Tá cuspóirí, beartais agus nósanna imeachta GAT maidir leis na rioscaí seo a thomhas agus bhainistiú leagtha amach thuas agus i Nóta 18 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais. Níl aon leasanna i scaireanna nó i mbintíúir GAT ag na Stiúrthóirí nó ag an Rúnaí.

Conarthaí

Tá an Dochtúir Aileen Hayden, Stiúrthóir, mar stiúrthóir agus cathaoirleach ar Threshold chomh maith, atá faofa le haghaidh maoiniúcháin faoi Chatagóir 2. Tharraing Threshold anuas cistí de €0.26 milliún le linn 2020 (2019: €nialas).

Imeachtaí i ndiaidh an ráitis maidir leis an staid airgeadais

Níor tharla aon imeachtaí ó dheireadh na bliana a d'fhágfadh go gcaithfí na Ráitis Airgeadais a mhionathrú nó nóta a chur leo.

An tAcht Toghcháin, 1997

Níor thug an GAT aon síntíúis pholaitíochta i rith na bliana.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Mhall in Idirbhearta Tráchtála) 2012

Tá dlíthe ar GAT ceanglais Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Mhall i leith Idirbhearta Tráchtála), 2012 a chomhlíonadh, rialacháin lenar tugadh éifeacht do Threoir Uimh. 2011/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2011 agus dá réamhtheachta, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Mhall in Idirbhearta Tráchtála), 2002. Taispeánann athbhreithniú a rinneadh ar na híocaíochtaí go léir i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2020 nach ndearnadh aon íocaíochtaí déanacha i rith 2020 faoin Acht thuas.

Tuairisc na Stiúrthóirí

(ar lean)

Taifid Chuntasaíochta

Is eol do na Stiúrthóirí a gcuid freagrachtaí faoi Ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le cibé, dar leo, gur leor taifid chuntasaíochta GAT go mbeifí in ann na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus i gceart agus an bhfuil siad ag comhlíonadh a bhfreagrachta trína chinntiú go mbeidh go leor acmhainní de chuid na cuideachta ar fáil don tasc. Coinnítear na taifid chuntasaíochta ag ofig chláraithe GAT ag 46 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2.

Rialachas Corparáideach

De réir mar a d'éiligh Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, a ghlac an GAT, d'ullmhaigh na Stiúrthóirí Ráiteas Rialachais Chorporáidigh, atá leagtha amach ar leathanaigh 32 go 36 agus ar chuid de Thuairisc na Stiúrthóirí é chun críocha na hIonstraime Reachtúla 450/2009 de chuid Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Treoir 2006/46).

Iniúcháirí

De réir Alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014, leanfaidh na hiniúcháirí, JPA Brenson Lawlor, Cuntasóirí Cairte, ar aghaidh le bheith in oifig. Molfar rún le húdarú a thabhairt do na Stiúrthóirí a luach saothair a dhéanamh amach, ag an Ollchruinniú Ginearálta.

Príomhríosaí agus neamhchinnteachtaí

Tá na Stiúrthóirí tar éis na príomhríosaí agus neamhchinnteachtaí a théann i bhfeidhm ar GAT a mheas. Maidir leis seo, tá na Stiúrthóirí tagtha ar an gconclúid go bhféadfadh GAT a bheith nochta do ríosaí ó thaobh cúrsaí creidmheasa, leachtachta agus ón margadh, go príomha, mar gheall ar an úsáid a bhaineann sí as ionstraimí airgeadais. Tá cuspóirí, beartaí agus nósanna imeachta GAT maidir leis na ríosaí seo a thomhas agus bhainistiú leagtha amach i Nóta 18 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Chuir na Stiúrthóirí i bhfeidhm socruithe nó struchtúir iomchuí a chuirfidh, dar leo, dearbhú réasúnta ar fáil do bhfuiltear ag comhlíonadh na ngnéithe ábhartha d'oibleagáidí ábhartha GAT chun críche alt 225 d'Acht na gCuideachtaí 2014 (na nOibleagáidí Ábhartha).

Is iad na príomhshocruithe agus struchtúir ar bhaint GAT leas astu, chun comhlíonadh ábhartha na n-oibleagáidí sin a chinntiú, go bhfuil pearsanta cáilithe a bhfuil an taithí

chuí acu (idir fhoireann inmheánach agus saineolaithe seachtracha) ann chun cuidiú leo na feidhmeanna comhlíonta dlí agus cánach a chomhlíonadh. Ina thaobh sin, feictear do na Stiúrthóirí go bhfuil an t-eolas agus an taithí ag Rúnaí an Chomhlachta comhairle a chur ar GAT maidir leis an méid atá a Oibleagáidí Ábhartha á gcomhlíonadh ag an gComhlacht.

Tá GAT i dteideal úsáid a bhaint as soláthraithe seirbhís agus comhairleoirí gairmiúla eile a bhfuil an t-eolas agus an taithí riachtanach acu chun comhairle a chur ar GAT maidir le comhlíonadh agus oibleagáidí ábhartha freisin.

Go háirithe, tá na Stiúrthóirí sásta go bhfuil Rúnaí na Cuideachta:

- go hiomlán faisnéisithe maidir le halt 225 d'Acht na gCuideachtaí 2014;
- ar an eolas faoi na hOibleagáidí Ábhartha agus a n-ábharthacht maidir le gnó agus oibríochtaí GAT, agus vice versa;
- tar éis measúnú riosca a dhéanamh i ndáil leis an hOibleagáidí Ábhartha sin atá laistigh dá fhreagracht fheidhmiúil agus oibríochtúil;
- tar éis an próiseas iomchuí rialaithe a chur i bhfeidhm i ndáil le gach Oibleagáidí Ábhartha infheidhmithe;
- ar an eolas riachtanach, nó in ann rochtain a fháil ar phearsanra eile a bhfuil an eolas, na scileanna, an taithí agus na hacmhainní aige aici chun comhairle a chur ar GAT maidir le comhlíonadh na nOibleagáidí Ábhartha ag an gComhlacht; agus
- ag tuairisciú go rialta do Bhord Stiúrthóirí GAT, agus trí chaineáil oibríochtúla níos minice más gá, i ndáil leis an próisis rialaithe atá i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil GAT ag comhlíonadh na nOibleagáidí Ábhartha go hábhartha;

sa chaoi is, á gcur go léir le chéile, go gcuireann na socruithe agus na struchtúir dearbhú ar fáil go bhfuil GAT ag comhlíonadh na nOibleagáidí Ábhartha go hábhartha, ar gach bealach ábhartha. Déanfaidh an Bhord athbhreithniú ar na socruithe seo go bliaintiúl ar a laghad.

Díbhinn

Níl aon díbhinn le fógairt i gcomhair 2020.

Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Bíonn na Stiúrthóirí freagrach as an tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais a ullmhú, de réir na ndlíthe agus na rialachán is infheidhme. Ceanglaíonn dlí na gcuideachtaí ar na Stiúrthóirí Ráitis Airgeadais a ullmhú i leith gach bliain airgeadais. Faoi dlí sin roghnaigh na Stiúrthóirí na Ráitis Airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí 2014 agus FRS 102 (an Caighdeán Tuairisceoireachta is infheidhme RA agus i bPoblacht na hÉireann) arna n-eisiúint ag an gComhairle Tuairisceoireachta Airgeadais. Faoi dhlí na gcuideachtaí, caithfidh na Stiúrthóirí na Ráitis Airgeadais a cheadú nuair atá siad sásta go dtugann siad léargas fíor cothrom ar ghnóthaí GAT agus ar an fharasbarr agus ar an easnamh don tréimhse sin.

Agus na Ráitis Airgeadais á n-ullmhú acu, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus ansin iad a fheidhmiú ar bhealach comhleanúnach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bheidh réasúnach agus stuama;
- gilleadh le caighdeáin cuntasaíochta, na caighdeáin sin a aithint, agus na héifeachtaí agus fáthanna ar son aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin sin a nótaíl agus;
- na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás gur mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh GAT ar aghaidh i mbun gnó.

Ceanglaítear ar na Stiúrthóirí faoi dhlí na gcuideachtaí freisin Tuairisc Stiúrthóirí a chur isteach lena n-áirítear athbhreithniú cothrom ar an ngnó agus cur síos ar na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí. Faoi Dhlí na gCuideachtaí, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí tuairisc a ullmhú le déileáil, oiread agus is ábhartha le staid ghnóthaí na cuideachta a thuiscint, le haon athrú i rith na bliana airgeadais ar chineál gnó na cuideachta.

Bíonn na Stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chearta a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnach ag am ar bith staid airgeadais na GAT agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann a Ráitis Airgeadais Acht na gCuideachtaí 2014. Bíonn siad freagrach freisin as gach beart is féidir leo a dhéanamh le réasún a dhéanamh chun sócmhainní na cuideachta a chosaint agus chun teacht roimh chalaois agus mhírialtachtaí eile agus iad a bhrath.

Bíonn na Stiúrthóirí freagrach freisin as an láithreán gréasáin (www.hfa.ie) a chothabháil agus as sláine an láithreáin. Bíonn na Stiúrthóirí freagrach freisin as Tuairisc Stiúrthóirí a ullmhú a chomhlíonfaidh ceanglais Acht na gCuideachtaí 2014.

Dearbhaíonn gach duine de na Stiúrthóirí, ar feadh eolas agus tuairim gach duine,

- go dtugann Ráitis Airgeadais na GAT, arna ullmhú de réir FRS 102, léargas fíor cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais, agus ar staid airgeadais na GAT mar a bhí ag 31 Nollaig 2020 agus ar bhrabús na GAT don bhliain dar chríoch sin; agus,
- go bhfuil an Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais, agus iad á nglacadh le chéile mar aonad iomlán, cothrom, comhardaithe agus intuigthe agus go soláthraíonn siad an fhaisnéis atá riachtanach go ndéanfaidh scairshealbhóirí measúnacht ar fheidhmíocht na GAT, mar aon lena múnla agus a straitéis gnó.

Ráiteas Faisnéisithe chuig Iniúcháir

Cinntíonn gach Stiúrthóir in oifig ag dáta ceadúcháin an tuarascáil bhliantúil seo:

- nach bhfuil aon eolas iniúchta ábhartha atá Iniúcháir na Cuideachta neamhchinnte faoi; agus
- go dearn na Stiúrthóirí gach beart ar cheart déanamh mar Stiúrthóirí le iad féin a chuir ar an eolas faoi aon eolas iniúchta ábhartha agus fáil amach go bhfuil Iniúcháir na Cuideachta ar an eolas faoin teolas.


Tá an deimhniú seo tugtha agus ba cheart féachaint air de réir foráil Alt 330 de Acht na gCuideachtaí 2014.

Thar ceann an bhoird,



Michelle Norris
Cathaoirleach

25 Márta 2021



Barry O'Leary
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

25 Márta 2021

Rialachas Corparáideach

Tá na Stiúrthóirí tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh a choinneáil agus comhlíonann siad an Cód Cleachtais athbhreithnithe do Rialachas Comhlachtaí Stáit (an Cód), mar atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí. Tá an Cód athbhreithnithe agus nuashonraithe deartha chun a chinntiú go gcomhlíonann comhlachtaí Stáit tráchtála agus neamhtráchtála na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach. Soláthraíonn sé creat chun an cleachtas is fearr a chur i bhfeidhm agus tá sé beartaithe forbairtí a chur san áireamh maidir le maoirseacht, riachtanais tuairiscithe agus ceapadh comhaltaí Boird. Tá an Cód bunaithe ar bhunphrionsabail an dea-rialachais: cuntasacht, trédhearcacht, ionracas agus fócas ar rath inbhuanaithe na heagraíochta san fhadtéarma.

Rinne an Bord athbhreithniú ar a cuid oibleagáidí le déanaí faoin gCód lena n-áireofar ceanglais bhreise ar an mBord agus ar Choistí Iniúchóireachta & Rioscaí maidir le comhsheasmhacht agus oiriúnacht cúrsaí a nochtadh, chomh maith le halt ar leith don Choiste Iniúchóireachta sa tuarascáil bhliantúil. Tá 'Ráiteas Rialachais Chorparáidigh' ullmhaithe ag na Stiúrthóirí agus leagtar an Ráiteas seo amach sa chuid seo agus, chun críocha Rialacháin Ionstraim Reachtúil 450/2009 ón gComhphobal Eorpach (Treoir 2006/46) 2009, déanann an Ráiteas seo cuid de Thuairisc na Stiúrthóirí. Tá an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit comhlíonta ag an GAT.

Cur i bhFeidhm Phrionsabail agus Fhorálacha Chód Rialachais Chorparáidigh RA

Míníonn an t-eolas seo a leanas an chaoi a gcuireann GAT prionsabail agus forálacha an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bord na Stiúrthóirí

Déanann an Bord na mórchinntí straitéiseacha, agus coinníonn sé aige féin an rialú lánéifeachtach ach san am céanna tugann sé don bhainistíocht feidhmiúcháin dóthain solúbthachta chun an gnó a reáchtáil go héifeachtúil éifeachtach laistigh de fhrámaíocht lárnaithe tuairisceoireachta.

Tá sceideal foirmiúil ábhair a bhaineann le GAT agus a treo sa todhchaí coinnte aige féin ag an mBord le cinntí a dhéanamh ina leith, amhail gnóthachtálacha agus diúscairtí móra, ceapachán agus aistriú Rúnaí na Cuideachta, buiséid caiteachais agus beartais um bainistiú riosca. Tugann gach Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin breithiúnas neamhspleách leis nó léi i leith na ngnóthaí a bpléann an Bord leo, lena n-áirítear na cinn sin a bhaineann le straitéis, feidhmíocht, acmhainní agus caighdeáin iompraíochta. Is féidir le gach comhalta den Bhord teacht ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta, a bhíonn freagrach as a chinntiú go leantar nósanna imeachta an Bhoird agus go gcomhlíontar na rialacha agus na rialacháin is infheidhme. Bíonn comhairleoirí gairmiúla GAT ar fáil le haghaidh comhairliúcháin leis na Stiúrthóirí de réir mar is gá. Féadfaidh Stiúrthóirí Aonair comhairle ghairmiúil neamhspleách a ghlacadh, más gá, ar chostas na Gníomhaireachta.

Ar 31 Nollaig 2020, bhí Bord na Stiúrthóirí comhdhéanta de dheichniúr Stiúrthóir neamh-fheidhmiúcháin agus Stiúrthóir feidhmiúcháin amháin. Ceapann an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta na Stiúrthóirí i gcomhchomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar feadh tréimhse nach mó ná cúig bliana, ach amháin sa chás gur cuí leis an Aire Stiúrthóir a athcheapadh ar feadh an dara téarma. Bíonn ról an Chathaoirligh agus ról an Phríomhfheidhmeannaigh scartha ó chéile. Fostaítear an Príomhfheidhmeannach ar bhonn lánaimseartha agus ní bhíonn aon ghnóthaí suntasacha eile ar a chúram. Bíonn gach Stiúrthóir eile, ach amháin an POF, ina Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin neamhspleacha. Tháinig an Bord le chéile seacht n-uaire in 2020 agus bíonn sé freagrach as GAT a bhainistiú i gceart.

Rialachas Corparáideach (ar lean)

Tinreamh ag cruinnithe i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2020 agus fad seirbhíse ag an 31 Nollaig 2020

Comhaltaí	Cruinnithe a reáchtáladh	Tinreamh Stiúrthóirí	Fad Seirbhíse ar an mBord
Michelle Norris (Cathaoirleach neamhfheidhmiúcháin)	7	7	8.81 bliain
Barry O' Leary (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)	7	7	5.67 bliain
Padraic Cafferty (Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin)	7	7	8.75 bliain
Emma Cunningham (Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin)	7	7	4.00 bliain
Clare Curley (Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin)	7	7	4.00 bliain
Brian Fitzpatrick (Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin)	7	7	3.82 bliain
Aideen Hayden (Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin)	7	7	3.82 bliain
William Johnston (Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin)	7	7	3.82 bliain
Lianne Patterson (Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin)	7	6	3.82 bliain
Derek Rafferty (Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin)	7	7	4.00 bliain
Jennifer Ward (Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin)	7	6	3.82 bliain

Tá Bord GAT comhdhéanta de dhaoine aonair a thugann raon leathan agus fairsinge taithí do ghníomhaíochtaí GAT, agus iad roghnaithe as measc saineolaithe i réimsí amhail beartas tithíochta, luacháil tithíochta, na Ranna Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus Airgeadais. agus ba cheart go gcumasóidís do GAT aghaidh a thabhairt ar dhúshlán ollmhóra amach anseo.

Luach Saothair agus Bainistiú na Stiúrthóirí

Cinneann an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht leibhéal luach saothair na Stiúrthóirí. Ní bhíonn luach saothair na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin nasctha le feidhmíocht. Tugann an tábla thíos mionsonraí na dtáillí go léir a focadh le Stiúrthóirí i rith na bliana.

Comhaltaí	Táilí 2020 €	Táilí 2019 €
Michelle Norris*	-	-
Padraic Cafferty	7,695	7,695
Emma Cunningham	-	-
Clare Curley	-	-
Brian Fitzpatrick	7,695	7,695
Aideen Hayden	7,695	7,695
William Johnston	7,695	7,695
Michael Murray	-	5,248
Lianne Patterson	7,695	7,695
Derek Rafferty	-	-
Jennifer Ward	7,695	7,695
Iomlán	46,170	51,418

* Ghearr an Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath suim €9,000 i rith 2020 (2019: €9,000) mar chúiteamh in uaireanta oibre a chaill Michealle Norris mar gheall ar am a chaith sí i mbun a cuid dualgas mar Chathaoirleach ar GAT in 2020.

Tá mionsonraí ar luach saothair an Stiúrthóra Feidhmiúcháin/an Phríomhfheidhmeannaigh i nóta 8 de na Ráitis Airgeadais.

Rialachas Corparáideach

(ar lean)

Eitic in Oifig Phoiblí

Tá an GAT san áireamh i Ionstraim Reachtúil uimh. 699 de 2004 le haghaidh an Acht um Eitice in Oifigí Phoiblí 1995 agus 2001. Comhlíon Comhaltaí an GTA agus foireann cuí á oibleagáid faoin reactaíocht seo.

Nochtuithe Cosanta

De réir Alt 21 den tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014, bhunaigh agus caomhnaíonn an GAT nósanna do fostaí reatha agus iar-fhostaí le nochtuithe cosanta a dhéanamh i dtaca leis an GAT agus a chuid oibre agus a le déileáil le nochtuithe mar sin. Tá eolas scríofa i dtaca le na nósanna seo curtha ar fáil do gach fostaí. Is féidir teacht ar pholasaí an GAT ar a shuíomh: <http://www.hfa.ie/hfa/Live/Release/WebSite/HomePage/ProtectedDisclosuresReport.html>. Deimhníonn an GAT nár tuairisciú aon nochtuithe cosanta chugú le linn 2020.

Ceartha an Duine agus Comhionannas

De réir Alt 42 den Acht um Choimisiún um Chearta an Duine agus Comhionannas na hÉireann, 2014 tá nósanna imeachta bunaithe agus cothabhála ag an GAT chun deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn agus ceartha daonna na ndaoine a úsáideann seirbhísí na Gníomhaireachta, daoine a dtéann a cuid beartas i bhfeidhm orthu agus daoine atá fostaíthe a chosaint. ag an nGníomhaireacht. Maidir le 2020 ní dhearnadh aon nochtadh don Gníomhaireacht faoin Acht um Choimisiún um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

Costais Riaracháin

Ag teacht le hAguisín B.7 den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, seo a leanas an líon fostaíthe ar sháraigh a sochair gearrthéarmaca €60,000 sa bhliain (costais phinsin an fhostóra as an áireamh):

€	Líon.
120,001-130,000	1
110,001-120,000	-
100,001-110,000	1
90,001-100,000	-
80,001-90,000	1
70,001-80,000	1
60,001-70,000	1

Chomh maith leis sin, de réir mar a cheanglaítear faoi Aguisín B.5 den Chód, seo a leanas an caiteachas ar comhairleoireacht sheachtrach/seirbhísí comhairleoireachta le haghaidh 2020:

Táillí dlíthiúla: €1,761,916 (2019: €1,899,632). Tá táillí dlíthiúla ceangailte go díreach le líon na dtíolachtaí atá á gcur i gcrích, líon atá ag méadú. Tá sé sin amhlaidh mar gheall ar leibhéil níos airde na n-iarratas ar iasachtaí chun críocha tithíochta ó chomhlachtaí tithíochta ceadaithe.

Táillí comhairleoireachta bainistíochta: €5,669 (2019: €7,246).

B'ionann iomlán na speansas arna n-aisíoc le Stiúrthóirí le haghaidh taistil agus cothabhála agus: €2,588 (2019: €3,615) agus don taisteal idirnáisiúnta (i ndáil le RA agus AE) agus €677 (2019: €nialas).

B'ionann na speansas le haghaidh taistil agus cothabhála d'fhostaithe agus: €4,000 (2019: €11,609) agus don taisteal idirnáisiúnta (i ndáil le RA agus AE) agus €nialas (2019: €550).

Caiteachas ar fháilteachas agus €601 (2019: €2,280).

Éagsúlacht

Creideann an Bord go bhfuil an éagsúlacht tábhachtach don éifeachtacht agus tá siad tar éis a bheith ag leanúint na díospóireachta ó thaobh inscne, aoise, cultúir, cúlra oideachais agus taithí gairmiúil. Cé nach gcreideann an Bord go bhfuil cuótaí sonracha maidir le critéir cosúil le hinscne cuí agus go gcreideann an Bord gur chóir go dtabharfaí deiseanna ar bhonn fiúntais, creideann an Bord go bhfuil meascán ilghnéitheach de chúlra ó thaobh scileanna, taithí agus eolais tábhachtach, agus tá inscne ina chuid shuntasach den mheascán sin.

Faoi mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2020, bhí seisear ban mar stiúrthóirí ar an mBord, as aon chomhalta déag. Ag breathnú amach ón mBord féin, aithníonn GAT tábhacht na héagsúlachta lena n-áirítear éagsúlacht ó thaobh inscne agus na sochair a d'fhéadfadh seo a thabhairt don eagraíocht. Bíonn an Príomhfheidhmeannach agus na fostaíthe faoi réir Cóid Iompraíochta agus caithfidh siad gach ceanglas reachtúil a chomhlíonadh, mar atá, an tAcht um Stádas Comhionann (2000), an tAcht um Chomhionannas (2004), an tAcht um Míchumas (2005) Cuid 5 agus an tAcht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) (2008), lena chinntiú go mbeidh an timpeallacht oibre saor ó idirdhealú bunaithe ar bhallraíocht de phobal an Lucht Siúil, ar chine, ar

Rialachas Corparáideach (ar lean)

náisiúntachta, ar dhath nó ar bhunús eitneach, ar reiligiún nó chreideamh, ar aois, mhíchumas, chlaonadh gnéis, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh nó inscne i ndáil le fostaíocht agus oiliúint cheirde nó gairmoiliúint.

Coistí Boird

Tá struchtúr éifeachtach de choistí ag an mBord chun cabhrú leis a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Féach ar na téarmaí tagartha do gach coiste boird atá ar fáil ar láithreán gréasáin GAT, www.hfa.ie.

Coist Iniúcháireachta & Rioscaí

Féach ar Thuairisc an Choiste Iniúcháireachta & Rioscaí igh idir 37 go 43.

Coiste Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2020, bhí na Stiúrthóirí seo a leanas ina gcomhaltaí den Choiste Airgeadais:

An tOllamh Michelle Norris (Cathaoirleach), Clare Curley, William Johnston agus Derek Rafferty. Cumhachtaítear an Coiste Airgeadais thar cheann GAT le hairgead a fháil ar iasacht agus a thiomsú agus chun aon áiseanna ceadaithe a chur i ngníomh, a úsáid agus a fheidhmiú. Feidhmíonn an Coiste faoi théarmaí tagartha foirmiúla atá ceadaithe ag na Stiúrthóirí.

Níor tháinig aon chúinsí chun cinn le linn 2020 a chuir iallach ar an gCoiste Airgeadais cruinniú a thionól.

Coiste um Luach Saothair

Amhail an 31 Nollaig 2020, bhí na Stiúrthóirí seo a leanas ina gcomhaltaí den Choiste um Luach Saothair: An tOllamh Michelle Norris (Cathaoirleach), Clare Curley agus Derek Rafferty.

Fágann Téarmaí Tagartha an Choiste um Luach Saothair go mbíonn sé i dteideal moltaí a dhéanamh i ndáil le luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh lena mbreithniú ag an mBord, faoi réir cheadú a fháil ón Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Leagtar amach díolaíochtaí i Nóta 9 de na Ráitis Airgeadais de réir cheanglais Alt 155 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Níor tháinig aon chúinsí chun cinn le linn 2020 a chuir iallach ar an Choiste um Luach Saothair cuinniú a thionól.

Coiste Creidmheasa

Tá Coiste Creidmheasa GAT comhdhéanta de chomhaltaí Boird agus an Bhainistíocht. Bunaíodh an Coiste sa bhliain 2009 chun rioscaí creidmheasa a choimeád faoi chuimsiú bheartas an Bhoird, le hathbhreithniú a dhéanamh ar acmhainneacht chreidmheasa CTCanna agus le teorainneacha maidir rioscaí creidmheasa a cheadú agus sula dtéitear ar aghaidh chun airgead dá leithéid a thabhairt ar airleacan do CTCanna. Feidhmíonn an coiste faoi théarmaí tagartha foirmiúla atá ceadaithe ag an mBord.

Tinreamh ag cruinnithe i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2020

Comhaltaí	Cruinnithe a reáchtáladh	Tinreamh Comhaltaí
Michelle Norris	11	9
Barry O' Leary	11	11
Padraic Cafferty	11	11
Tom Conroy	11	8
Seán Cremen	11	11
Brian Fitzpatrick	11	11
Aideen Hayden	11	10
William Johnston	11	10
Maria O'Reilly*	2	2
Jennifer Ward	11	7

* Ceapadh Maria O'Reilly chun an bhoird ar 22 Deireadh Fómhair 2020.

Ionduchtú agus Forbairt Ghairmiúil

Tá próiseas ionduchtaithe ann do Stiúrthóirí nua. Athraíonn a mbíonn i gceist leis idir Stiúrthóirí Feidhmiúcháin agus Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin. Maidir leis an dara grúpa, tá an t ionduchtú deartha le Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin a chur ar an eolas faoi GAT agus a cuid oibriúcháin, agus cuimsítear soláthar ábhair faisnéise ábhartha, lena n-áirítear mionsonraí de phleananna oibríochtúla agus straitéiseacha na GAT, mar aon le clár cruinnithe leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus le lucht na Bainistíochta.

Rialachas Corparáideach (ar lean)

Caidreamh le páirtithe leasmhara

Coinníonn na Stiúrthóirí agus an Bhainistíocht plé leanúnach ar bun le páirtithe leasmhara GAT maidir le ceisteanna straitéiseacha. Bíonn ceadú ón Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agus/nó ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe riachtanach i leith gnóthaí sainithe áirithe agus coinnítear cumarsáid leanúnach ar bun leis na hAirí, trína Ranna, i leith na ngnóthaí sin.

Ríomhphost tiomnaithe le haghaidh comhaltaí Oireachtais

Tá ríomhphost tiomnaithe ag an GAT do chomhaltaí Oireachtais chun go bhféadfaí fiosrúite GAT a dhéanamh – oireachtas.enquiries@hfa.ie. Fuair GAT fiosrú amháin dá leithéid i 2020 (2019: dhá fhiosrú). Cuireadh admháil go bhfuarthas an ríomhphost sin agus freagraíodh é in am trátha.

Cuntasacht agus Iniúchóireacht

Cuntais agus Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na Stiúrthóirí tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar Thuarascáil Bhliantúil 2020 agus tá siad den tuairim go gcuireann sé measúnú cóir, fíorchheart, cothrom i láthair de staid agus ionchais GAT.

Ráiteas maidir le hInmharthanacht

Rinne na Stiúrthóirí measúnú ar inmharthanacht GAT ag cur san áireamh a staid reatha agus na príomhrioscaí a gcaithfidh GAT aghaidh a thabhairt orthu don chéad dá bhliain eile go dtí an 31 Nollaig 2022. Ghlac na Stiúrthóirí leis go bhfuil tréimhse dhá bhliain ina thréimhse iomchuí don mheasúnú bliantúil fócais a gcaithfear próiseas pleanála straitéisí GAT a chur i bhfeidhm lena linn.

Sa mheasúnú breithníodh an fheidhmíocht, maoiniú agus bainistiú leachtachta atá ann faoi láthair ag GAT, maille le creat rialachais agus eagrúcháin GAT a bhféachann an eagraíocht lena mbainistiú agus, más féidir, riosca a mhaolú, de réir mar atá sonraithe i Nóta 18. Tugadh faoi agus ceapadh measúnú ar na príomhrioscaí os comhair an GAT le iad sin atá éifeacht acu ar na hoibríochtaí, rialú agus córais rialaithe inmheánach san áireamh. Tá sonraithe seo san áireamh i Nóta 18. Tá ionchas réasúnta ag na Stiúrthóirí, ag cur staid reatha GAT san áireamh, agus faoi réir na rioscaí a sainithníodh, go leanfaidh GAT ag feidhmiú agus go leanfaidh sé ag comhlíonadh a dhliteanas, de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn thar thréimhse dhá bhliain an mheasúnaithe.

Ráiteas faoi Chomhlíonadh Rialachais Chorporáidigh

Iniúchóireacht inmheánach

Mar gheall ar mhéid na GAT agus ar a bhfuil i gceist léi, níl feidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí saor ó fhreagracht oibriúcháin. Tá na Stiúrthóirí sásta áfach go dtugtar leibhéal leordhóthanach neamhspleáchais d'fheidhm na hiniúchóireachta inmheánaí chun lígean di a cuid dualgas a chomhlíonadh ar bhealach oibiachtúil atá sách neamhspleách.

Nochtadh maidir leis an scéim shochar sainithe do Stiúrthóirí


Chomhlíon na Stiúrthóirí na treoirínte maidir le nochtadh a leagtar amach sa Chód Cleachtais do Chomhlachtaí Stáit.

Thar ceann an bhoird,



Michelle Norris
Cathaoirleach

25 Márta 2021



Barry O'Leary
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

25 Márta 2021

Tuairisc an Choiste Iniúcháireachta & Rioscaí

Is é cuspóir an Choiste Iniúcháireachta & Rioscaí, de réir a théarmaí tagartha, cabhrú leis an mBord lena mhaoirseacht ghinearálta ar thuairisceoireacht airgeadais, rialuithe inmheánacha agus ar fheidhmeanna iniúcháireachta GAT. Comhlíontar freagrachtaí an Choiste Iniúcháireachta trína chruinnithe agus trí thuairiscí a fháil ón mBainistíocht, ón gCoiste Bainistíochta Rioscaí (ina bhfuil an Príomhfheidhmeannach, an Ceannasaí Cistíochta agus Rúnaí na Cuideachta), comhairleoirí seachtracha agus na hiniúcháirí seachtracha agus inmheánacha. Tá clár oibre ag an gCoiste Iniúcháireachta, de réir a Théarmaí Tagartha, don bhliain lena n-áirítear:

- monatóireacht ar an bpróiseas tuairisceoireachta airgeadais, ar ionracas na ráiteas airgeadais agus ar aon fhógraí foirmiúla a bhaineann le feidhmíocht GAT ó thaobh cúrsaí airgeadais;
- monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht shocruithe GAT maidir le rioscaí a bhainistiú agus cúrsaí a rialú go himmheánach;
- athbhreithniú a dhéanamh ar bhreitheanna suntasacha maidir leis an tuairisceoireacht airgeadais;
- athbhreithniú a dhéanamh ar aon athruithe a bheartaítear a dhéanamh ar chleachtais rialachais chorparáidigh agus tacaíocht a thabhairt go nglacfaidh an Bord na hathruithe sin;
- monatóireacht a dhéanamh ar Iniúcháireacht reachtúil na Ráiteas Airgeadais Bliantúil;
- athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht, ar oibiachtúlacht, ar cháilíochtaí agus ar neamhspleáchas an Iniúcháir Seachtraigh;
- moltaí a dhéanamh don Bhord i ndáil le ceapachán an Iniúcháir Seachtraigh, luach saothair is téarmaí fostaíochta na nIniúcháirí a cheadú;
- déileáil le saincheistanna suntasacha maidir le rialú a tharraingítear anuas de bharr Iniúcháireachta Inmheánaigh nó Seachtraí; agus
- athbhreithniú a dhéanamh ar chostas cistí agus ar na rátaí úis a ghearrtar.

De réir Alt 289 d'Acht na gCuideachtaí 2014, caithfidh na ráitis airgeadais léargas fíor agus cóir a thabhairt ar na sócmhainní, na dliteanais agus an staid airgeadais, amhail ag deireadh na bliana airgeadais, agus brabús nó caillteanas, don bhliain airgeadais.

Tuairiscíonn an Coiste Bainistíochta Rioscaí seo don Choiste Iniúcháireachta agus don Bhord ar bhonn rialta. Rinne an Bord athbhreithniú bliantúil ar riosca airgeadais an GAT ag a chruinniú ar 25 Márta 2021.

Cruinnithe a socraíodh don Choiste Iniúcháireachta & Rioscaí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020

Comhaltaí	Cruinnithe a reáchtáladh in 2020	Tinreamh Stiúrthóirí
Brian Fitzpatrick (Cathaoirleach an Choiste)	4	4
Emma Cunningham	4	4
Aideen Hayden	4	4
Lianne Patterson	4	2
Derek Rafferty	4	3
Jennifer Ward	4	3

Freastalaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Ceann an Státchiste, an Rúnaí Cuideachta agus ionadaí an Iniúcháir Seachtracha ar chuireadh.

Monatóireacht ar Ionracas na Ráiteas Airgeadais lena n-áirítear Breitheanna Suntasacha

Tuairisceoireacht Airgeadais

Faigheann agus measann an Coiste Iniúcháireachta & Rioscaí tuairiscí rialta maidir le feidhmíocht airgeadais ón mBainisteoireacht i rith na bliana, agus treoraíonn an Coiste obair an Iniúcháir Inmheánaigh agus faigheann tuairiscí uaidh maidir leis an obair sin. Pléann an Coiste straitéis agus fócas iniúcháireachta an Iniúcháir Seachtraigh freisin.

Agus faisnéis ó na gníomhaíochtaí seo á gcur san áireamh chomh maith le dearcaí ó chruinnithe Bhord na Stiúrthóirí, rinne an Coiste Iniúcháireachta amach rioscaí buntábhachtacha na tuairisceoireachta airgeadais a bhaineann le hinfhaighteacht mhaoiniúcháin agus gnóthas leantach agus le socruithe d'fhiacha amhrasacha a thagann chun cinn ar iasachtaí i ndiaidh 1986, i gcomhthéacs choinníollacha reatha an mhargaidh.

Pléadh na saincheistanna seo leis an mBainisteoireacht i rith na bliana agus leis an Iniúcháir seachtrach tráth ar cuireadh críoch leis an Iniúcháireacht Sheachtrach ar na Ráitis Airgeadais. Thug an Bhainisteoireacht le fios don Choiste

Tuairisc an Choiste Iniúcháireachta & Rioscaí (ar lean)

Iniúcháireachta go raibh Ráitis Airgeadais iniúchta GAT ullmhaithe de réir Acht na Cuideachta 2014 agus IFRS 102.

San áireamh leis an athbhreithniú seo, bhí plé leis an mBainisteoireacht faoi cháilíocht, ní amháin inghlacthacht phrionsabail chuntasaíochta na GAT, réasúntacht na meastachán agus na mbreitheanna suntasach, agus a shoiléire a nochtadh cúrsaí i Ráitis Airgeadais GAT, lena n-áirítear an méid a nochtadh a bhain le meastacháin chriticiúla ó thaobh cúrsaí cuntasaíochta.

Infhaighteacht mhaoinúcháin agus gnóthas leantach

Is ar bhonn an ghnóthais leantaigh a rinneadh na Ráitis Airgeadais seo a ullmhú. Tá Clár na Nótaí faoi Ráthaíocht faoi ráthaíocht an Aire Airgeadais agus éascaíonn sin le hiasachtaí a eisiúint lena mbaineann aibíocht 30 mbliana ar a mhéad ó dháta a n eisithe. Ag deireadh 2020 b'ionann meánaibíocht fhiachas GAT agus 5.16 bliain (2019: 4.0 bliain). Cuireann sé seo maoiniú cobhsaí ar fáil do bhonn maoiniúcháin phunann iasachtaí GAT agus laghdaíonn sé go mór an riosca gearrthéarmach leachtachta le haghaidh GAT.

Meastar go méadóidh na phróifíl aibíochta leachtachta in 2021 de réir mar a fhaightear rochtain amach anseo ar mhaoiniú fadtéarmach ag ráta seasta trí mheán an Chláir GN le comhaontuithe déthaobhacha le GBCN agus leis an mBanc Eorpach Infheistíochta agus le Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa. Chomh maith leis sin, beidh rochtain leanúnach ag GAT ar GBCN agus ar an rótharraingt Bhainc do riachtanais ghearrthéarmacha leachtachta, de réir mar is gá.

Tá an Coiste Iniúcháireachta & Rioscaí sásta lena nochtadh sna Ráitis Airgeadais seo maidir lena oiriúnaí is atá an toimhde maidir le gnóthas leantach agus maidir leis an rochtain ar mhaoiniú.

Mírátitis

Dearbhaigh an Bhainisteoireacht don Choiste Iniúcháireachta & Rioscaí nach raibh siad ar an eolas faoi aon mhirátitis ábhartha nó neamhábhartha a rinneadh d'aon ghnó go gcuirfí cás ar leith i láthair.

Idirchaidreamh leis an mBainisteoireacht

Mar chuid den phróiseas leis na ráitis airgeadais a cheadú, faigheann an Coiste Iniúcháireachta & Rioscaí agus déanann sé léirmheas ar pháipéar arna ullmhú ag an mBainisteoireacht lena leagtar amach na rioscaí suntasacha a théann i bhfeidhm ar GAT, measúnacht mhionsonraithe na Bainisteoireachta ar na rioscaí sin agus ar an mbealach a dhéantar iad a mhaolú.

Tugann an Coiste Iniúcháireachta agus Rioscaí dúshlán na dtóimhde agus na mbreitheanna a bhíonn sna tuairiscí seo ón mbainisteoireacht sula gcuirtear na Ráitis Airgeadais faoi bhráid an Bhoird lena bhfaomhadh. Féach ar leathanaigh 37 go 43 de na Ráitis Airgeadais le haghaidh tuilleadh eolais a bhaineann le freagrachtaí leanúnacha an Choiste Iniúcháireachta & Rioscaí i leith rialuithe inmheánacha GAT.

Moladh go gCeadófaí na Ráitis Airgeadais

De thoradh na léirmheasanna agus na gcomhráite seo leis an mbainisteoireacht agus de thoradh na hiniúcháireachta inmheánaí agus thuairiscí an Iniúcháir Seachtraigh don Choiste Iniúcháireachta & Rioscaí, thuairiscigh an Coiste Iniúcháireachta don Bhord go measann siad go bhfuil na Ráitis Airgeadais, agus iad á nglacadh le chéile mar aonad iomlán, cothrom, comhardaithe agus intuigthe agus go soláthraíonn siad an fhaisnéis atá riachtanach go ndéanfaidh páirtithe leasmhara measúnacht ar fheidhmíocht na cuideachta, mar aon lena múnla agus a straitéis gnó. Mhol an Coiste Iniúcháireachta freisin go gcuirfí na Ráitis Airgeadais iniúchta san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil GAT don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020.

Iniúcháireacht Sheachtrach

Tairiscintí ó Ghnólachtaí Iniúcháireachta

In 2018 áfach, chun tréimhse iniúcháireachta seachtraí 2018-2020 a chlúdach, agus ba iad JPA Brenson Lawlor buaiteoirí na tairisceana. Mhol an Bord go gceapfaí JPA Brenson Lawlor mar iniúcháir seachtrach neamhspleách ar feadh tionachta 3 bliana.

Neamhspleáchas ár n-iniúcháir seachtraigh a chinntiú

Is ábhar iontach dáiríre é neamhspleáchas an iniúcháir dar leis an gCoiste Iniúcháireachta & Rioscaí agus déantar athbhreithniú ar an scéal go bliantúil. Phléigh an Coiste Iniúcháireachta & Rioscaí neamhspleáchas na gnólachta le JPA Brenson Lawlor agus leis an mbainisteoireacht agus ní raibh aon saincheisteanna le nótaíl.

In 2020, seachas obair iniúcháireachta, níor bronnadh aon seirbhís eile nár seirbhís iniúcháireachta í, ar ár iniúcháir seachtrach neamhspleách. Rinne an Coiste Iniúcháireachta & Rioscaí, trína théarmaí tagartha, athbhreithniú ar obair, nach obair iniúcháireachta a bhí ann, a rinne an t-iniúcháir seachtrach agus dhearbhaigh nach bhfuil aon éifeacht aimhleasach ar an neamhspleáchas iarbhair, nó mar a fheictear an neamhspleáchas, nó ar oibiachtúlacht na hoibre iniúcháireachta í féin.

Tuairisc an Choiste Iniúcháireachta & Rioscaí (ar lean)

Déanann Bord na GAT monatóireacht ar sholáthar seirbhísí nach seirbhísí iniúcháireachta iad, a thugann an t-iniúcháir seachtrach agus déanann an Coiste Iniúcháireachta amhlaidh tríd an athbhreithniú leanúnach ar speansais riaracháin. Mar nach raibh aon seirbhís, nach seirbhís iniúcháireachta í, a cuireadh ar fáil le linn 2020, níl aon choimhlint mar sin le neamhspleáchas an iniúchára.

Táillí le haghaidh seirbhísí iniúcháireachta agus neamhiniúcháireachta d'iniúcháirí neamhspleácha JPA Brenson Lawlor

Bliain dar chríoch	31 Nollaig 2020 €'000	31 Nollaig 2019 €'000
Iniúcháireacht ar ráitis airgeadais	34	34
Seirbhísí comhairleacha cánach	-	-
Seirbhísí eile	-	-
Iomlán luach saothair na nIniúcháirí	34	34

Idirchaidreamh le hiniúcháirí seachtracha

Soláthraíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Rioscaí nasc idir an Bord agus an tIniúcháir Seachtrach agus tá sé neamhspleách ar bhainistíocht GAT. Tá JPA Brenson Lawlor, iniúcháir reachtúil GAT, freagrach as iniúcháireacht neamhspleách a dhéanamh ar Ráitis Airgeadais GAT de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (Éirinn). Tá údarás agus freagracht deiridh ag an gCoiste Iniúcháireachta & Rioscaí maidir le gnólaacht iniúcháireachta neamhspleách GAT a roghnú, a chúiteamh, meastóireacht a dhéanamh uirthi, agus i gcás gur cuí, ath-ghnólaacht a chur ina háit. De réir Alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014, leanfaidh an t-iniúcháir, JPA Brenson Lawlor, Cuntasóirí Cairte, ar aghaidh le bheith sa ról seo.

Déanann an Coiste Iniúcháireachta & Rioscaí gach seirbhís dá bhfuil le soláthar ag na hiniúcháirí seachtracha a cheadú roimh ré. Áirítear leis na seirbhísí sin a cheadaítear roimh ré, seirbhísí iniúcháireachta, seirbhísí a bhaineann le hiniúcháireacht, comhairle chánach agus seirbhísí eile.

Tá sé d'údarás ag an gCoiste Iniúcháireachta & Rioscaí a chuid comhairleoirí féin ón taobh amuigh a fhostú freisin, lena n-áirítear saeolaithe i réimsí cuntasaiochta áirithe,

de réir mar is cuí dar leis, seachas abhcóidí nó comhairleoirí arna bhfostú ag an mBainisteoireacht.

Próiseas iniúcháireachta seachtraí a mheasúnú

Déanann an Coiste athbhreithniú ar fheidhmíocht an Iniúchára Seachtraigh go bliantúil ag deireadh an timthrialla iniúcháireachta bliantúla. Leis an Athbhreithniú, déantar aiseolas ón mBainisteoireacht agus ó fhoireann na GAT a bhfuil lámh acu sa phróiseas iniúcháireachta, a chur san áireamh in éineacht le hathbhreithniú ar leibhéal na seirbhíse a sholáthraíonn JPA Brenson Lawlor do GAT. Bunaithe ar a bhreithniú ar an aiseolas, in éineacht lena mheasúnacht leanúnach féin, mar shampla trí cháilíocht thuairiscí na n-iniúcháirí seachtracha don Choiste, agus idirghníomhaíocht chomhpháirtí na hiniúcháireachta leis an gCoiste, tá an Coiste Iniúcháireachta & Rioscaí sásta go leanann JPA Brenson Lawlor ar aghaidh le bheith ag soláthar seirbhíse iniúcháireachta éifeachtaí.

Bainistíocht Rioscaí

Faoi mar a forordaíodh leis an gCód Cleachtais athbhreithnithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit, ghlac an Bord agus Coiste Bainistíochta Rioscaí foirmiúil, atá comhdhéanta de lucht na Bainisteoireachta Sinsearaí, leis an Chlár Rioscaí atá i bhfeidhm ó 2009 agus a mbíonn maoirsiú á dhéanamh ag an gCoiste Iniúcháireachta and Rioscaí air. Bainistíonn an Príomhfheidhmeannach, an Ceannasaí Cistíochta agus Rúnaí na Cuideachta rioscaí na GAT le chéile agus freagracht chomhionann orthu ar fad, in áit Príomhoifigigh Rioscaí, faoi mar a cheadaítear faoin gCód Cleachtais. Déanann an Coiste athbhreithniú ar an Chlár Rioscaí go rialta. Bíonn an mhonatóireacht ar rioscaí, i gcónaí, ina mhír ag cruinnithe Boird. Is gnó airgeadais é GAT agus mar sin is rioscaí airgeadais na rioscaí a bhaineann leis an ngnó sin (i.e. rioscaí creidmheasa, margaidh agus leachtachta) agus tá rioscaí cisteáinbhainteacha ag baint leis freisin. Tá cur síos níos sonraí ar na rioscaí sin i Nóta 18 ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais.

D'fhorbair GAT próiseas um bainistiú rioscaí a áiríonn athbhreithnithe leanúnacha ar a phunann iasachtaí agus airleacain agus athbhreithniú leanúnach ar rioscaí cisteáinbhainteacha, a chuireann ar a chumas bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí sin. Ghlac Bord GAT Beartas Creidmheasa i ndáil le hiasachtaí le CTCanna in 2013 agus déantar uasdátú rialta air sin, agus tharla an t-uasdátú is déanaí i mí Dheireadh Fómhair 2020.

Tuairisc an Choiste Iniúcháireachta & Rioscaí (ar lean)

Baineann riosca iarmharach le hiasachtaí ar rátaí seasta go príomha. Déileáiltear leis seo trí bheartas um chúlchistí agus chorríagh faoi mar a phléitear i Lámhleabhar um Beartais agus Nósanna Imeachta GAT agus freisin laistigh de Chlár na Rioscaí den Chreat is Beartas um Bainistíocht Rioscaí. Ó thaobh Chlár Comhardaithe GAT, tagann riosca ráta úis chun cinn i gcás ina n-eascraíonn athrú ar chostas an mhaoiniúcháin atá ann cheana as gluaiseacht i rátaí úis, athrú nach bhfuil fritháiríthe le hathrú comhfhreagrach ar an ioncam saothraithe ó iasachtaí atá ann cheana, as a dtiocfaidh tionchar dearfach nó diúltach ar bhrabúsacht reatha nó ar bhrabúsacht sa toadhcháí. Chun an riosca sin a thomhas, rinne Bainistíocht GAT samhail nua Riosca Ráta Úis (RRÚ) a fhorbairt leis an neamhchosaint RRÚ gan íoc a ríomh ar bhonn bliantúil (an bearna bliantúil) do gach dlíteanas agus sócmhainn ar ráta seasta, suas go dtí a ndáta athphraghsála. Tá athbhreithniú déanta ag iniúcháirí seachtracha GAT ar an tsamhail RRÚ agus tuairisc tugtha faoi.

Déanann GAT athbhreithniú cuimsitheach ar rioscaí go bliantúil, rud a cheadaíonn an Bord agus a dhéanann cuid de bheartas GAT um rátaí úis agus chúlchistí i gcomhair blianta ina dhiaidh. Cuirtear an Bord ar an eolas ar bhonn ráithiúil maidir le dálaí nua agus déantar gníomhartha ceartaitheacha más gá.

Measúnaíonn an Coiste Iniúcháireachta & Rioscaí ábhartha mar atá:

- neamhréir rioscaí ráta úis;
- rioscaí maidir le maoiniú, leachtacht agus gnóthas leantach;
- riosca creidmheasa a bhaineann le hiasachtaí d'údaráis áitiúla i ndiaidh 1986;
- riaráistí morgáistí údaráis áitiúla;
- riosca creidmheasa a bhaineann le hiasachtaí do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta;
- riosca creidmheasa a bhaineann le hinstiúidí ardoideachais;
- riosca creidmheasa a bhaineann le hiasachtaí d'údaráis áitiúla roimh 1986; agus
- céim pinsin le sochair shainithe.

Iasachtaí rialtais áitiúla roimh 27 Bealtaine 1986

Maidir le hiasachtaí a thugann GAT d'údaráis áitiúla, bíonn GAT faoi dhlíteanas i leith aon chaillteanas creidmheasa a thagann chun cinn ó mhorgáistí roimh Bhealtaine 1986, a

urraítear leis an mbunmhaoín mhorgáiste agus le hárachas um chosaint morgáiste. As suim €7.5 milliún de na hiasachtaí a tugadh roimh Bhealtaine 1986 agus a bhí fós amuigh ag 31 Nollaig 2020 (2019: €8.6 milliún), níl ach €5.2 milliún (2019: €5.3 milliún) díobh sin fós dlíte do na húdaráis áitiúla ó na hiasachtaithe bunúsacha agus tá soláthar iomlán ann de €2.7 milliún ann le haghaidh lagú.

Tá bearna an €2.3 milliún (2019: €3.4 milliún) tagtha chun cinn toisc nach gceanglaítear ar na húdaráis áitiúla iomlán na suimeanna airgid a fhaigheann siad i ndáil le fuascailtí agus aisíocaíochtaí a chur ar ais chuig GAT, faoi mar a cheadaítear faoi théarmaí na háise iasachta. Is é tuairim an Bhoird, cosúil le hiasachtaí a tugadh i ndiaidh 1986, nach fiú le háireamh é aon riosca creidmheasa, seachas riosca ceannasach. Tá comhthaobhacht ag údaráis áitiúla i gcoinne fuilleach €5.2 milliún na n-iasachtaí a tugadh roimh 27 Bealtaine 1986, i bhfoirm leasanna morgáiste ar mhaoín. Is nuair nach leor an chomhthaobhacht sin chun an fiachas a urscaoileadh go mbíonn GAT faoi dhlíteanas i leith aon chaillteanas um lagú a thiocfaidh chun cinn, agus sa chás sin amháin.

Ceanglaítear ar iasachtaithe aonair Árachas um Chosaint Morgáiste a bheith acu ar a gcuid réadmhaoine. Clúdaíonn an tÁrachas seo an t-iasachtaí i gcás a báis nó míchumais maidir le suim na hiasachta atá amuigh, gan riaráistí san áireamh.

Iasachtaí rialtais áitiúla i ndiaidh 27 Bealtaine 1986

Meastar nach fiú le háireamh é riosca na haisíocaíochta maidir le hiasachtaí a tugadh ar airleacan d'údaráis áitiúla ar nó i ndiaidh 27 Bealtaine 1986, seachas riosca ceannasach, ós rud é gur le húdaráis áitiúla atá an gaol dlíthiúil, agus ní bhraitheann an riosca ar athruithe ar phraghsanna tithe ná ar athruithe eacnamaíocha eile. I gcomhthéacs:

- (a) údaráis áitiúla a bheith ina gcomhlachtaí reachtúla faoin Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus achtacháin eile;
- (b) a n-ioncaim nó a gcistí a bheith mar urrús don íocaíocht atá dlíte do GAT sna suimeanna go léir atá dlíte ó údaráis áitiúla (mar atá leagtha amach sa chomhaontú idir gach údarás áitiúil agus GAT);
- (c) go gceadaíonn an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht gach iasacht airleachta d'údaráis áitiúla;

Tuairisc an Choiste Iniúcháireachta & Rioscaí (ar lean)

- (d) go dtuigeann an Bord go dtacaíonn an Rialtas láir le húdaráis áitiúla agus iad ag freastal ar a n-oibleagáidí do GAT; agus,
- (e) nach deach aon chaillteanais do GAT de bharr a hiasachtaí a tugadh ar airleacan d'údaráis áitiúla i ndiaidh 1986;

is é tuairim an Bhoird nach fiú le háireamh é aon riosca creidmheasa, seachas riosca ceannasach, maidir le hiasachtaí a tugadh ar airleacan údaráis áitiúla ar nó tar éis 27 Bealtaine 1986, agus níor taifeadadh aon fhorálacha caillteanais iasachta i leith na n-iasachtaí sin. Tá an Coiste Iniúcháireachta & Rioscaí sásta le húsáid an tuairim seo in ullmhú na ráitis airgeadais seo agus le nochtú na cúinsí seo. Mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2020, tar éis ath-idirbheartaíocht a bheith déanta i leith téarmaí iasachtaí áirithe, bhí gach údarás áitiúil suas chun dáta maidir lena gcuid aisíocaíochtaí sceidealaithe sa phunann seo (féach ar nóta 18(a)). Níor bhain aon chaillteanais don GAT ar a cuid iasachtaí a tugadh ar airleacan d'údaráis áitiúla i ndiaidh 1986.

Iasachtaí do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta

Go dtí 2011, thug an Rialtas deontais mhaoiniúcháin do CTCanna, trí údaráis áitiúla, don tithíocht shóisialta. Agus an ghéarchéim eacnamaíochta ag teacht chun cinn, agus na diansrianta ar chúrsaí buiséid dá bharr, bhí réasúnaíocht ann le hairgeadas iasachtaí a thabhairt isteach le bheith in ionad deontas, agus le hiasachtaí a thabhairt do CTCanna go díreach chun cur ar a gcumas tionscadail tithíochta sóisialta a chur i gcrích go tráthúil. Tugadh ról lárnach don GAT san obair le maoiniúchán iasachtaí a sholáthar don earnáil, is rátaí agus gráid iomaíocha ar lár, ag an am, sa mhargadh.

Bhunaigh GAT próiseas le CTCanna a mheasúnú le haghaidh stádais mar 'Chomhlacht Deimhnithe', .i. cinn a measadh a bheith oiriúnach le hairgeadas iasachtaí a sholáthar. Tá dhá chuid i gceist leis an bpróiseas measúnachta do CTCanna. Athbhreithniú corparáideach atá caighdeánach sa mhargadh is ea an chéad cheann lena n-úsáidtear mairís scórála chun feidhmíocht reatha, rialachas corparáideach, agus pleananna forbartha agus airgeadais a mheasúnú. Tugtar an t-iarratas os comhair Choiste Creidmheasa GAT ansin lena bhreithniú. Ina dhiaidh sin, bronnar stádas mar Chomhlacht Deimhnithe ar iarratasóirí agus is féidir leo iarratas a dhéanamh ar mhaoiniúchán ar bhonn cás-ar-chás ansin. Tacaíonn Áis Léasúcháin Airleacain Chaipitil (ÁLAC), atá státmhaoinithe le hiarratais ar thionscadail, mar a dhéanann an Comhaontú Íocaíochta & Infhaighteachta (PAA).

I mí na Nollag 2015, sheol GAT tionscnamh iasachtaithe a bhí dírithe go sonrach ar CTCanna ar Leibhéal 2 nach bhfuil ina gComhlachtaí Deimhnithe faoi láthair. Leis an táirge seo, díritear ar CTCanna a bhfuil riachtanais iasachtaithe acu ó €0.25 milliún suas go dtí €1.5 milliún agus tá sé saindeartha go sonrach i dtreo éadálacha maoine. Tairgtear an t-iasachtú ar bhonn ráta úis inathraithe thar 30 bliain nó le hiasachtaí lena mbaineann ráta seasta (ag athrú ar ais chuig ráta inathraithe ina dhiaidh sin). Níl ar CTCanna atá ag Ciseal 2 agus a chuireann isteach ar an táirge nua dul trí phróiseas athbhreithnithe creidmheasa GAT.

Tá fás suntasach tar éis teacht ar ghníomhaíocht na CTCanna sa bhliain 2020, agus tacaíocht láidir ó GAT trína raon méadaithe d'iasachtaí ar rátaí seasta lena n-áirítear táirgí don éadail, tógáil nua agus cíos in ionad morgáiste. Go háirithe, chuidigh an maoiniú ón Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN), ón mBanc Eorpach Infheistíochta ("BEI") agus ó Bhanc Forbartha Chomhairle na hEorpa ("BCE") le go dtabharfaí isteach ráta seasta fadtéarmach ag an ráta reatha de 2.25% ar feadh 30 bliain, agus tá sé sin tar éis an baol rioscaí a bhaineann leis an timpeallacht ráta úis a laghdú go mór d'iasachtaí ó GAT do CTCanna. Tá GAT fós muiníneach gur féidir leis ról lárnach a bheith aige chun a chinntiú go dtacófar le pleananna forbartha ach maoiniú iomaíoch solúbtha a sholáthar a fhreastalóidh ar riachtanais earnáil na CTCanna.

Iasachtaí le Institiúidí Ardoideachais

Ligeann Alt 51 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus Tionóntachtaí Cónaithe, 2016, don GAT iasachtaí a thabhairt d'institiúidí ardoideachais chun cóiríocht nua do mhic léinn a fhorbairt. Ligeann na cumhachtaí seo d'institiúidí ardoideachais rochtain a fháil ar mhaoiniú ráta seasta fadtéarmach fadtéarmach GAT do thithíocht mac léinn ar an gcampas agus lasmuigh de, agus ar an gcaoi sin costais na dtionscadal sin d'Ollscoileanna a laghdú go suntasach agus inacmhainneacht do mhic léinn a fheabhsú. Tá sé de bhuntáiste breise ag soláthar cóiríochta nua do mhic léinn an stoc cíosa atá ann cheana a shaoradh chun tacú le tithíocht shóisialta agus inacmhainne breise.

San am i láthair tá trí Ollscoil ar ceadaíodh a n-iarratais iasachta le iomlán de €157m le 1,428 seomra codlata do mhic léinn a sholáthar.

Táthar ag súil go gheofar níos mó iarratais iasachta sa míonna le theacht. Réamhíoc an GAT cistí de €49 milliún (2019: €60) go trí Institiúid Ardoideachais le linn 2020.

Tuairisc an Choiste Iniúcháireachta & Rioscaí

(ar lean)

Cistíocht

Tiomsaíonn GAT maoiniúchán, le tacaíocht ráthaíochta ón Aire Airgeadais, go príomha tríd GBCN, údaráis áitiúla agus trí ghníomhaireachtaí idirnáisiúnta amhail an Banc Eorpach Infheistíochta agus Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa. Tiomsaítear maoiniúchán imeallach tríd GBCN agus úsáid á baint as Clár na Nótaí faoi Ráthaíocht faoi shocrú praghsála comhaontaithe faoi mar atá faofa ag an mBord.

Athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha

Bíonn na Stiúrthóirí freagrach as córas rialaithe inmheánaigh a choinneáil ar bun a sholáthraíonn deimhniú réasúnta i dtaobh oibriúcháin éifeachtach éifeachtúil, i dtaobh an rialaithe inmheánaigh airgeadais, agus go bhfuil dlíthe agus rialacháin á gcomhlíonadh. Sa chomhthéacs seo, tugann an Coiste Iniúcháireachta & Rioscaí aird ar na nithe a oireann, dar leo, do ghnó GAT, d'ábharthacht na rioscaí airgeadais oibriúcháin a bhíonn de dhlúth agus d'inneach an ghnó, agus do na costais agus na tairbhí coibhneasta i dtaca le sainrialuithe a chur i ngníomh. Tá beartas leagtha amach ag GAT ina Lámhleabhar Beartas agus Nósanna Imeachta lenar féidir le fostaithe nithe atá ina n-údar imní a tharraingt anuas, faoi rún, faoi nithe a d'fhéadfadh a bheith ina mírialtachtaí i dtuairisceoireacht airgeadais nó nithe eile.

Dhéabhlóidigh an Bord an tasc an athbhreithnithe mionsonraithe ar rioscaí, don Choiste, agus bíonn seo ina mhír sheasta ar chlár oibre chruinnithe an Choiste Iniúcháireachta & Rioscaí. Tuairiscíonn an Coiste Iniúcháireachta & Rioscaí, agus déanann moltaí don Bhord ina dhiaidh sin, faoina gcuid torthaí, agus tá sé curtha de chúram ar an mBord maoirseacht a dhéanamh ar rioscaí agus moltaí ón gCoiste a bhreithniú. Ag formhór chruinnithe an Choiste Iniúcháireachta & Rioscaí, déantar athbhreithniú ar réimse amháin de rioscaí faoi mar a thuairiscítear go mion in Clár Rioscaí GAT.

Dearadh córas um rialú inmheánach GAT chun deimhniú réasúnta, ach ní deimhniú absalóideach, a sholáthar in aghaidh an riosca go dtarlódh earráidí ábhartha, calaíocht nó caillteanais. D'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh duine in ann teacht timpeall ar rialuithe inmheánacha, nó iad a sháru. Anuas air sin, mar gheall ar athrú ar chúinsí, d'fhéadfadh go mbeadh athrú ar éifeachtúlacht chórais rialaithe inmheánaigh le himeacht aimsire agus féachann lucht bainistíochta na Gníomhaireachta leis na córais rialaithe inmheánacha a leasú in am trátha de réir mar a thagann athrú ar chúrsaí an ghnó bunaidh.

Déanann an tIniúcháir Inmheánach córais GAT um rialú inmheánach a shonrú agus a mheas, mar bhonn don tuairisceoireacht ar leordhóthanacht agus éifeachtacht na gcóras. Comhaontaítear plean faofa leis an gCoiste Iniúcháireachta & Rioscaí agus pleanálann, déanann agus measann an tIniúcháir Inmheánach a chuid oibre bunaithe ar an sceideal sin. Má aimsítear laigí suntasacha a bheith ar na rialuithe inmheánacha laistigh de shampla ar bith a thástáiltear, sa chás sin, filleann an t-Iniúcháir Inmheánach ar a bheith ag déanamh tástálacha substainteacha ar na réimsí mar ar aimsíodh na rialuithe a bheith mí-éifeachtach/lochtach. Déanann an Coiste Iniúcháireachta & Rioscaí athbhreithniú ar na tuairiscí a dhéanann an t-Iniúcháir Inmheánach faoi dhó sa bhliain agus bíonn cruinniú príobháideach ag an Iniúcháir Inmheánach leis an gCoiste uair sa bhliain, gan an bhainisteoireacht a bheith i láthair, áit ar féidir leis an Iniúcháir Inmheánach nó leis an gCoiste, aon saincheisteanna a tharraingt anuas.

Tá struchtúr eagrúcháin bunaithe ag na Stiúrthóirí lena ngabhann freagracht shainmhínithe as an rialú inmheánach le haghaidh gach comhchuid de ghnó GAT agus déanann an Príomhfheidhmeannach tuairisc ina leith sin go foirmiúil uair sa bhliain, i dtéarmaí leis an bhfreagracht ghaolmhar as athbhreithniú a dhéanamh go tréimhsiúil ar éifeachtacht rialú inmheánach den sórt sin agus déanann an tIniúcháir Inmheánach tástáil air i rith na bliana agus eisítear tuairiscí don Choiste Iniúcháireachta & Rioscaí faoi dhó sa bhliain.

Is iad seo a leanas comhchodanna buntábhachtacha an chórais um rialú inmheánach:

- struchtúr eagraíochta atá sainmhínithe go soiléir agus lena ndéantar dualgaí agus teorainneacha údarais a idirdhealú óna chéile go cuí;
- doiciméadú á dhéanamh ar rialuithe inmheánacha airgeadais i Lámhleabhar um Beartais agus Nósanna Imeachta, a ndéanann an Bord athbhreithniú go leathbhliantúil orthu, agus ceadaíonn an Bord aon athruithe dá ndéantar ina dhiaidh sin orthu;
- teorainneacha agus nósanna imeachta atá sainmhínithe go soiléir le haghaidh caiteachais airgeadais lena n-áirítear cúrsaí soláthair agus caiteachas caipitil;
- buiséid bhliantúla (agus bealaí chun torthaí iarbhair a chur i gcomparáid le buiséid i rith na bliana) agus pleananna fadtéarmacha don GAT ina sonraítear príomhrioscaí agus deiseanna;

Tuairisc an Choiste Iniúcháireachta & Rioscaí (ar lean)

- (e) cuntais bhainistíochta mhíosúla a ullmhaítear agus a gcuirtear i láthair an Bhoird;
- (f) déanann iniúcháir inmheánach athbhreithniú ar chórais agus ar rialuithe buntábhachtacha airgeadais;
- (g) pléann Coiste Iniúcháireachta & Rioscaí le haon cheisteanna suntasacha maidir le rialú a tharraingítear anuas in Iniúcháireacht inmheánach nó Sheachtrach; agus,
- (h) ullmhú agus eisiúint tuairiscí airgeadais, an Tuarascáil Bhliantúil san áireamh, á mbainistiú ag an Rannóg Airgeadais faoi mhaoirseacht an Choiste Iniúcháireachta & Rioscaí; lena n-áirítear an Tuarascáil Bhliantúil, arna bainistiú ag an Rannóg Airgeadais le maoirseacht ón gCoiste Iniúcháireachta & Riosca. Déantar an próiseas tuairiscithe airgeadais a rialú ag úsáid na mbeartas doiciméadaithe cuntasáíochta. Cé go mbíonn freagracht ar na Stiúrthóirí as na Ráitis Airgeadais a ullmhú, tacaíonn an Bhainistíocht Shinsearach leis na Stiúrthóirí, chomh maith le comhairleoirí gairmiúla, mar shampla achtúire, a bhfuil sé d'fhreagracht orthu agus iad cuntasach as faisnéis a sholáthar de réir na mbeartas comhaontaithe lena n-áirítear tabhairt chun críche agus réiteach faisnéise airgeadais i gcórais phróiseála. Cuirtear taca lena cháilíocht trí shocruithe maidir le hidirdhealú idir dualgais chun seiceálacha neamhspleácha ar iomláine na dtuairiscí airgeadais a éascú. Tá an fhaisnéis airgeadais do gach bliain faoi réir a hathbhreithnithe ag an mBainistíocht Shinsearach sula gcuirtear í faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta í. Déanann an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú ar an Tuarascáil Bhliantúil freisin sula gcuirtear i láthair an Bhoird í d'fhonn a fhaomhadh.

Tá athbhreithniú agus plé leis an mBainisteoireacht déanta ag an gCoiste Iniúcháireachta & Rioscaí ar a mheasúnacht agus ar a thuairisc ar éifeachtacht chóras um rialú inmheánach na GAT ar thuirisceoireacht airgeadais mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2020.

Plé leis an Iniúcháir

Tá tuairisc ón Iniúcháir Seachtrach faighte agus pléite ag an gCoiste Iniúcháireachta & Rioscaí maidir leis na torthaí ón idirghníomhaíocht hiniúcháireachta seachtraí, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis na rioscaí a tugadh le fios thuas. Thuairiscigh an tIniúcháir Seachtrach don Choiste Iniúcháireachta & Rioscaí faoi na míraitís a fuair siad i rith a gcuid oibre agus níl aon suimeanna ábhartha gan choigeartú fós ann.

Éifeachtacht an Choiste

Déanann idir an Bord agus an Coiste féin athbhreithniú ar éifeachtacht an Choiste ar bhonn bliantúil. Tar éis athbhreithnithe dá leithéid, tá an Coiste sásta a thabhairt le fios go meastar gur chomhlíon sé a chuid dualgas, de réir a théarmaí tagartha, ar bhealach éifeachtach éifeachtúil.

Conclúid

Tar éis don Choiste Iniúcháireachta & Rioscaí súil a thabhairt ar ar cuireadh i láthair agus ar na tuairiscí ón mBainisteoireacht agus ón Iniúcháireacht Inmheánach, agus dearcaí a chuir an t-Iniúcháir Seachtrach in iúl curtha san áireamh, tá an Coiste Iniúcháireachta & Rioscaí sásta go dtugtar aghaidh go cuí ar na breitheanna criticiúla agus ar na meastacháin bhuntábhachtacha sna Ráitis Airgeadais i leith na suimeanna a dtuairiscítear ina dtaobh agus a nochtadh araon. Tá an Coiste sásta freisin go ndearnadh grinnscrúdú leordhóthanach ar, agus gur tugadh a ndúshlán, do na toimhdí suntasacha a úsáideadh chun luach sócmhainní agus dlíteanas a dhéanamh amach.

Thar ceann an Choiste Iniúcháireachta & Rioscaí,



Brian Fitzpatrick
Cathoirleach an Choiste

25 Márta 2021

Tuairisc an Iniúcháir Neamhspleáigh do Chomhaltaí na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta Cpt

Tuairim

Tá iniúcháireacht déanta againn ar Ráitis Airgeadais na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta cpt (“an cuideachta”) don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 lena n-áirítear an Ráiteas Ioncaim, an Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh, an Ráiteas faoi Ríocht Airgeadais, an Ráiteas faoi Athruithe i nGnáthscaireanna, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara. Is é Acht na gCuideachtaí 2014 agus FRS 102 An Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus Éire.

Is é ár dtuairim:

- go dtugann na Ráitis Airgeadais léargas fíor cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar riocht airgeadais na cuideachta mar a bhí an 31 Nollaig 2020 agus ar a gnóthú don bhliain dar chríoch sin;
- gur ullmháíodh na Ráitis i gceart de réir FRS 102 An Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus Éire; agus
- ullmháíodh na Ráitis i gceart de réir an chreata tuairisceoireachta airgeadais ábhartha agus, go háirithe, Acht na gCuideachtaí 2014.

Bunús leis an tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Éire) agus de réir an dlí is infheidhme. Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin thíos sa chuid Na freagrachtaí atá ar an Iniúcháir maidir leis an iniúchadh ar na ráitis airgeadais den tuarascáil uainn. Táimid neamhspleách ar an gcuideachta de réir na gceanglas eithe is ábhartha maidir leis an iniúchadh a dhéanaimid ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticíúil arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúcháireachta agus Cuntasíochta na hÉireann, agus chomhlíonamar na freagrachtaí eiticíúla eile atá orainn de réir na gceanglas sin.

Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuairamar chun bunús a thabhairt leis an tuairim uainn.

Ár measúnacht ar rioscaí maidir le míráiteas ábhartha

Is iad na rioscaí maidir le míráitis ábhartha a dtugtar tuairisc mhionsonraithe fúthu sa chuid seo den tuairisc na rioscaí sin atá measta againn, inár dtuairim ghairmiúil, mar rioscaí a raibh an éifeacht is mó acu ar: an straitéis iniúcháireachta fhoriomlán; leithdháileadh na n-acmhainní inár n-iniúcháireacht; agus ar a bheith ag stiúradh iarrachtaí na foirne a fostaíodh. Dearadh ár nósanna imeachta iniúcháireachta a bhaineann leis na rioscaí seo i gcomhthéacs ár n-iniúcháireachta ar na Ráitis Airgeadais mar aonad iomlán. Ní mhodhnaítear ár dtuairim maidir leis na Ráitis Airgeadais i leith aon cheann de na rioscaí seo, agus ní chuirimid tuairim in iúl maidir leis na rioscaí aonair seo.

Agus muid ag teacht ar ár dtuairim iniúcháireachta thuas maidir leis na Ráitis Airgeadais, is iad seo a leanas na rioscaí a raibh an éifeacht is mó acu ar ár n-iniúcháireacht:

Eiseadh agus in-aisghabhálacht iasachtaí

Tá riosca ann nach ann d'iasachtaí atá ar leabhar iasachtaí na Gníomhaireachta, nó go bhfuil cistí eisiótha do chomhlachtaí seachas na húdaráis áitiúla nó comhlachtaí tithíochta ceadaithe. Tá riosca ann freisin nach mbeifear in ann iasachtaí a aisghabháil agus go dtagann riosca creidmheasa chun cinn ar leabhar iasachta í na Gníomhaireachta, go háirithe iasachtaí i ndiaidh na Bealtaine 1986, a dhéanann cuid shubstaintiúil de leabhar iasachtaí na Gníomhaireachta.

Roghnaíomar sampla iasachtaí a bhí amuigh ar dháta an ráiteas faoi riocht airgeadais, lena n-áirítear iasachtaí a tugadh ar airleacan i rith na bliana. Thugamar súil ghéar ar an gcáipéisíocht chun tacú le gach ceann de na hiasachtaí seo, agus rinneamar athríomhadh ar na suimeanna a bhí fós amuigh ar gach ceann de na hiasachtaí ar dháta an ráiteas faoi riocht airgeadais, ag tagairt d'ionchuir bhuntábhachtacha amhail rátaí úis agus stair aisíocaíochta. I ngach cás, phléamar stádas gach iasachta leis an mbainisteoireacht. I ndáil leis an in-aisghabhálacht, bhreithníomar an méid a nochtadh i dTuairisc an Choiste Iniúcháireachta go háirithe i ndáil le hin-aisghabhálacht iasachtaí i ndiaidh na Bealtaine 1986. Táimid sásta gur cuí measúnacht na bainisteoireachta nach bhfuil aon riosca creidmheasa ann ar iasachtaí i ndiaidh na Bealtaine 1986.

Tuairisc an Iniúcháir Neamhspleáigh

do Chomhaltaí na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta Cpt (ar lean)

Conclúidí ag baint le gnóthas leantach

Agus na ráitis airgeadais á n-íniúchadh againn, tháinig muid ar an gconclúid gur iomchuí úsáid na stiúrthóirí ar bhonn cuntasáíochta an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú. Bunaithe ar an obair a rinneamar, níor shainaithníomar aon neamhchinnteachtaí ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh, ina n-aonair nó i dteannta a chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an GAT leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta nuair a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint. Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo.

Faisnéis Eile

Is iad na stiúrthóirí atá freagrach as an bhfaisnéis eile. Cuimsítear leis an bhfaisnéis eile an fhaisnéis atá san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil GAT, seachas na ráitis airgeadais agus tuairisciúil an iniúcháir uainn ina leith. Ní chuimsítear sa tuairim uainn ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, ach amháin sa mhéid a luaitear a mhalairt go sainráite sa tuarascáil uainn, ní léirímid aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

Maidir lenár n-íniúchadh ar na ráitis airgeadais, is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuaireamar san iniúchadh, nó ar cosúil go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Má aithnímid neamhréireacht ábhartha den sórt sin nó ráiteas a ndealraíonn sé gur míráiteas ábhartha é, ní mór dúinn a chinneadh an bhfuil aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó an ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile. Más rud é, ar bhonn na hoibre a rinneamar, go gcinnimid go ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile sin, ní mór dúinn an méid sin a thuairisciú.

Níl aon ní le tuairisciú againn i dtaca le seo.

Tuairimí ar nithe eile atá leagtha amach ag Acht na gCuideachtaí 2014

Bunaithe ar an obair a rinneadh le linn na hiniúcháireachta amháin, tuairiscíonn muid go bhfuil an méid seo a leanas amhlaidh, inár dtuairim:

- tá an t-eolas atá tugtha i dTuarascáil na Stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais; agus
- tá Tuarascáil na Stiúrthóirí ullmhaithe i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla infheidhme.

Tá an t-eolas agus na mínithe go léir faighte againn a mheasann muid is gá chun críocha na hiniúcháireachta.

In ár dtuairim, bhí taifid cuntasáíochta na cuideachta dóthanach le go gceadófaí iniúchadh gan mhoill agus mar is ceart ar na ráitis airgeadais, agus tagann na ráitis le na taifid cuntasáíochta.

Cúrsaí faoina bhfuil muid ceangailte tuairisc a thabhairt trí eisceacht

Bunaithe ar an eolas agus an tuiscint ar an GAT agus a timpeallacht a fuarthas le linn na hiniúcháireachta, níl aon mhíráiteas ábhartha sainaitheanta againn i dTuarascáil na Stiúrthóirí.

Níl aon ní le tuairisciú againn i leith ár n-oibleagáid faoi Acht na gCuideachtaí 2014 tuairisciú daoibh más rud é nach ndéantar, inár dtuairim, nochtadh luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí mar atá sonraithe in alt 305 go halt 312 den Acht.

Na Freagrachtaí atá ar na Stiúrthóirí

Mar a dtugtar míniú níos iomláine air sa Ráiteas um Fhreagrachtaí an Bhoird, is iad na stiúrthóirí atá freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais agus as a bheith deimhin gur léargas fíorcheart a thugtar iontu agus as cibé rialú inmheánach a chinnfidh na stiúrthóirí is gá ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó de bharr earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú ag na Stiúrthóirí, tá siad freagrach as cumas na cuideachta a mheas maidir le leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, ag nochtadh, de réir mar is infheidhme, cúrsaí a bhaineann le gnóthas leantach agus an bonn cuntasáíochta gnóthais leantaigh a úsáid ach amháin má tá sé i gceist ag na stiúrthóirí na cuideachta a leachtú nó scor de na hoibríochtaí, nó mura bhfuil de rogha réalaíoch acu ach é sin a dhéanamh.

Tuairisc an Iniúchára Neamhspleáigh do Chomhaltaí na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta Cpt (ar lean)

Freagrachtaí an Iniúchára as iniúchadh na ráiteas airgeadais

Is iad ár gcuspoirí dearbhú réasúnta a fháil go bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chlaois nó ar bhotún, agus tuarascáil iniúchára a eisiúint ina mbeidh ár dtuairim. Is ionann dearbhú réasúnta agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní ionann é agus ráthaíocht go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir le CICA (Éire) míráiteas ábhartha i gcónaí. Féadfaidh míráitis eascairt as caolaíocht nó botún agus meastar iad a bheith ábhartha más rud é go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnta go n-imreodh siad tionchar, go haonair nó go comhiomlán, ar chinntí eacnamaíocha déanta ag úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síis breise dár fhreagrachtaí ag iniúcháireacht táitis airgeadais le fáil ar shuíomh IAASA ag: [http://www.iaasa.ie/Publications/Auditing-standards/1International-Standards-on-Auditing-for-use-in-Ire/International-Standards-on-Auditing-\(Ireland\)/ISA-700-\(Ireland\)](http://www.iaasa.ie/Publications/Auditing-standards/1International-Standards-on-Auditing-for-use-in-Ire/International-Standards-on-Auditing-(Ireland)/ISA-700-(Ireland)). Tá an cur síos seo mar pháirt dár tuairisc iniúcháireachta.

Feidhm ár n-obair iniúcháireachta agus iad sin a bhfuil ár gcuid freagrachtaí ina leith

Tá an tuairisc seo á déanamh do chomhaltaí na cuideachta amháin, mar chomhlacht, de réir alt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Rinneadh ár n-obair iniúcháireachta ionas go mbeimis in ann a rá le comhaltaí na cuideachta na nithe sin is gá dúinn a rá leo i dtuairisc iniúchára agus ní chun aon chríoch ar bith eile. A mhéid is a cheadaítear leis an dlí, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid orainn féin freagracht d'aon duine eile seachas don cuideachta agus comhaltaí na cuideachta mar chomhlacht, as ár n-obair iniúcháireachta, as an tuairisc seo nó as na tuairimí atá déanta againn.



Ian Lawlor,

Le haghaidh agus thar ceann JPA Brenson Lawlor Cuntasóirí Cairte, Gnólacht Iniúcháireachta Reachtúil

Cearnóg Earra Ghaidheal Bóthar
Morehampton Domhnach Broc
Baile Átha Cliath 4
Éire

25 Márta 2021

Ráiteas Ioncaim

	Nóta	31 Nollaig 2020 €'000	31 Nollaig 2019 €'000
Ioncam Úis	5	80,698	64,348
Speanas Úis	6	(22,371)	(23,225)
Glan ioncam ó Ús		58,327	41,123
Caiteachas Riaracháin	8	(1,657)	(1,705)
Léas Oibriúcháin	8	(196)	(197)
Dímheas ar Shócmhainní Inláimhsithe	7, 12	(53)	(53)
Costais Riaracháin Eile	9	(150)	-
Gnóthachan ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh ioncam/speansas		56,271	39,168
Ioncam Airgeadais	10	-	-
Speansais Airgeadais	10	(8)	-
Gnóthachan ar ghnáthghníomhaíochtaí i ndiaidh ioncaim airgeadais		56,263	39,168

Déanann na nótaí a ghabhann leis seo ar leathanaigh 52 go 82 dlúthchuid de na Ráitis Airgeadais.

Thar cheann an Bhoird,



Michelle Norris
Cathaoirleach

25 Márta 2021



Barry O'Leary
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

25 Márta 2021

Ráiteas Ioncaim Cuimsitheach

	Nóta	31 Nollaig 2020 €'000	31 Nollaig 2019 €'000
Gnóthachan ar ghnáth-ghníomhaíochtaí i ndiaidh ioncaim airgeadais		56,263	39,168
Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireachta	17	(842)	(662)
Ioncam cuimsitheach iomlána don bhliain airgeadais		55,421	38,506

Ráiteas ar Staid an Airgeadais

	Nóta	31 Nollaig 2020 €'000	31 Nollaig 2019 €'000
Sócmhainní			
Airgead tirim agus a choibhéis in airgead tirim	11	987	361
Réadmhaoín, gléasra agus trealamh	12	104	98
Íasachtaí agus airleacain	13	5,281,392	4,732,893
Fiachóirí agus infháltas eile	14	3,543	3,824
Sócmhainní iomlána		5,286,026	4,737,176
Dliteanais			
Urrúis fiachais in eisiúint	15	4,290,761	3,936,119
Íasachtaí bainc	16	698,684	561,022
Easnamh na scéime pinsean	17	1,603	744
Ábhair iníoctha eile		1,042	776
Dliteanais iomlána		4,992,090	4,498,661
Cothromas			
Scairchaipiteal glaoite	20	39	39
Barrachas coinnithe	21	293,897	238,476
Cothromas iomlán		293,936	238,515
Dliteanais agus cothromas iomlán		5,286,026	4,737,176


Déanann na nótaí a ghabhann leis seo ar leathanaigh 52 go 82 dlúthchuid de na Ráitis Airgeadais.

Thar cheann an Bhoird,



Michelle Norris
Cathaoirleach

25 Márta 2021



Barry O'Leary
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

25 Márta 2021

Ráiteas ar Athruithe sa Chothromas

	Scairchaipiteal €'000	Tuilleamh Coimeádta €'000	Iomlán €'000
Iarmhéid ag 1 Eanáir 2019 mar a tuairiscíodh cheana féin	39	238,476	238,515
Brabús don bhliain	-	56,263	56,263
Gnóthachain achtúireacha ar scéimeanna pinsin le sochar sainithe	-	(842)	(842)
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2020	39	293,897	293,936

Ráitis Sreabhaidh Airgid

	31 Nollaig 2020 €'000	31 Nollaig 2019 €'000
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Brabús don bhliain airgeadais	56,263	39,168
<i>Coigeartuithe do:</i>		
Dímheas	53	53
Costais Achtúireacha Pinsin	(842)	(662)
Glanmhéadú in iasachtaí agus i réamhíochta	(548,324)	(746,650)
Glanlaghdú i creidiúnaithe eile	1,127	1,096
(Glanlaghdú)/Glanméadú i bhféichiúnóirí	107	(71)
Airgead tirim glan ginte ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	(491,616)	(707,066)
Sreafaí airgid ó gníomhaíochtaí infheistíochta		
Ceannachán do Réadmhaoin, gléasra agus trealamh	(58)	(65)
Airgead tirim glan úsáidte i gníomhaíochtaí infheistíochta	(58)	(65)
Sreafaí airgid ó gníomhaíochtaí maoiniúcháin		
Gluaiseacht iasachtaí	492,302	706,902
Airgead tirim glan úsáidte i gníomhaíochtaí maoiniúcháin	492,302	706,902
(Glanméadú)/Glanlaghdú in Airgead tirim agus coibhéisí airgid	626	(228)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana	361	589
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana	987	361

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais

1. Faisnéis Reachtúil

Cuideachta phoiblí theoranta is ea an Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta a bhfuil sainchónaí uirthi i bPoblacht na hÉireann, uimhir chlárúcháin 87513. Tá an oifig chláráithe lonnaithe ag 46, Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2.

2. Caighdeán Chuntasaíochta a Chomhlíonadh

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairisceoireachta Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairisceoireachta Airgeadais. Ní raibh aon chásanna ábhartha ann lenar imíodh ón gcaighdeán sin.

3. Beartais Chuntasaíochta

Bonn ullmhúcháin

Cuireadh i bhfeidhm na beartais chuntasaíochta seo a leanas go comhleanúnach i ndéileáil leis na míreanna ar measadh iad a bheith ábhartha ó thaobh Ráitis Airgeadais GAT.

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais de réir an choinbhinsiúin costais stairiúil de réir mar a modhnaíodh ag athluacháil ar shócmhainní áirithe seasta.

Tá na ráitis airgeadais ag cloí le FRS 102, an Caighdeán Tuairisceoireachta Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairisceoireachta Airgeadais, de réir mar atá fógartha ag Cuntasóirí Cairte Éireann. Tá na beartais chuntasaíochta leagtha amach anseo thíos agus cuireadh iad i bhfeidhm go comhleanúnach i ngach tréimhse sna Ráitis Airgeadais seo.

Toisc chineál ghnó GAT agus mar gheall ar na cineálacha idirbhearta a bhíonn ar bun aige, tá na Stiúrthóirí tar éis an Ráiteas Ioncaim a chur in oiriúint do chúinsí an ghnó de réir Alt 3, Cuid II d'Acht na gCuideachtaí 2014. Roghnaigh na Stiúrthóirí a Ráitis Airgeadais a chur i láthair san fhormáid a úsáideann institiúidí airgeadais comhchosúla.

Rochtain ar Mhaoiniúchán agus Gnóthas Leantach

Is ar bhonn an ghnóthais leantaigh a rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú. Agus an measúnú seo á dhéanamh ag Bord na Stiúrthóirí faoi acmhainn GAT leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, chuir siad na rioscaí agus neamhchinnreachtaí suntasacha san áireamh a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar GAT, go háirithe maidir le deacrachtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn i ndáil le rochtain ar mhaoiniúchán.

Baineann struchtúr ráta inathraithe le formhór mór na n-iasachtaí ó GAT, agus baineann struchtúr cosúil leis sin leis an maoiniúchán a fhaightear chun na hiasachtaí sin a sholáthar. Is é an Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) príomhmaoinitheoir GAT trí Chlár na Nótaí. Tá Clár na Nótaí faoi ráthaíocht ag an Aire Airgeadais agus eascaíonn sé éisiúint go uasaibíocht tríocha bliain ó dháta eisithe.

I mí Eanáir 2016, tugadh isteach socrú nua praghsála le GBCN lena ndéantar an ráta úis d'eisiúintí nua (seasta nó comhlúthacha) a phraghsáil bunaithe ar chuar toraidh bhannaí Rialtas na hÉireann don aibíocht faoi seach móide corrlach atá comhaontaithe idir an dá pháirtí. Ag deireadh 2020 bá é 5.2 bliain (2019: 4.0 bliain) meánaibíocht GAT. Cheannaigh GBCN €1.59bn in GNanna amhail ag 31 Nollaig 2020 (2019: €1.91bn).

Tá na Stiúrthóirí sásta go bhfuil raon imleor de roghanna maoiniúcháin ar fáil, ionas go mbeidh GAT in ann maoiniú leanúnach a sholáthar dá chustaiméirí agus go leanfaidh sé ag feidhmiú amach anseo. Tá na Stiúrthóirí deimhin de freisin, i bhfianaise go bhfuil meánré iasachtaí GAT i bhfad níos faide ná 18 mí ó dhá cheadú na Ráiteas Airgeadais seo, go bhfuil sé iomchuí i gcónaí na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh agus go leanfaidh GAT ag feidhmiú sa ghnó amach anseo.

Airgeadra feidhmiúil agus láithreoireachta

Cuirtear na ráitis airgeadais seo i láthair in euro, airgeadra feidhmiúil GAT. Ach amháin sa chás go dtugtar le fios, rinneadh an fhaisnéis airgeadais a chuirtear i láthair in euro a shlánú go dtí an míle ba chónagraí.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

3. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Úsáid as meastacháin agus breitheanna

Bíonn ar an lucht bainistíochta, le linn Ráitis Airgeadais a ullmhú, meastacháin, breithiúnais agus toimhdí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar an mbealach a gcuirtear beartais chuntasaíochta i bhfeidhm agus ar shuímeanna tuairiscithe na sócmhainní, na ndlíteanas, an ioncaim agus na speansas.

Bíonn athbhreithniú á dhéanamh go leanúnach ar mheastacháin agus ar thoimhdí bunúsacha. Aithnítear athbhreithniú a dhéantar ar mheastacháin chuntasaíochta sa tréimhse ina ndéantar an meastachán a athbhreithniú agus in aon tréimhsí as sin amach a dtéann an t-athbhreithniú i bhfeidhm ina leith.

Tá na breitheanna a théann i bhfeidhm go suntasach ar na Ráitis Airgeadais, agus iad sin a mbeadh baol ann go dteastódh coigeartú ábhartha uathu sa bhliain dar gcionn, i réimsí na gcaillteanas lagaithe a d'fhéadfadh a theacht i gceist maidir le hiasachtaí agus airleacain a eisíodh roimh 1986 agus maidir le hiasachtaí do Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe.

Cailteanas lagaithe ar iasachtaí agus ar airleacain

Tugann GAT iasachtaí d'údarais áitiúla, CTCanna, don Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus do institiúidí ardoideachais. Tá próifíl riosca creidmheasa difriúil ag na hiasachtaithe seo. Baineann an bhreith is suntasaí ar ar ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais le dearcadh na Stiúrthóirí ar riosca creidmheasa na n-iasachtaí a eisíodh i ndiaidh 1986. Is féidir míniú níos mionsonraithe ina leith seo a fháil i Nóta 18 (a).

I gcomhthéacs a) údarais áitiúla a bheith ina gcomhlachtaí reachtúla faoin Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus achtacháin eile, b) a n-ioncaim nó a gcistí a bheith ina n-urrús don íocaíocht atá dlite do GAT sna suimeanna go léir atá dlite ó údarais áitiúla (mar atá leagtha amach sa chomhaontú idir gach údarás áitiúil agus GAT), c) go gceadaíonn an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht gach iasacht airleachta d'údarais áitiúla, d) go dtuigeann an Bord go dtacaíonn an Rialtas láir le húdarais áitiúla agus iad ag freastal ar a n-oibleagáidí do GAT; agus e) nach deach aon chaillteanais do GAT de bharr a hiasachtaí a tugadh ar airleacan d'údarais áitiúla i ndiaidh 1986, is é tuairim an Bhoird nach fiú le háireamh é aon riosca creidmheasa, seachas riosca ceannasach, maidir le hiasachtaí a tugadh ar airleacan údarais áitiúla ar nó tar éis an 27 Bealtaine 1986, agus níor taifeadadh aon fhorálacha caillteanais iasachta i leith na n-iasachtaí sin.

I measc réimsí eile a bhféadfadh tionchar nach mbeadh chomh suntasach acu ar thuairisceoireacht airgeadais GAT, áirítear caillteanais de bharr lagú a d'fhéadfadh teacht chun cinn ar iasachtaí a eisíodh roimh Bealtaine 1986, ar iasachtaí do CTCanna agus sochair d'fhostaithe. Dlítear aon chaillteanais chreidmheasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn as an €5.2 milliún (2019: €5.3 milliún) atá fós dlite do na húdarais áitiúla ó na hiasachtaithe bunúsacha ar mhorgáistí a cheadaíodh roimh an 27 Bealtaine 1986 agus a bhfuil an bhunmhaoín atá faoi mhorgáiste mar urrús leo, a chur ar an GAT. Tá comhsholáthar de €2.71 milliún aitheanta i leith na gcuntas sin. Tagair do Nóta 13 le haghaidh tuilleadh mionsonraí. Tosaíodh ar iasachtaí a thabhairt do CTCanna go díreach in 2012 agus ba é €1.76bn na hiarmhéideanna iomlána ag 31 Nollaig 2020 (2019: €1,245.8 milliún). Níor tharla aon chaillteanais iasachtaí ar iasachtaí do CTCanna agus mar sin, ní dhearnadh aon liúntais le haghaidh caillteanais ar iasachtaí.

Sochair d'fhostaithe

Faidhmíonn GAT scéim pinsin le sochair shainithe a dtagann gach ball den fhoireann a thosaigh fostaíocht roimh 2013 faoina scáth. Tá Ochtar atá mar pháirt do Scéim Pinsin Aonar an Seirbhís Phoiblí (Scéim Aonar) de réir polasáí rialtais mar gur thosaigh siad fostaíocht tar éis 1 Eanáir 2013. Déantar luach margaidh sócmhainní agus luach achtúireachta dhliteanais na scéime a luacháil go bliantúil. Baineann leis sin go ndéanadh an lucht bainistíochta, i gcomhairle le hachtúire seachtrach, toimhdí maidir le boilsciú ar phraghasanna, ardú ar thuarastail agus ar phinsin, fáiltas ar infheistíocht agus ré saolach na bhfostaithe sa todhchaí. Bíonn raon inghlachta i gceist inar féidir le meastacháin den chineál sin a theacht go dlíteanach. D'fhéadfadh gur tionchar eile ar gad a bheadh ar na torthaí i leith na tréimhse agus ar an riocht airgeadais dá réir, dá mbainfí úsáid as malairt toimhdí. Foilsítear breis sonraí ina leith seo i Nóta 17 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais.

Is ionann easnamh nó barrachas glan GAT maidir lena plean pinsin le sochair shainithe agus an t-easnamh nó an barrachas faoi seach don luach cóir shócmhainní an phlean i gcomórtas le luach reatha na sochar a bheidh dlite do na fostaithe san am atá le teacht i gcúiteamh ar a gcuid fónaimh le linn na tréimhse reatha agus tréimhsí roimhe seo. Is ionann an ráta lascaire a chuirtear i bhfeidhm agus toradh an mhargaidh ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta ag dáta an chlár chomhardaithe a bhfuil dátaí aibíochta ag dul leo a thagann a bheag nó a mhór leis na téarmaí

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

3. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

maidir le hoibleagáidí GAT. Achtúire cáilithe neamhspleách a dhéanann an t áireamh agus is é modh chostas réamh-mheasta an aonaid a chuirtear i bhfeidhm. Tugtar gnóthachain agus caillteanais achtúireachta go díreach anonn chuig ioncam cuimsitheach eile sa bhliain ina dtabhaítear iad. Áirítear leis an tionchar ar an Ráiteas Ioncaim costas reatha na seirbhíse, an costas seirbhíse roimhe seo, an costas úis maidir le dliteanais na scéime, agus an toradh measta maidir le sócmhainní an phlean.

Sócmhainní agus dliteanais airgeadais

Aitheantas

Tugann an GAT aitheantas ar dtús, ar luach cóir, d'iasachtaí agus do shuimeanna ar airleacan, d'éarlaisí, d'urrúis fiachais ar eisiúint agus do bhannaí innéacsnaasctha ar an dáta a gcuirtear tús leo.

Dí-aitheantas

Stadann GAT ó aitheantas a thabhairt do shócmhainn airgeadais nuair a théann na cearta faoi chonradh ar shreabhadh airgid ón tsócmhainn in éag, nó nuair a aistrítear na cearta faoi chonradh ar shreabhadh airgid an tsócmhainn airgeadais a fháil trí idirbheartaíocht lena n-aistrítear an riosca ar fad agus an gnóthachan uile a bheag nó a mhór a ghabhann le húinéireacht ar an tsócmhainn airgeadais. Aithnítear mar shócmhainn nó dliteanas ar leith d'aon leas i sócmhainní airgeadais aistrithe, ar leas é a chruthaigh nó a choimeád GAT.

Stadann GAT ó dhliteanas airgeadais a aithint nuair a bhíonn na dualgais a leagtar uirthi faoin gconradh curtha di aici nó ar sin a chur ar ceal nó a dhul in éag. D'fhéadfadh GAT idirbhearta a dhéanamh trína n-aistrítear sócmhainní atá aitheanta ar a clár comhardaithe ach go gcoinníonn sí gach riosca agus gach gnóthachan araon a bhaineann leis na sócmhainní aistrithe nó sciar áirithe díobh. Sa chás go gcoinnítear na rioscaí agus an gnóthachan ar fad, a bheag nó a mhór, ní stadtar sa chás sin ó na sócmhainní aistrithe a aithint ar an ráiteas ar staid an airgeadais.

Ionstraimí Airgeadais

I mblianta airgeadais roimhe, ghlac GAT le ceanglais FRS 26 'Ionstraimí Airgeadais: Aithint agus Tomhas'. Le FRS 26, cuirtear i ngníomh na ceanglais maidir le haithint, tomhas agus cuntasáíocht fhálaithe a bhaineann le Caighdeán Idirnáisiúnta IAS 39 'Ionstraimí Airgeadais: Aithint agus Tomhas'. Le IAS 39, éilítear Sócmhainní Airgeadais a rangú i gceann de cheithre chatagóir. Rangaigh an GAT a cuid iasachtaí d'údaráis áitiúla, chomhlachtaí tithíochta ceadaithe agus do institiúidí ardoideachais faoi chatagóir 'Iasachtaí agus Infháltais' de réir IAS 39.

Mar sin aithníodh iasachtaí na Gníomhaireachta ar dtús ar luach cothrom na comaoine a íocadh, agus tomhaiseadh iad ina dhiaidh sin ar chostas amúchta lúide soláthair le haghaidh lagú. Aithníodh an t-ioncam gaolmhar ar iasachtaí agus infháltais ar bhonn ráta úis éifeachtaigh. Tá ceanglais Ailt 11 agus 12 de FRS 102 breithnithe ag an nGníomhaireacht agus cinneadh á déanamh maidir leis an gcur chuige cuntasáíochta dá cuid iasachtaí d'Údaráis Áitiúla agus do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe agus d'institiúidí ardoideachais.

Iasachtaí roimh Bhealtaine 1986

Bíonn GAT faoi dhliteanas i leith aon chailteanas creidmheasa a thagann chun cinn ó mhorgáistí roimh Bhealtaine 1986, a urraítear leis an mbunmhaoín mhorgáiste. Measann an Gníomhaireacht go dtiteann na hiasachtaí seo faoi chatagóir urrús bunaithe ar shócmhainní de réir Mhír 11.6 de FRS 102, agus mar sin, go dtiteann siad faoi scóip alt 12 lena bpléitear le hionstraimí chasta airgeadais.

Iasachtaí tar éis Bhealtaine 1986

Tugann GAT na sainmhíntí a áirítear i míreanna 11.8 agus 11.9 de FRS 102 dá haire agus measann gurb ionann a cuid iasachtaí tar éis 1986 d'údaráis áitiúla agus ionstraimí fiachais ina mbíonn an fáltas conartha don Gníomhaireacht ina shuim sheasta agus ina ráta seasta dearfach nó ina ráta inathraithe dearfach, agus mar sin, go gcomhlíonann siad an sainmhíniú maidir le hionstraimí airgeadais bhunúsacha.

Iasachtaí do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe

Thosaigh GAT ag tabhairt iasachtaí do CTCanna in 2012. Measann an Gníomhaireacht go gcomhlíonann na hiasachtaí a thugtar ar airleacan do CTCanna an sainmhíniú maidir le hionstraimí casta airgeadais ar an mbonn go n-urraítear na hiasachtaí trí mhuirir thairis ar na maoine bunúsacha.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

3. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Iasachtaí do institiúidí ardoideachais

Thosaigh GAT ag tabhairt iasachtaí do institiúidí ardoideachais in 2019. Measann an Ghníomhaireacht go gcomhlíonann na hiasachtaí a thugtar ar airleacan do institiúidí ardoideachais an sainmhíniú maidir le hionstraimí casta airgeadais ar an mbonn go n-urraítear na hiasachtaí trí mhuirir thairis ar na maoin bunúsacha.

Breithniú ar an gcur chuige cuntasaíochta

Éilítear le hAlt 11 de FRS 102 go ndéanfar Ionstraimí Airgeadais Bhunúsacha a thomhas ag praghas an idirbhirt i dtosach báire, agus ina dhiaidh sin ar chostas amúchta agus an modh úis éifeachtaigh á úsáid. Níl aon difríocht i gceist leis an modh cuntasaíochta seo ón gcur chuige a chuir an Ghníomhaireacht chun feidhme roimhe agus ní bheadh aon choigeartuithe i gceist leis an trasdul dá bharr. Baineann Alt 11 leis an gcuid is suntasaí de leabhair iasachtaí na Gníomhaireachta, ag plé leis na hiasachtaí a tugadh ar airleacan d'údaráis áitiúla i ndiaidh na Bealtaine 1986. Éilítear le hAlt 12 de FRS 102 go ndéanfar ionstraimí casta airgeadais a aithint ar luach cothrom i dtosach báire, agus gur chóir iad a thomhas ina dhiaidh sin ar luach cothrom ag deireadh gach tréimhse tuairisceoireachta. Faoi mar a tugadh le fios thuas, déanann na hiasachtaí a bheadh sa chatagóir seo iasachtaí na Gníomhaireachta a thugtar ar airleacan d'Údaráis Áitiúla roimh Bhealtaine 1986 chomh maith lena cuid iasachtaí do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe agus do institiúidí ardoideachais. Níl i gceist leis na hiasachtaí seo ach 36% de leabhar iasachtaí iomlán na Gníomhaireachta.

Measann an Ghníomhaireacht go gciallaíonn a bhfuil i gceist lena cuid gnó go gcomhlíonann an Ghníomhaireacht na ceanglais go rangófaí í mar Eintiteas Tairbhe Phoiblí (PBI) de réir FRS 100. De réir mhír 11.1A de FRS 102, féadfaidh Eintiteas Tairbhe Phoiblí a dhéanann nó a fhaigheann iasachtaí lámhaltais mar eintiteas tairbhe phoiblí tagairt a dhéanamh do mhíreanna Alt 34 den chaighdeán i gcomhair na gceanglas cuntasaíochta do na hiasachtaí sin. A mhéid a bhaineann sé leis an nGníomhaireacht, sainmhínítear iasacht dá leithéid sa chaighdeán mar cheann atá faoi bhun ráta úis an mhargaidh atá i réim, nach bhfuil iníoctha ar éileamh, agus a thugtar chun cuspóirí an Eintitis Tairbhe Phoiblí a chur chun cinn. Ceadaítear le hAlt 34 den chaighdeán don úsáideoir na ceanglais maidir le haithint, tomhas agus nochtadh d'Alt 11 nó Alt 12 a chur chun feidhme. Tá an Ghníomhaireacht tar éis roghnú mar sin forálacha Alt 34 a chur chun feidhme agus leanúint ar aghaidh le bheith ag tabhairt cuntais ina cuid iasachtaí ar luach cothrom ar thomhas tosaigh, agus ar chostas amúchta agus modh an ráta úis éifeachtaigh á úsáid. Cuirtear príonsabail Alt 11 den Chaighdeán, lena gcuimsítear Ionstraimí Airgeadais Bhunúsacha, chun feidhme leis seo.

I ndáil le gach Ionstraim Airgeadais eile, tá an Ghníomhaireacht sásta go gcomhlíonann siad an sainmhíniú maidir le hionstraimí Airgeadais Bunúsacha agus mar sin gur chóir leanúint ar aghaidh le cuntas a thabhairt iontu ar an gcaoi chéanna is a rinneadh i mblianta roimhe. Ní thagann aon choigeartuithe chun cinn dá bharr an trasdula leis seo.

Fritháireamh

Déantar fritháireamh maidir le sócmhainní agus dliteanais airgeadais agus cuirtear an tsuim ghlan i láthair sa ráiteas ar staid an airgeadais nuair atá de cheart ag an GAT faoin dlí, agus sa chás sin amháin, na suimeanna a fhritháireamh agus nuair atá de rún ag an GAT réiteach maidir leis an tsócmhainn ar bhonn glansuime nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a réiteach an tráth céanna. Cuirtear ioncam agus speansais i láthair ar bhonn glansuime nuair a bhíonn de rún agus d'acmhainn ag GAT na suimeanna a fhritháireamh.

Costas amúchta a thomhas

Is ionann costas amúchta sócmhainne nó dliteanais airgeadais agus an tsuim a luaitear leis an tsócmhainn nó an dliteanas airgeadais nuair a aithnítear ar dtús é, lúide aisiocaíochtaí i leith na príomhshuime, móide nó lúide an amúchadh carnach, agus modh an ráta éifeachtaigh úis á chur in úsáid maidir le haon difríocht idir an tsuim a aithníodh ar dtús agus an tsuim aibíochta, lúide aon laghdú maidir le lagú.

An luach cóir a mheas

Bíonn an próiseas maidir le luach cóir a lua le sócmhainní airgeadais agus le dliteanais airgeadais bunaithe ar phraghasanna foilsithe an mhargaidh nó ar thairiscintí praghasanna ó dhéileálaithe i ndáil le hionstraimí airgeadais arna dtrádáil ar mhargáí beo. Maidir le luach foilsithe an mhargaidh, is ar an bpraghas tairisceana a bhunaítear é ach sin a bheith ar fáil. I gcás na n-ionstraimí airgeadais eile ar fad, socraítear an luach cóir trí mhodhanna luachála a chur in úsáid. I gcás urrús nach mbíonn luach foilsithe an mhargaidh ar fáil lena aghaidh, baineann GAT leas as teicnící meastacháin chun an luach cóir a shocrú.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

3. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Áirítear ar na modhanna meastúcháin a úsáidtear, sreabhadh airgid lascainithe, samhlacha inmheánacha lena mbaintear leas as sonraí soiléire an mhargaidh nó as comparáidí le hurrúis eile atá ar aon dul, a bheag nó a mhór, leis na cinn faoi chaibidil.

Iasachtaí agus suimeanna infhaighte

Is sócmhainní airgeadais nach díorthaigh iad iasachtaí agus suimeanna infhaighte, a mbíonn íocaíochtaí seasta nó íocaíochtaí indeimhnithe ag gabháil leo agus nach luaitear ar mhargadh beo agus nach bhfuil i gceist ag GAT iad a dhíol láithreach ná sa ghearrthéarma.

Déantar iasachtaí agus suimeanna infhaighte a mheas ar dtús ar an luach cóir maidir leis an gcomaoin a fuarthas agus coinnítear ina dhiaidh sin iad arna lua de réir an chostais amúchta lúide soláthar maidir le lagú. Is ar bhonn an ráta úis éifeachtaigh a thugtar aitheantas don ioncam ó iasachtaí agus ó shuimeanna infhaighte.

Lagú a aithint agus a thomhas

Déanann GAT, tráth an chláir chomhardaithe i ngach tréimhse airgeadais, an cheist a mheas cé acu an bhfuil fianaise oibiachtúil ann go bhfuil lagú tarlaithe maidir le sócmhainní airgeadais nach ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas a iompraítear iad. Áirítear lagú tarlaithe maidir le sócmhainní airgeadais sa chás gur léir ó fhianaise oibiachtúil gur tharla eachtra caillteanais ó rinneadh an tsócmhainn a aithint ar dtús agus go bhfuil tionchar, ar féidir é a mheas go hiontaofa, ag an eachtra caillteanais sin ar shreabhadh airgid na sócmhainne sin san am atá le teacht.

Déanann an GAT fianaise maidir le lagú a mheas ag leibhéal sócmhainne amháin faoi leith agus ag an leibhéal tiomsaithe chomh maith. Déantar measúnú maidir le gach sócmhainn airgeadais a bhfuil suntas léi aisti féin i ndáil le lagú faoi leith maidir leis an tsócmhainn sin. Déantar gach sócmhainn shuntasach ansin nach meastar gur tharla lagú faoi leith i ndáil leo,

a mheas mar thiomsú d'fhonn aon lagú a fulaingíodh ach nár tuairiscíodh go fóill a thabhairt chun aire. Sócmhainní nach bhfuil suntasach astu féin, déantar an measúnú maidir le lagú ina leith arna dtabhairt ina dtiomsú de shócmhainní airgeadais (arna n-iompar de réir an chostais amúchta) a bhfuil tréithe riosca den chineál céanna ag baint leo. Déantar caillteanas mar gheall ar lagú ar shócmhainní arna n-iompar de réir an chostais amúchta a thomhas de réir an difríocht atá idir luach iompair na sócmhainní airgeadais agus luach reatha an tsreafa airgid measta arna lascainiú de réir an ráta úis éifeachtach a bhain leis na sócmhainní ar dtús. Déantar caillteanais a aithint sa ráiteas ioncaim agus léirítear iad i gcuntas liúntais maidir le hiasachtaí agus airgead ar airleacan.

Déantar tástáil ar ar gach iasacht a ndéantar athchaibidlíocht uirthi don lagú agus i gcás ina meastar iasacht a bheith lagaithe, ardaítear foráil iomchuí chun an difríocht a chlúdach idir luach carreireachta na hiasachta agus luach reatha na sreafaí airgeadais a bheidh ann amach anseo agus iad lascanaithe ag ráta úis bunaidh na hiasachta. I gcás go ndéantar téarmaí na hiasachta a athchaibidliú a ndearnadh foráil lagaithe ina leith a bhfuil difríocht shuntasach idir é agus téarmaí bunaidh na hiasachta, san anailís chainníochtúil nó cháilíochtúil, déantar an iasacht bunaidh a dhí-aithint agus déantar iasacht nua a aithint ag an luach cóir.

Déantar aon difríocht idir méid carreireachta na hiasachta agus an luach cóir a aithint sa ráiteas ioncaim.

Leantar ag aithint an úis ar an tsócmhainn lagaithe agus déantar an díscríobh tráth a meastar an iasacht iomlán nó cuid den iasacht a bheith neamh-inghabhálaíthe nó maite. Gearrtar iasachtaí a díscríobhadh i gcoinne forálacha a bunaíodh roimhe sin don lagú nó go díreach sa Ráiteas Airgeadais.

Airgead tirim agus coibhéis airgid

Is é atá i gceist le hairgead tirim agus a choibhéis ná airgead tirim sa bhanc agus ar láimh agus infheistíochtaí gearrthéarmacha. Aithnítear ioncam ó infheistíochtaí den sórt sin ar bhonn úis éifeachtaigh ar feadh na tréimhse go dtarlaíonn aibíocht.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

3. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Sócmhainní seasta inláimhsithe agus cúrsaí dímheasa

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe de réir an chostais lúide dímheas carntha agus aon lagú. Déantar an muirear maidir le dímheas a ríomh ar an mbonn seo a leanas sa chaoi is go ndéantar díscríobh ar chostas tosaigh gach sócmhainne seasta lúide an luach iarmharach i rith ré measta fiúntais gach sócmhainne seasta:

Sócmhainní ríomhaireachta Líne dhíreach thar 3 bliana

Sócmhainní eile Líne dhíreach thar 5 bliana

Déantar athbhreithniú go tráthrialta maidir le meastacháin i ndáil leis an ré measta fiúntais. Déantar soláthar freisin, nuair is gá sin, do lagú ar bith ar shócmhainní seasta inláimhsithe. Déantar athbhreithniú ar luach iompair na sócmhainní seasta inláimhsithe ar gach dáta tuairiscithe d'fhonn a dhéanamh amach cé acu an bhfuil aon chomhartha go bhfuil lagú i gceist. Má tá comhartha den sórt sin ann, déantar an tsócmhainn a thástáil maidir le lagú trí chomparáid a dhéanamh idir an luach iompair agus an luach a d'fhéadfaí a aisghabháil, luach is ionann agus cibé acu is airde idir an tsuim a gheofaí ón tsócmhainn a dhíol nó an luach atá leis an tsócmhainn in úsáid. Aithnítear caillteanais ó lagú sa chuntas loncaim Cuimsitheach.

Ús infhaighte agus iníoctha

Aithnítear ús atá infhaighte agus iníoctha maidir le hionstraimí airgeadais arna rangú mar iasachtaí agus airgead ar airleacan, agus mar dhliteanais airgeadais de réir an chostais amúchta, ar bhonn ráta éifeachtach úis. Cuirtear san áireamh leis an ríomh sin ús a fuarthas nó a íocadh, táillí agus coimisiúin a íocadh nó a fuarthas atá ina ndlúthchuid den toradh chomh maith le costais incriminteacha na n-idirbheart, nó, tréimhse níos giorra ná sin sa chás gur cuí sin, i ndáil le luach iompair glan na sócmhainne airgeadais nó an dliteanais airgeadais ar a aithint den chéad uair.

Is ionann an ráta éifeachtach úis agus an ráta trína ndéantar lascainiú ar an sreabhadh airgid measta san am atá le teacht, ar feadh ré ionchais na hionstraime.

Airgeadraí iasachta

Déantar idirbhearta ainmnithe in airgeadra seachas an euro a lua de réir na rátaí a bhí i réim tráth na beartaíochta féin. Aistrítear sócmhainní airgid agus dliteanais in airgeadra eachtrach de réir na rátaí atá i réim ar dháta an chlár chomhardaithe. Déileáiltear leis na difríochtaí malairte sa Ráiteas Loncaim.

Tuairisciú teascán

Níl ach aon oibríocht amháin ag an GAT agus ní dhéantar sin ach in aon tír amháin. Déanann an bhainisteoireacht athbhreithniú ar oibríochtaí na Gníomhaireachta mar aonad iomlán agus ní dhéanann idirdhealú idir teascáin oibríúcháin. Mar sin, tuairiscítear oibríochtaí sna Ráitis Airgeadais seo mar theascán aonair.

Léas oibríúcháin

Nochtar costais maidir le léasanna oibríúcháin ar leithligh sa ráiteas ioncaim ar bhonn fabhruithe ar feadh théarma an léasa agus modh na líne dírlí i bhfeidhm. Aithnítear dreasachtaí maidir leis an léas oibríúcháin ar an ráiteas ar staid an airgeadais agus scaoiltear iad ar bhonn dronnlineach thar an tréimhse chomh fada leis an chéad athbhreithniú de réir ráta an mhargaidh atá ina chuid den léas.

Déantar méadaithe boilsraith i gcíos léasaithe a rangú mar costais tabhaithe.

Ioncam airgeadais

Cuimsíonn ioncam airgeadais an t-ioncam ó ús ar chistí infheistithe. Aithnítear ioncam ó ús de réir mar a fhabhraíonn sé agus modh an ráta éifeachtaigh úis á úsáid.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

4. Stádas GAT agus idirbhearta le páirtithe gaolmhara

Is cuideachta poiblí faoi theorainn scaireanna í An Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta cpt arna cur chun cinn ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht faoi théarmaí an Achta um An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe, 1981. Is é an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe úinéir tairbhíúil scairchaipiteal eisithe na Gníomhaireachta. Bunaíodh an GAT ina cuideachta theoranta phríobháideach ar an 8 Feabhra 1982 agus rinneadh cuideachta theoranta poiblí di ar an 13 Eanáir 1983.

Maidir le gnáthchúrsaí gnó, is é Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ('GBCN') agus údarás áitiúla, ar comhlacht Rialtais freisin iad agus a meastar dá bharr sin gur páirtí gaolmhar atá ann, a chuireann maoiniú ar fáil do GAT. Is féidir sonraí a aimsiú i Nóta 15 faoi na méideanna a bhí gan íoc ar an 31 Nollaig 2020 faoin gclár na Nótaí faoi Ráthaíocht arb é GBCN a chuireann ar fáil é. B'ionann iomlán an chaiteachais ar ús i ndáil leis na háiseanna sin don GBCN agus €12.84 milliún (2019: €13.74 milliún), agus €3.63 milliún (2019: €4.29 milliún) d'údaráis áitiúla don bhliain airgeadais.

I ngnáthchúrsaí gnó, tugann an GAT cistí ar iasacht d'údaráis áitiúla, ar comhlachtaí Rialtais atá iontu agus a meastar dá bharr sin gur páirtithe gaolmhara iad. Tugtar sonraí i Nóta 6 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais faoin ús a saothraíodh ar na cistí ar airleacan sin.

Feidhmíonn Irish Life Corporate Business bainistíocht/riarachd scéim phinsin na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta (féach Nóta 17) go, le héifeacht ó 1 Eanáir 2012.

I ngnáthchúrsaí gnó, cuireann GAT cistí i dtaisce ó bharrachais ghearrthéarmacha a thagann chun cinn le Baint-Aontas Éireann cpt, (a bhfuil formhór a scaireanna i seilbh an Stáit), ar chuntais na GAT a bhaineann leis an státchiste nó a bhaineann le speansaí, nó leis an GBCN. Ba ionann agus €neamhní an t-ús a tuilleadh ar na taiscí seo le linn 2020 (2019: €neamhní) agus b'ionann agus €0.99 milliún (2019: €0.36 milliún) na suimeanna i dtaisce mar a bhí an 31 Nollaig 2020.

Idirbhearta le príomhphearsanra Bainistíochta

Áirítear ar phríomhphearsanra an lucht Bainistíochta na daoine sin a bhfuil d'údarás acu nó de fhreagracht orthu gníomhaíochtaí GAT a rialú, agus áireofaí orthu seo Bord na Stiúrthóirí, an Ceannasaí Cistíochta agus an Ceannasaí Airgeadais. Chomh maith lena gcuid tuarastal, íocann an Ghníomhaireacht ranníocaíochtaí le plan sochair shainithe iarfhostaíochta ar son príomhphearsanra den lucht Bainistíochta. Is mar seo mar a leanas a cuimsíodh iomlán an chúitimh do phríomhphearsanra den lucht Bainistíochta:

	31 Nollaig 2020 €'000	31 Nollaig 2019 €'000
Tuarastail*	328	306
Táillí Stiúrthóirí	46	51
Ranníocaíochtaí Pinsin	129	99
	503	456

* San áireamh leis na tuarastail, tá an luach saothair don Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a dtugtar sonraí i ngeall air i Nóta 9, chomh maith le príomhphearsanra Bainistíochta atá ar tuarastal. Tá aon fhostaí buntábhachtach amháin den Bhainisteoireacht i Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí.

Stádas GAT maidir le cúrsaí cánach

Faoi Alt 218 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, tá ioncam a thuilleann GAT de thoradh an ghnó maidir le hiasachtaí agus airleacain a dhéanamh faoi Alt 5 d'Acht na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe, 1981, saor ó Cháin Corparáide. Bíonn díolúine maidir le Cáin Chorparáide i gceist freisin maidir le hioncam atá inmhuirearaithe faoi Chás III, Sceideal D.

Faoi Alt 172(A) den Acht Comhdhlúite Cánacha 1999, tá a cheart ag an GAT díbhinní a íoc gan Cáin larchoimeachta Díbhinne bainte as.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

5. Ioncam úis – gníomhaíochtaí leantacha

	31 Nollaig 2020 €'000	31 Nollaig 2019 €'000
Ús ar airleacain d'údaráis áitiúla:		
Tar éis an 27 Bealtaine 1986	42,157	41,840
Roimh 27 Bealtaine 1986	97	102
Ús ar airleacain do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe	37,287	22,300
Ús ar airleacain do institiúidí ardoideachais	1,157	106
	80,698	64,348

B'ionann luach iomlán an ioncaim ó ús ar shócmhainní airgeadais nach ar a luach cóir a iompraítear iad maidir leis an gCuntas ioncaim agus caiteachais agus ús comhlán €82.23 milliún (2019: €66.55 milliún).

6. Speansas úis – gníomhaíochtaí leantacha

	31 Nollaig 2020 €'000	31 Nollaig 2019 €'000
Costais iasachtaí		
Ús iníochtha ar Nótaí faoi Ráthaíocht	16,472	18,037
Ús iníochtha ar áiseanna EIB agus CEDB	5,702	5,188
Ús iníochtha ar iarmhéideanna dearfacha ar chuntas AIB	197	-
Speansas Úis Iomlán	22,371	23,225

7. Caiteachas nach caiteachais úis é

	31 Nollaig 2020 €'000	31 Nollaig 2019 €'000
Léas Oibriúcháin (Nóta 8)	196	197
Caiteachas ginearálta, luach saothair do Stiúrthóirí agus Fostaithe	1,657	1,706
Dímheas (Nóta 12)	53	53
Caiteachas neamh-úis iomlán	1,906	1,956

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

8. Caiteachas riaracháin

Ceangaltais maidir leis an Léas Oibriúcháin

Tá ceangaltais ar GAT faoi léas oibriúcháin (áitribh oifige) íocaíochtaí bliantúla mar a leanas a dhéanamh:

Foirgnimh	€'000
Tréimhse is giorra ná aon bhliain amháin	196
Tar éis bliana ach níos giorra ná cúig bliana	788
Tar éis cúig bliana	1,825

Caiteachas riaracháin

Thángthas ar an gcaiteachas riaracháin tar éis muirir mar seo a leanas a ghearradh:

Bliain dar chríoch	31 Nollaig 2020 €'000	31 Nollaig 2019 €'000
Luach saothair an iniúcháin		
Iniúchadh ar Ráitis Airgeadais	34	34
Luach saothair iomlán an iniúcháin	34	34
Speansais Ghinearálta	323	554
Luach saothair Stiúrthóirí		
Táillí – an Cathaoirleach	–*	–*
Táillí – Stiúrthóirí eile	46	51
Luach saothair iomlán na Stiúrthóirí	46	51
Costais fostaithe (gan Stiúrthóirí san áireamh)		
Luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh	124	117
Tuarastail eile	754	656
Ranníocaíochtaí pinsin	74	56
Costais Leasa Shóisialaigh	83	69
Costais seirbhíse – pinsean – faoi láthair	219	169
Costais iomlána a bhaineann le fostaithe	1,254	1,067
Speansas riaracháin iomlán	1,657	1,706

* Suim €9,000 (2019: €9,000) curtha i leith cuntais Ollscoil na hÉireann Baile Átha Cliath mar chúiteamh in uaireanta oibre a chaill an An t-Ollamh Michelle Norris mar gheall ar am a chaith sí i mbun a cuid dualgas mar Chathaoirleach ar an nGníomhaireacht le haghaidh 2020.

Ba é €328,000 (2019: €306,000) suim iomlán na dtuarastal do phríomhbhaill na bainisteoireachta. Is le haghaidh na foirne riaracháin a bhí iarmhéid de €550,000 (2019: €467,000). Ba é €56,999 (2019: €49,796) suim an ÍMAT/ÁSPC agus CBL ag deireadh na bliana. Ba é cúigear déag (2019: ceathrar déag lena n-áirítear an Stiúrthóir Feidhmiúcháin) an meánlíon fostaithe le linn na bliana.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

9. Caiteachas Riaracháin Eile

	31 Nollaig 2020 €'000	31 Nollaig 2019 €'000
Caiteachas Riaracháin Éile	150	-
Iomlán Caiteachais Riaracháin Éile	150	-

Baineann Caiteachas Riaracháin Eile le Ciste Infheistíochta Sóisialta GAT. Cuireann an GAT le creatlach sóisialta agus eacnamaíoch na bpobal trí urraíocht a dhéanamh ar scéimeanna a chuirtear isteach lena gceadú ag custaiméirí. Is é aidhm an Chiste Infheistíochta Sóisialta a chumasú don GAT tacú le tionscadail áitiúla oiriúnacha a chomhlánaíonn tithíocht shóisialta agus a chumasaíonn forbairt pobail.

10. Speansas Airgeadais

	31 Nollaig 2020 €'000	31 Nollaig 2019 €'000
Costas glan úis ar scéim sochar sainithe shócmhainní dhliteanais phinsin	8	-
Speansas glan airgeadais	8	-

11. Airgead tirim agus cóibhéisí airgid

	31 Nollaig 2020 €'000	31 Nollaig 2019 €'000
Bliain dar críoch		
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	987	361
	987	361

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

12. Maoin, innealra agus trealamh

	31 Nollaig 2020 €'000
Costas nó luacháil	
Ag 1 Eanáir 2020	678
Breisiúcháin	60
Ag deireadh na bliana	738
Dímheas Carntha	
Ag tús na bliana	580
Táille na bliana	54
Ag deireadh na bliana	634
<i>Leabharluach glan</i>	
31 Nollaig 2020	104
31 Nollaig 2019	98

13. Iasachtaí agus airleacain d'údaráis áitiúla, do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe agus do institiúidí ardoideachais

	31 Nollaig 2020 €'000	31 Nollaig 2019 €'000
Iasachtaí a tugadh ar airleacan d'údaráis áitiúla	3,325,889	3,337,519
Iasachtaí a tugadh ar airleacan do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe	1,756,145	1,245,825
Iasachtaí a tugadh ar airleacan do institiúidí ardoideachais	107,207	60,000
Iomlán na n-iarmhéideanna dlite ar airleacain	5,189,241	4,643,344
Lúide: Comhsholáthar	(2,711)	(2,711)
	5,186,530	4,640,633
Dlite ó údaráis áitiúla, ó chomhlachtaí tithíochta ceadaithe agus ó institiúidí ardoideachais	94,862	92,260
Iomlán na n-iasachtaí agus airleacan d'údaráis áitiúla, do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe agus do institiúidí ardoideachais	5,281,392	4,732,893

Is le GAT a bhaineann dliteanais maidir le haon chaillteanais chreidmheasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir leis an €5.2 milliún (2019: €5.3 milliún) atá fós dlite do na húdaráis áitiúla ó na hiasachtaí bunúsacha ar mhorgáistí a ceadaíodh roimh mhí na Bealtaine 1986 a bhfuil an bhunmhaoín atá faoi mhorgáiste mar urrús leo. Tá soláthar dar luach €2.71 milliún (2019: €2.71 milliún) aitheanta i leith na n-iasachtaí sin. Tá breis sonraí ina leith sin le fáil i Nóta 18 (a). Tá an soláthar seo bunaithe ar an meastachán is fearr de chuid GAT ar luach reatha an tsreafa airgid thirim a bheidh ann amach anseo i gcomparáid le luach iompair na n-iasachtaí faoi mar a bhí an 31 Nollaig 2020 agus é faoi réir ag athruithe sna toimhdí bunúsacha agus d'fhéadfadh go méadófaí nó go laghdófaí é i mblianta amach anseo.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

13. Iasachtaí agus airleacain d'údaráis áitiúla, do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe agus do institiúidí ardoideachais (ar lean)

I gcomhthéacs (a) gur comhlachtaí reachtúla faoin Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus faoi achtacháin eile iad na húdaráis áitiúla, (b) go bhfuil teacht isteach nó cistí na n-údarás áitiúil ina n-urrús i leith gach suim atá dlite don Ghníomhaireacht a íoc go cuí léi ag údaráis áitiúla (mar a leagtar síos sa chomhaontú idir gach údarás áitiúil faoi seach agus an GAT), agus (c) go gceadaíonn an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht gach iasacht a thugtar ar airleacan d'údaráis áitiúla, agus (d) tuiscint an Bhoird go dtacaíonn an Rialtas láir le húdaráis áitiúla chun a n-oibleagáidí i leith na GAT a chomhlíonadh; (e) ní dheachaidh aon chaillteanais don GAT de bharr a hiasachtaí a tugadh ar airleacan d'údaráis áitiúla i ndiaidh 1986; is é tuairim an Bhoird nach fiú le háireamh é aon riosca creidmheasa, seachas riosca ceannasach, maidir le hiasachtaí a thugtar ar airleacan d'údaráis áitiúla ar nó i ndiaidh 27 Bealtaine 1986 agus ní thairfeadtar aon fhorálacha caillteanais iasachta i leith na n-iasachtaí sin. Tagair le do thoil do Nóta 18 (a) le haghaidh breis sonraí.

Tosaíodh ar iasachtaí a thabhairt do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe go díreach in 2012 agus aithnítear caillteanais de bhar na n-iasachtaí seo sa mhéid go dtagann caillteanais dá leithéid chun cinn. Níor tháinig aon chaillteanais dá leithéid chun cinn in 2020 agus ní mheastar aon soláthar a bheith riachtanach i leith na n-airleacan seo faoi mar a bhí cúrsaí ag 31 Nollaig 2020.

Tosaíodh ar iasachtaí a thabhairt do institiúidí ardoideachais go díreach in 2019 agus aithnítear caillteanais de bhar na n-iasachtaí seo sa mhéid go dtagann caillteanais dá leithéid chun cinn. Níor tháinig aon chaillteanais dá leithéid chun cinn in 2020 agus ní mheastar aon soláthar a bheith riachtanach i leith na n-airleacan seo faoi mar a bhí cúrsaí ag 31 Nollaig 2020.

14. Féichiúnaí eile agus infháltais

	31 Nollaig 2020 €'000	31 Nollaig 2019 €'000
Méideanna dlite le ciste an PRMR	3,502	3,676
Iomlán Féichiúnaí eile agus infháltais	41	148
Iomlán féichiúnaí eile agus infháltais	3,543	3,824

15. Debt securities in issue

Nótaí faoi Ráthaíocht	31 Nollaig 2020 €'000	31 Nollaig 2019 €'000
Údaráis Áitiúla	2,683,803	2,001,418
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta	1,586,150	1,912,833
Ciste Comhshaoil	4,428	10,774
NR maidir le Coiste PRMR	9,054	4,929
Iomlán na Nótaí faoi Ráthaíocht a tugadh ar airleacan	4,283,435	3,929,954
Ús is iníoctha ar Nótaí faoi Ráthaíocht	7,326	6,167
Urrúis fiachais iomlána a eisíodh	4,290,761	3,936,121

Tagann na nótaí faoi ráthaíocht faoi lánráthaíocht an Aire Airgeadais.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

16. Iasachtaí Bainc

Iasachtaí Bainc	31 Nollaig 2020 €'000	31 Nollaig 2019 €'000
Idir aon agus dhá bhliain	56,479	61,911
Idir dhá agus cúig bliana	-	-
Tar éis breis is cúig bliana	642,205	499,111
Iomlán	698,684	561,022

Bíonn na hiasachtaí bainc faoi ráthaíocht iomlán ag an Aire Airgeadais, ach amháin áis bheag amháin ar luach díreach níos lú ná €3 milliún leis an mBanc Eorpach Infheistíochta chun críocha iasachtaí gan ráthaíocht do thionscadail uisce, dramhaíola agus chomhshaoil. Tugtar níos mó mionsonraí faoi aibíocht na suimeanna a bheidh dlíte tar éis breis is bliana i Nóta 18 (c).

17. Easnamh scéim pinsin

Feidhmíonn GAT scéim pinsin le sochair shainithe a chlúdaíonn gach fostaí buan (ach amháin fostaíthe a earcaíodh tar éis an 31 Nollaig 2012). Maoinítear an scéim pinsin seo go himhneánach.

Ar an 25 Meitheamh 2020 a rinneadh an luacháil iomlán achtúireachta is deireanaí agus úsáid á bhaint as Modh Chreidiúint Réamh-Mheasta an Aonaid.

Ar an 31 Nollaig 2020 b'ionann luach an mhargaidh ar shócmhainní an chiste agus €5.66 milliún (2019: €5.22 milliún). Tá ardú déanta ar na ranníocaíochtaí isteach sa chiste de réir moladh an achtúire. Tá an tuarascáil achtúireachta ar fáil lena grinnscrúdú ag comhaltaí na scéime.

Chun críche Shochair Scoir FRS 102, Alt 28, Leasa Foirne, tá na sonraí luachála is deireanaí tugtha cothrom le dáta go dtí an 31 Nollaig 2020 ag achtúire cáilithe neamhspleách a rinne an luacháil ar bhonn mhodh chostas réamh-mheasta an aonaid.

Seo a leanas na gnéithe is tábhachtaí den bhonn tuisceana achtúireachta a úsáideadh:

	31 Nollaig 2020 %	31 Nollaig 2019 %	31 Nollaig 2018 %
Ráta ardaithe ar thuarastail	2.80	2.90	3.00
Ráta ardaithe ar íocaíochtaí pinsin	2.00	2.00	2.00
Ráta lascaine	0.60	1.20	2.20
Toimhde boilscithe	1.30	1.40	1.50
Ionchais Saoil			
Tar éis dul ar scor – fear in aois a 65	23.6 bliain	23.6 bliain	24.1 bliain
Tar éis dul ar scor – bean in aois a 65	25.5 bliain	25.5 bliain	27.8 bliain
Tar éis dul ar scor – fear in aois a 62.5	26.0 bliain	26.0 bliain	27.1 bliain
Tar éis dul ar scor – bean in aois a 62.5	28.0 bliain	28.0 bliain	30.5 bliain

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

17. Easnamh scéim pinsin (ar lean)

Féadtar anailís a dhéanamh ar (easnamh)/bharrachais na scéime mar seo a leanas:

	31 Nollaig 2020 €'000	31 Nollaig 2019 €'000	31 Nollaig 2018 €'000	31 Nollaig 2017 €'000	31 Nollaig 2016 €'000
Sócmhainní pinsin	5,661	5,222	4,497	4,486	3,869
Dlíteanais phinsin	(7,264)	(5,966)	(4,580)	(4,654)	(4,180)
Easnamh	(1,603)	(744)	(83)	(168)	(311)

Arna bhunú ar na toimhdí sin, leagtar amach sa tábla seo a leanas margadhluach shócmhainní na scéime le sochair shainithe chomh maith leis an luacháil is deireanaí maidir le dlíteanais na scéime arna n-uasdátú i ndáil le gluaiseachtaí sna toimhdí airgeadais:

	Luach ar 31 Nollaig 2020 €'000	Luach ar 31 Nollaig 2019 €'000	Luach ar 31 Nollaig 2018 €'000
Cothromais	1,778	2,415	2,192
Bannaí	3,616	2,289	1,262
Maoin	151	236	281
Airgead tirim agus sócmhainní eile	116	282	762
Iomlán mhargadhluach shócmhainní na scéime	5,661	5,222	4,497
Luach láithreach ar dhlíteanais na scéime pinsin	(7,264)	(5,966)	(4,580)
Glan easnamh iomlán pinsin aitheanta sa ráiteas ar staid an airgeadais	(1,603)	(744)	(83)

Tá ioncam an úis ar shócmhainní plean i gcomhair 2020 ríofa bunaithe ar an ráta lascaine don bhliain roimhe, mar a bhí, 1.20%. Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021, beidh ioncam an úis ar shócmhainní plean bunaithe ar ráta lascaine 0.60%.

Seo a leanas na hathruithe ar luach cóir na hoibleagáidí sochair shainithe:

	31 Nollaig 2020 €'000	31 Nollaig 2019 €'000
Luach reatha oibleagáidí na sochar sainithe ag 1 Eanáir	(5,966)	(4,579)
Costas seirbhíse reatha agus roimhe seo	(219)	(169)
Costas Úis	(71)	(102)
Ranníocaíochtaí ó fhostaithe	(23)	(23)
(Caillteanas)/gnóthachan achtúireachta	(1,013)	(1,158)
Sochair íoctha	28	65
Luach reatha oibleagáidí na sochar sainithe ag 31 Nollaig	(7,264)	(5,966)

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

17. Easnamh scéim pinsin (ar lean)

Mar seo a leanas na hathruithe i luach cóir na sócmhainní sa phlean:

	31 Nollaig 2020 €'000	31 Nollaig 2019 €'000
Luach cóir ar shócmhainní an phlean ar 1 Eanáir	5,222	4,497
Toradh ionchais ar shócmhainní an phlean	63	101
Ranníocaíochtaí ó fhóistoirí	210	170
Ranníocaíochtaí ó fhóistaithe	23	23
(Caillteanas/gnóthachan) achtúireachta	171	496
Sochair íoctha	(28)	(65)
Luach reatha oibleagáidí na sochar sainithe ag 31 Nollaig	5,661	5,222

Stair na ngnóthachan agus na gcaillteanas achtúireachta:

	31 Noll 2020 €'000	31 Noll 2019 €'000	31 Noll 2018 €'000	31 Noll 2017 €'000	31 Noll 2016 €'000
An difríocht idir toradh ionchais agus toradh iarbhair ar shócmhainní	171	497	(221)	399	202
Arna lua mar chéatadán de shócmhainní scéime	3.0%	9.5%	4.91%	8.89%	5.20%
Gnóthachain agus (caillteanas) achtúireachta ar dhliteanas na scéime	(1,013)	(1,158)	346	(264)	(494)
Arna lua mar chéatadán de dhliteanas na scéime	13.9%	19.40%	7.55%	5.67%	11.80%
Iomlán ghnóthachain agus (caillteanas) achtúireachta	(842)	(661)	125	135	(292)
Arna lua mar chéatadán de dhliteanas na scéime	11.6%	11.10%	2.73%	2.90%	6.98%

Suim charnach achtúireachta agus caillteanas a aithníodh sa Ráiteas Ioncaim Cuimsitheach:

	31 Nollaig 2020 €'000	31 Nollaig 2019 €'000
Suim charnach ar 1 Eanáir	(3,085)	(2,424)
Aithníodh i rith na tréimhse	(842)	(661)
Suim charnach ar 31 Nollaig	(3,927)	(3,085)

Cuirtear na suimeanna a bhaineann leis an scéim shochar sainithe a aithníodh sa Ráiteas Ioncaim Cuimsitheach i láthair i Nóta 8.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

17. Easnamh scéim pinsin (ar lean)

Ranníocaíochtaí Ionchais ó Fhostóirí:

	2021 €'000	2020 €'000
Ranníocaíochtaí Ionchais ó Fhostóirí	210	210

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais

Réamhrá agus léargas ginearálta

Tharlódh nochtadh i gcás GAT do rioscaí mar seo a leanas ón úsáid a bhaineann sí as ionstraimí airgeadais:

- riosca creidmheasa
- riosca leachtachta
- rioscaí margaidh (lena n-áirítear ráta úis, boilsciú agus airgeadra). Cuirtear eolas i láthair sa nóta seo faoin nochtadh a bhaineann do GAT maidir le gach ceann de na rioscaí thuas chomh maith le heolas faoi chuspóirí, faoi bheartais agus faoi nósanna imeachta na GAT chun an baol ó rioscaí a mheas agus a bhainistiú.

Creat bainistíochta riosca

Is ar Bhord na Stiúrthóirí atá an fhreagracht fhoriomlán maidir le Creat Bainistíochta Rioscaí a chur ar bun do GAT agus maoirseacht a dhéanamh ina leith. Tá beartais bainistíocht riosca GAT curtha ar bun na rioscaí a bhíonn roimh GAT a shonrú agus a anailísiú, chun teorainneacha agus rialuithe cuí a leagan síos agus chun monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí agus ar chloí le teorainneacha. Déantar athbhreithniú rialta ar bheartais agus ar chórais bhainistíochta rioscaí d'fhonn athruithe ar riocht an mhargaidh, ar tháirgí agus ar na seirbhísí a tháirgtear a léiriú. Áirítear beartais ar úsáid hionstraimí díorthaigh airgeadais i Lámhleabhar Beartas & Nósanna Imeachta na GAT. Tacaíonn siad seo leGAT agus cinntíonn go gcomhlíonann

sí a ceanglais faoi Shonraíocht agus Ceanglais an Aire Airgeadais arna n-eisiúint faoi fhorálacha an Achta um Idirbhearta Airgeadais Chuideachtaí Áirithe agus Chomhlachtaí Eile, 1992 agus cuireann siad sárchleachtas maidir le húsáid ionstraimí díorthaigh cisteáin san áireamh. Is í an phríomhaidhm a bhíonn le hionstraimí díorthaigh airgeadais a úsáid comhréir a dhéanamh maidir le riosca nó riosca maidir le hathruithe ionchais ar rátaí malairte eachtraí i ndáil le sócmhainní agus dliteanais GAT a chur ar neamhní.

Ceadaítear faoin 'Sonraíocht agus Ceanglais' reatha (a athsíní le déanaí gan dáta éaga), atá de réir beartas a d'aontaigh an Bord, conarthaí maidir le hiomlaoid rátaí úis (€400 milliún), réamhchonartháí malairte eachtraí (€6.0 billiún), réamhchomhaontuithe rátaí (€80 milliún), agus caidhpeanna rátaí úis (€300 milliún). Leagtar amach mionsonraí sa 'Sonraíocht agus Ceanglais' faoi na cineálacha frithpháirtithe agus faoi fhreagrachtaí an Bhoird i ndáil le bainistíocht díorthaigh.

Ní féidir idirbhearta a dhéanamh ach amháin le ceadú Phríomhfheidhmeannach GAT nó le ceadú an Cheannasaí Cistíochta nó an Cheannasaí Airgeadais (i gcás na n-idirbheart sin a bhfuil Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ag feidhmiú mar ghníomhaire/frithpháirtí, tá tugtha d'údarás do Ghníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta feidhmiú thar ceann na Gníomhaireachta. Cé nach gá ceadú foirmiúil le haon idirbheart a dhéantar, ní mór a nótáil ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, ag an gCeannasaí Cistíochta nó an Ceannasaí Airgeadais) agus cuirtear na hidirbhearta seo faoi phróiseas seiceála maidir le hiniúcháireacht inmheánach go tráthrialta a fhaid agus is ann dóibh.

Cé go leagan an tábla thíos amach cuspóir na hiasachta a cuireadh ar fáil d'údaráis áitiúla, measann an Ghníomhaireacht go bhfuil dhá chatagóir iasachtaí go príomha aici le húdaráis áitiúla, mar atá, iad sin a ceadaíodh roimh agus i ndiaidh an 27 Bealtaine 1986 agus catagóir ar leith d'iasachtaí do CTCanna agus d'institiúidí ardoideachais. Ní hionann an phróifíl maidir le riosca creidmheasa i ndáil leis na trí chatagóir.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

(a) Riosca Creidmheasa

Is éard is riosca creidmheasa ann ná riosca caillteanais airgeadais do GAT sa chás go dteipeann ar chustaiméir nó ar fhrithpháirtí le hionstraim airgeadais na dualgaí faoin gconradh a chomhlíonadh agus is i ndáil le hiasachtaí agus airgead a thugann an GAT ar airleacan dá cuid custaiméirí, údaráis áitiúla na hÉireann, comhlachtaí tithíochta ceadaithe agus institiúidí ardoideachais, is mó a thagann sé i gceist. Leagtar uasnochtadh na GAT do riosca creidmheasa amach sa tábla thíos.

Sócmhainní airgeadais	31 Nollaig 2020 €'000	31 Nollaig 2019 €'000
Iasachtaí ar airleacan d'údaráis áitiúla	3,325,889	3,337,519
Iasachtaí ar airleacan do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta	1,756,145	1,245,825
Iasachtaí ar airleacan d'institiúidí ardoideachais	107,207	60,000
Iomlán na niasachtaí a tugadh ar airleacan	5,189,241	4,643,344
Lúide comhsholáthar – Údaráis Áitiúla	(2,711)	(2,711)
	5,186,530	4,640,633
Dlíte ó údaráis áitiúla, ó CTCanna agus ó institiúidí ardoideachais	94,862	92,260
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	987	361
Dlíte ó fhiachóirí agus infháltas eile	3,543	3,824
	5,285,922	4,737,078

Ceadaítear do GAT airgead a tabhairt ar airleacan dóibh seo a leanas faoi láthair:

- údaráis áitiúla agus an earnáil dheonach tithíochta d'fhonn a úsáid acusan chun críche ar bith a bhfuil údarás leis faoi Achtanna na dTithe 1966 go dtí 2009.
- údaráis áitiúla do thionscadail chaipitil arna n-údarú faoi alt 17 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2002.
- institiúidí ardoideachais ar son soláthar nó bainistíocht cóiríocht do mhic léinn, seilbh a fháil ar thalamh don aidhm seo agus
- le cistí a thabhairt ar iasacht don Gníomhaireacht Tithíochta.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

Déantar iarmhéideanna dlite ó Údaráis Áitiúla, ó CTCanna agus ó institiúidí ardoideachais a chatagóiriú mar a leanas:

Iarmhéid dlite ar airleacain	31 Nollaig 2020 €'000	31 Nollaig 2019 €'000
Iasachtaí bainteach le morgáiste tithíochta *	1,090,158	1,069,142
Fóirdheontas caipitil agus cíosa	824,037	872,976
Maoiniú Idirlinne	426,810	426,881
Éadail talún	382,900	399,437
Iasachtaí eile tithíochta nach mbaineann le morgáistí	601,984	569,083
Airleacain atá dlite ó údaráis áitiúla	3,325,889	3,337,519
Airleacain atá dlite ó chomhlachtaí tithíochta ceadaithe	1,756,145	1,245,825
Airleacain atá dlite ó institiúidí ardoideachais	107,207	60,000
Olliomlán na n-iarmhéideanna dlite ar airleacain	5,189,241	4,643,344

* Tá €7.5m d'iasachtaí a eisíodh roimh 1986 san áireamh sna hiasachtaí Morgáiste a bhaineann le Tithíocht (2019: €8.6m)

Beartais agus Nósanna Imeachta le riosca creidmheasa a bhainistiú

Comhthaobhacht

Tá dliteanas ar GAT maidir le haon chaillteanas creidmheasa a eascraíonn ar mhorgáistí a tugadh roimh Bhealtaine 1986 agus a bhfuil an bhunmhaoín atá faoi mhorgáiste agus árachas cosanta morgáiste mar úrrús leo. Bíonn comhthaobhacht ar láimh ag na húdaráis áitiúla i bhfoirm leasanna morgáistí maidir leis an maoin agus bhíonn árachas cosanta morgáiste ag iasachtaí aonair. Ní thagann an GAT faoi dhliteanas i leith aon chaillteanas lagaithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn ach amháin sa chás nach leor luach na comhthaobhachta sin chun an fiachas a scaoileadh.

Tá úrrús ag GAT ar iasachtaí tar éis Bealtaine 1986, nuair a urscaoileadh muirir agus íocaíochtaí tosaíochta, ar ioncain nó ar chistí na n-údarás áitiúla d'íocaíocht dlite don GAT de na suimeanna dlite uile. Maidir le hiasachtaí do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe (CTCanna), ceadaithe don GAT faoi alt 17 d'Acht na dTithe (Foráil Ilghnéitheach) 2002 iasachtaí a thabhairt do CTCanna agus d'institiúidí ardoideachais agus don Gníomhaireacht Tithíochta faoi alt 51 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe 2016.

Faoi Thionscnamh um Léasú Tithíochta Sóisialta na Roinne Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil, ligeann an Roinn sin, trí údaráis áitiúla, aonaid tithíochta cuí ó CTCanna amach ar leas, a thugtar ar cíós do thionóntaí tithíochta sóisialta atá ainmnithe ag údaráis áitiúla. Ceannaíonn nó tógann na comhlachtaí réadmhaoin agus maoinítear sin trí airgeadas i bhfoirm iasachtaí a thiomsaíonn an CTC (ón GAT nó ón earnáil phríobháideach). Maoineoidh ioncam a gheobhaidh na CTCanna ó léas, a thóg an Roinn sin amach ar feadh tréimhse chomh fada le 30 bliain, aisíocaíocht iasacht na Gníomhaireachta.

Tá Beartas Creidmheasa ceadaithe ag GAT maidir le hiasachtaí a thabhairt do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe agus d'institiúidí ardoideachais a cheadaigh an Bord i mí Mheitheamh 2013, agus a tugadh cothrom le dáta le déanaí i mí Dheireadh Fómhair 2020. Coinníonn an Coiste Creidmheasa rioscaí creidmheasa laistigh de theorainneacha an Bhoird agus tuairiscíonn faoi chreidiúnacht CTCanna.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

lasachtaithe lagaithe agus dlite thar téarma

Ní dhéantar measúnú ar mheastacháin maidir le luach cóir ach amháin sa chás go meastar iasacht faoi leith a bheith dlite thar téarma nó lagaithe. Seo mar leanas sainmhíniúchán maidir le dlite thar téarma agus lagaithe:

Is ionann iasacht lagaithe agus iasacht a gcinneann an GAT gur dócha nach mbeifear in ann an phríomhshuim agus an t-ús ar fad atá dlite a bhailiú de réir théarmaí an chonradh a ghabhann leis an iasacht. Sainmhínítear iasachtaí, a bhfuil íocaíochtaí úis nó íocaíochtaí príomhshuime faoin gconradh i ndáil leo, mar iasachtaí atá dlite thar a dtéarma. Ní raibh aon iasachtaí de chuid na GAT ná airgead ar airleacan dlite thar a dtéarma ar an 31 Nollaig 2020 (2019: nialas). Tá sonraí iasachtaí a bhí faoi réir athchaibidlíochta i rith na bliana i gcuid na n-iasachtaí Athchaibidlíochta den nóta seo.

Anailís ar iasachtaí d'údaráis áitiúla agus do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta	31 Nollaig 2020 €'000	31 Nollaig 2019 €'000
lasachtaí roimh 1986	7,470	8,636
lasachtaí tar éis 1986	3,318,419	3,328,883
lasachtaí do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe	1,756,145	1,245,825
lasachtaí d'institiúidí ardoideachais	107,207	60,000
	5,189,241	4,643,344
Comhsholáthar		
lasachtaí roimh 1986	2,711	2,711
lasachtaí eile	-	-
	2,711	2,711

Ní fiú le háireamh é aon riosca creidmheasa, seachas riosca ceannasach, maidir le hiasachtaí a thugtar ar airleacan d'údaráis áitiúla ar nó i ndiaidh 27 Bealtaine 1986 agus ní thaifeadtar aon soláthair le haghaidh caillteanas ar iasachtaí i leith na n-iasachtaí seo. Is comhlachtaí iad údaráis áitiúla atá comhdhéanta faoi reacht. Tá gach iasacht a thugtar ar airleacan d'údaráis áitiúla ceadaithe ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Is é tuairim láidir an Bhoird nach n-eascraíonn riosca creidmheasa, sa chomhthéacs seo.

Aithnítear caillteanais de bharr iasachtaí a tugadh do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe agus s'institiúidí ardoideachais go díreach, sa mhéid go dtagann caillteanais chun cinn. Níor tháinig aon chaillteanais dá leithéid chun cinn in 2020.

Tá Bord na Stiúrthóirí freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar riosca creidmheasa na Gníomhaireachta lena n-áirítear:

- beartais chreidmheasa a chur le chéile i gcomhar leis an mBainistíocht maidir le coinníollacha comhthaobhachta, nósanna imeachta um doiciméadú agus cúrsaí dlí faoi chuimsiú na gceanglas reachtúla;
- an córas údarúcháin agus faomhadh a leagan síos maidir le frithpháirtithe nua (comhlachtaí nach údaráis áitiúla iad) agus rialacha maidir leis an gcomhchruinniú iasachta ina;
- athbhreithniú a dhéanamh maidir leis an gcomhlíontas i gcás beartas agus nósanna imeachta inmheánacha;
- monatóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a nochtar an beartas maidir le hiasachtaí;
- aon iasachtaí a thugtar do CTCanna faoi théarma alt 17 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2002 a cheadú agus a chinntiú go mbíonn gach iasacht a thugtar ar airleacan ag teacht le Beartas Creidmheasa na Gníomhaireachta;

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

- acmhainneacht chreidmheasa gach CTC a mheas agus a cheadú a thabhairt dá réir sin sula gceanglaíonn an GAT aon Mháistir-Chomhaontú maidir le hiasacht;
- aon iasacht a thugtar d'institiúidí ardoideachais faoi alt 51 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe 2016 a cheadú agus cinntiú go gcomhlíonann gach iasacht Polasaí Creidmheasa an GAT;
- cinntiú go mbíonn an cháipéisíocht ar fad a bhaineann le hábhar cruinnithe i gcás an iarratais ar chreidmheas; agus
- an riosca creidmheasa a choinneáil laistigh de theorainneacha ceadaithe an Bhoird.

An Próiseas le Riaráiste Morgáistí a Réiteach (PRMR)

I mí Lúnasa 2012, sholáthair an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht cúnamh d'údaráis áitiúla maidir le bheith ag déileáil le riaráiste a lucht faighte iasachtaí, trí bheith ag eisiúint treoirlínte lenar tugadh mionsonraí faoin bPróiseas a bhí beartaithe le Riaráiste Morgáistí a Réiteach (PRMR). Léiríonn siad seo Cód Iompair an Bhainc Ceannais maidir le Riaráiste Morgáiste agus tá sé de rún acu cur chuige a chaighdeánú i leith an ardaithe atá ag teacht ar leibhéil na riaráistí in Eanáil na nÚdarás Áitiúil. Is éard atá i gceist leis an bPróiseas le Riaráiste Morgáistí a Réiteach (PRMR) ná próiseas ina bhfuil cúig chéim a luadh i dtreoirlínte na Roinne.

Sa chaoi go ndéanfar caillteanais amach anseo a fhritháireamh agus chun maolú a dhéanamh ar thionchar na srianta airgeadais atá le cur i bhfeidhm ar shruthanna ioncaim na n-údarás áitiúil, bhunaigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht préimh PRMR chun tosú ar chúlchistí a chnádadh. Tá PRMR tar éis a bheith i bhfeidhm d'údaráis áitiúla ón 1 Deireadh Fómhair 2012 trí phréimh a fheidhmiú i leith gach cuntais iasachta ar ráta athraitheach ag údaráis áitiúla a bhaineann le morgáistí.

Gearrtar préimh 0.80% de PRMR ar iasachtaí mhorgáiste le ráta athraitheach (ón 1 Eanáir 2014) agus gearrtar ráta 0.25% ar iasachtaí mhorgáiste Rebuilding Ireland (do iarratais iasachta ón 1 Eanáir 2018 go 14 Eanáir 2020, le méadú ráta go 0.995% do iarratais ó 15 Eanáir 2020). Bailíonn an GAT seo ar bhonn leathbhliantúil thar ceann Phainéil Bhreithniúcháin PRMR agus coinneofar i gcuntas ar leith é, ar a mbeidh ús á thuilleadh, agus é de rún ag an GAT go dtarraingeofar air, de réir mar is gá, nuair a thabharfar an t-údarú cuí. Ceannaítear Nóta faoi Rátháíocht le Ciste PRMR i gcomhair na suimeanna a chruinnítear thar a gceann.

Bhunaigh Cumann na mBainistíochta Cathrach agus Contae Painéal Breithniúcháin chun ciste PRMR a fheidhmiú agus chun iarratais ar chúnamh ó údaráis áitiúla faoin Scéim a mheasúnú. Tá Bainisteoir Contae, na Ceannasaithe Airgeadais agus Bainisteoir Feidhmiúcháin ar na Seirbhísí Bainistíochta Tithíochta ar an bPainéal seo.

Déanfaidh údaráis áitiúla iarratais ar cúnamh ó Chiste Préimhe PRMR ar bhonn leanúnach. Cuirfear cinntí chun iarratais a cheadú/cuid díobh a cheadú in iúl don Ghníomhaireacht, a dhéanfaidh socruithe ansin go n-iocfar an tsuim cheadaithe ó Chiste PRMR leis an údarás a rinne an t-iarratas, de réir teoracha a gheobhaidh siad ón bPainéal.

Ba cheart béim a leagan air nach mbeidh de ról ag an nGníomhaireacht i gCiste PRMR ach an Préimh PRMR a bhailiú, thar ceann na n-údarás áitiúil, agus na cistí sin a íoc faoi mar a iarrann an Painéal Breithniúcháin, de réir na dtreoracha a luadh thuas.

Réiteach Chiste PRMR

	€'000
Fáltais chuig Ciste PRMR	58,893
Íocaíochtaí amach as an gCiste PRMR	(49,878)
Ús tuillte	39
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2019	9,054

Léiríonn an tábla thuas gluaiseachtaí airgeadais ó thús.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

Iasachtaí Ath-idirbheartaithe

Is ionann iasachtaí faoi théarmaí ath-idirbheartaithe agus iasachtaí a ndearnadh athstruchtúrú ina leith mar gheall ar chúinsí buiséid agus i gcás go bhfuil lamháltais déanta ag GAT nach mbeadh san áireamh murach sin.

Féachann GAT le bheith ag obair leis na húdaráis áitiúla le struchtúir chuí iasachtaí a fhorbairt dóibh gur fearr a bheidh siad ag teacht le cúinsí airgeadais na n-údarás féin. Maidir leis seo, féadfaidh GAT téarmaí sínte a sholáthar le haghaidh iasachtaí, tréimhsí saor ó ús nó ath-idirbheartaíocht eile a thairiscint de réir mar is cuí.

Le linn 2020, rinne GAT ath-idirbheartaíocht i leith luach €254.05 milliún (2019: €39.81 milliún) d'iasachtaí nár bhain le morgáiste agus €31.32 milliún (2019: €Neamhnaí) i leith iasachtaí a bhain le tithíocht.

Tharla an ath-idirbheartaíocht seo i gcomhthéacs €3.32 billiún d'iasachtaí a tugadh ar airleacain d'údaráis áitiúla faoi mar a bhí 31 Nollaig 2020 agus mar sin, is ionann é agus gníomhaíocht ath-idirbheartaíochta circa 7.65% in 2020 (2019: 0.001%).

Tugadh tréimhsí úis amháin d'iasachtaí ath-idirbheartaithe nach mbaineann le morgáiste agus iasachtaí a bhaineann le morgáiste, agus tugadh sosanna íocaíochta d'iasachtaí a bhaineann le morgáiste ar feadh trí go sé théarma míosúla, nach raibh lagú nó dí-aithint na sócmhainní iasachta bunaidh mar thoradh orthu toisc nach raibh siad suntasach modhnú téarmaí. Scoirfidh an GAT de na hiasachtaí sin a mheas mar ath-idirbheartaíocht a luaithe a bheidh bliain d'aisíocaíochtaí sceidealta cothrom le dáta caite tar éis ath-idirbheartaíochta. Maidir leis seo, measann an GAT go ndéanfar ath-idirbheartaíocht ar € 254.02 milliún d'iasachtaí (2019: € 39.81 milliún) amhail an 31 Nollaig 2020 agus € 0.98 milliún (2019: € 0.20 milliún) d'ioncam úis aitheanta ar na sócmhainní seo.

31 Nollaig 2020	Líon na n-iasachtaí	Luach Iompair €'000
Líon tosaigh na n-iasachtaí a ndearnadh ath-idirbheartaíocht ina leith – staid tosaigh	3	39,813
Ath-idirbheartaíocht ina leith i rith na bliana	401	254,016
Aisíochta i rith na bliana	-	-
Lúide iasachtaí nach meastar ath-idirbheartaíocht a bheith déanta ina leith a thuilleadh	(3)	(39,813)
Líon na n-iasachtaí a ndearnadh ath-idirbheartaíocht ina leith – staid deiridh	401	254,016
31 Nollaig 2019	Líon na n-iasachtaí	Luach Iompair €'000
Líon tosaigh na n-iasachtaí a ndearnadh ath-idirbheartaíocht ina leith – staid tosaigh	13	73,218
Ath-idirbheartaíocht ina leith i rith na bliana	3	39,813
Aisíochta i rith na bliana	-	-
Lúide iasachtaí nach meastar ath-idirbheartaíocht a bheith déanta ina leith a thuilleadh	(13)	(73,218)
Líon na n-iasachtaí a ndearnadh ath-idirbheartaíocht ina leith – staid deiridh	3	39,813

Tráth 31 Nollaig 2020, níor aistríodh aon iasachtaí le haghaidh éadail talún, tráth a dtagtha in aibíocht (2019: €niallas), le bheith ina n-iasachtaí blianachta a bheadh le híoc ar ais thar tréimhse suas le 30 bliain. Níor fabhraíodh aon úis ar iasachtaí a athraíodh ar theacht in aibíocht dóibh ag 31 Nollaig 2020 (2018: €niallas).

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

Comhchruinniúcháin

Is le húdaráis áitiúla a mbíonn uile faoi cheadú ón Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, a bhaineann gach iasacht agus suim airgid ar airleacan.

Gné eile den riosca creidmheasa maidir leis an nGníomhaireacht oiread agus atá GAT nochta d'institiúidí (Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta go príomha), a bhfuil infheistíochtaí gearrthéarmacha aici léi. Amhail an 31 Nollaig 2020 ní raibh aon infheistíochtaí ag GAT (2019: €neamhni) i Nótaí Cistáin le GBCN.

Is é Banc Aontais Éireann cpt an fhrithpháirtí maidir le hairgead tirim faoi láthair, agus suim de €0.99 milliún ina seilbh an 31 Nollaig 2020 (2019: €0.36 milliún). Ar an 31 Nollaig 2020, ba é BBB- (2019: BBB-) an rátáil do Bhanc Aontais Éireann ag Standard and Poor's.

(b) Riosca Leachtachta

Is ionann riosca leachtachta agus an riosca go mbeadh deacracht ag GAT maidir le hoibleagáidí óna dliteanais airgeadais a shásamh. Ag deireadh mí na Nollaig 2019, inne GAT athairgeadú ar €0.76 billiún dá chuid nótaí faoi ráthaíocht ar ráta seasta gearrthéarmach a bhí i seilbh Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN).

Tá aibíochtaí ag an nóta seo le ráta comhlútacha in Eanáir 2021. Déantar na rátaí úis ar an nóta seo a athshocrú gach ráithe, ag corrlach de bhreis is trí mhí ag ráta Euribor. Comh maith le sin, tá €1.67bn de idirbhearta le ráta seasta eagraithe le GBCN ag GAT.

á nóta deich mbliana ag ráta seasta ag GAT dar luach €75m le GBCN a bhfuil dáta aibíochta aige i mí Iúil 2026. Chomh maith leis sin, d'aontaigh GAT idirbhearta téarma sheasta €200m le GBCN, i gcúig cinn de thráinsí de €40m agus dátaí aibíochta sa raon idir Meán Fómhair 2027 agus Meán Fómhair 2046. Chomh maith le sin, tá idirbhearta téarma sheasta €130m ag GAT leis an GBCN le dáta tosaithe do Mheán Fómhair 2018, le dátaí aibíochta sa raon idir Meán Fómhair 2028 agus Lúnasa 2046. D'aontaigh an GAT beart téarma sheasta le luach €210m le GBCN le tús dháta de Lúnasa 2019, i gcúig thráinse, dhá cheann do €60m agus trí cinn do €30m, le dátaí aibíochta ó Meán Fómhair 2028 go Lúnasa 2046. Ag tús 2020, d'aontaigh an GAT beart le luach €400m, tráinse €200m le dáta aibíochta i 2035 agus tráinse €200m eile le dáta aibíochta i 2040. Socraíodh déileálacha ar luach €650 milliún eile le dátaí tosaigh i 2021 mar seo a leanas: - tá aibíocht ag an gcéad dá mhargadh atá le tosú in Aibreán 2021, ceann ar fiú €175m é, agus ceann le luach €125 milliún, le dáta aibíochta 2046. Tá dhá mhargadh eile le tosú i mí na Samhna 2021, ceann le haghaidh €200 milliún le dáta aibíochta i 2046 agus beart de €100 milliún le dáta aibíochta 2050.

Tá na NR faoi ráthaíocht Aire Airgeadais na hÉireann. I gcodarsnacht leis seo, bíonn meántéarma iasachta bunaidh 26 bliain ag iasachtaí agus infháiltais (2019: 27 bliain). Is ionann seo ag mímhéaitseáil shuntasach sa phunann aibíochta, ach i bhfianaise na ndearbhuithe a fuarthas ón GBCN maidir le leanúnachas agus oiread na cistíochta ar ráta comhlúthach, is é tuairim an Bhoird go bhfuil dóthain acmhainní ar fáil chun freastal d'aon riosca leachtachta a eascródh as seo go ceann an chéad 24 mí eile. Tá NR ag an GAT le húdaráis áitiúla freisin agus líon beag acu leis an gCiste Comhshaoil (féach Nóta 15).

Agus riosca leachtachta á bhainistiú, coinníonn Bainisteoireacht GAT cruinnithe rialta leis an GBCN, leis na Bainc, CTCanna agus le rannpháirtithe eile sa mhargadh chun an t-éileamh a bheidh ar iasachtaí amach anseo a mheasúnú, chomh maith le riachtanais mhaoiniúcháin; le rochtain ar fhoinsí maoiniúcháin a chomhaontú; le foinsí agus struchtúir mhalartacha mhaoiniúcháin a lorg; idirbheartaíocht a dhéanamh i leith téarmaí agus coinníollacha agus na tiomantais riachtanacha a fháil maidir le maoiniú. Maidir leis seo, tá an GBCN tar éis a dhearbhu go bhfuil riachtanais mhaoiniúcháin GAT i gcomhair 2021 curtha san áireamh mar chuid den phróiseas pleanála foriomlán le haghaidh maoiniúcháin Stáit.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

Leagtar amach sa tábla seo a leanas anailís aibíochta ar dhliteanais airgeadais ar bhonn neamhslasaine de réir aibíochta an chonartha atá fanta ag deireadh na bliana.

	Luach Anonn €'000	Ollsreabhadh ainmniúil amach €'000	Níos lú ná 1 mhí €'000	1-3 mhí €'000	3 Mhí go 1 bhliain €'000	1-5 bliana €'000	Níos mó ná 5 bliana €'000
31 Nollaig 2020							
Dlíteanais neamhdhíorthaigh							
GBCN Nóta le Ráta Comhlútach FRN	(252,000)	(252,362)	(252,362)	-	-	-	-
GBCN Ráta Seasta 10 mBliana	(75,000)	(79,437)	(402)	-	(402)	(3,229)	(75,404)
NTMA €200m Fixed Rate	(200,000)	(234,671)	-	(936)	(941)	(7,521)	(225,273)
NTMA €130m Fixed Rate	(130,000)	(162,816)	-	-	(2,063)	(8,264)	(152,489)
GBCN Ráta Seasta €210m	(210,000)	(266,906)	-	-	(3,191)	(12,827)	(250,888)
GBCN Ráta Seasta €200m 15 Bliana	(200,000)	(209,318)	-	(622)	-	(2,484)	(206,212)
GBCN Ráta Seasta €130m 19 mBliana	(200,000)	(220,535)	-	(1,029)	-	(4,107)	(215,399)
GBCN Nótaí faoi Ráthaíocht	(319,150)	(319,277)	(319,277)	-	-	-	-
Áis Nótaí faoi Ráthaíocht (LA)	(2,683,804)	(2,687,162)	(928,841)	(535,341)	(1,154,053)	(68,928)	-
Áis Nótaí faoi Ráthaíocht (MARF)	(9,054)	(9,054)	(9,054)	-	-	-	-
Nótaí faoi Ráthaíocht (Ciste Timpeallachta)	(4,428)	(4,428)	(4,428)	-	-	-	-
Iasachtaí BEI agus BCE	(698,684)	(715,649)	(1,025)	-	(12,173)	(81,577)	(620,874)
	(4,982,120)	(5,161,615)	(1,515,389)	(537,928)	(1,172,823)	(188,937)	(1,746,539)

	Luach Anonn €'000	Ollsreabhadh ainmniúil amach €'000	Níos lú ná 1 mhí €'000	1-3 mhí €'000	3 Mhí go 1 bhliain €'000	1-5 bliana €'000	Níos mó ná 5 bliana €'000
31 Nollaig 2019							
Dlíteanais neamhdhíorthaigh							
GBCN Nóta le Ráta Comhlútach FRN	(756,000)	(758,162)	(253,304)	-	(252,858)	(252,000)	-
GBCN Ráta Seasta 10 mBliana	(75,000)	(80,245)	(406)	-	(402)	(3,226)	(76,210)
GBCN Ráta Seasta €200m	(200,000)	(237,214)	-	(936)	(936)	(7,526)	(227,815)
GBCN Ráta Seasta €130m	(130,000)	(168,815)	-	-	(2,211)	(8,887)	(157,716)
GBCN Ráta Seasta €210m	(210,000)	(270,132)	-	-	(3,226)	(12,792)	(254,114)
GBCN Ráta Seasta €200m	-	-	-	-	-	-	-
GBCN Ráta Seasta €200m	-	-	-	-	-	-	-
GBCN Nótaí faoi Ráthaíocht	(540,000)	(541,882)	(513,784)	-	(28,098)	-	-
Áis Nótaí faoi Ráthaíocht (LA)	(2,001,418)	(2,004,037)	(211,516)	(294,689)	(1,107,337)	(390,495)	-
Áis Nótaí faoi Ráthaíocht (MARF)	(4,929)	(4,929)	-	(4,929)	-	-	-
Nótaí faoi Ráthaíocht (Ciste Timpeallachta)	(10,774)	(10,774)	(10,774)	-	-	-	-
Iasachtaí BEI agus BCE	(561,022)	(649,574)	-	-	(16,690)	(77,497)	(555,387)
	(4,489,143)	(4,725,764)	(989,784)	(300,554)	(1,411,758)	(752,423)	(1,271,242)

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

Bainistíocht an riosca leachtachta

Is é beartas GAT i ndáil leis an riosca leachtachta a chinntiú, trí athbhreithniú go tráthrialta ar an riachtanas maidir le sreabhadh airgid, gur féidir léi a cuid dualgais maoinithe a shásamh go ceann tréimhse cuí amach roimpi.

Ceadaíonn an Bord leasú síor-rialta ar an bPlean Corparáide cúig bliana sa chéad leath de gach bliain. Cuirtear i gcountas lena linn sin ríomh inmheánach GAT féin i ndáil le hacmhainní, meastacháin faoi iasachtaí ar airleacan, iasachtaí a bheidh ag aibiú i rith na bliana agus roghanna ó thaobh maoinithe. Cuirtear athbhreithniú rialta maidir le riocht airgeadais GAT i láthair an Bhoird chomh maith le cuntais bhainistíochta mhíosúla.

Déanann an Bord athbhreithniú go rialta ar an gclár fiachais reatha, lena n-áirítear tuairisc gach ráithe ar chistí comhoiriúnacha, ar shuímeanna a fuarthas ar iasacht agus suímeanna ar airleacan de réir chineál na n-iasachtaí agus an tráth aibíochta, chomh maith le mionchuntas ar chaipiteal, struchtúr rátaí úis, comhdhéanamh an airgeadra, costais iasachta, agus próifíl aibíochta.

Déanann GAT maoiniú ar a cuid oibriúcháin trí mheascán d'eisiúintí bannaí, páipéar Eurothrachtála agus Nótaí faoi Ráthaíocht, rótharraingtí bainc agus brabús coinneithe. Bhí €1.59bn de GNannna ceannaithe ag an GBCN mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2020 (2019: €1.91bn).

Mar gheall ar na dearbhuithe atá an GBCN tar éis a thabhairt maidir le leanúnachas agus oiread na cistíochta ar ráta comhlúthach, is é tuairim an Bhoird go bhfuil dóthain acmhainní ar fáil chun freastal d'aon riosca leachtachta a eascródh as seo go ceann an chéad 12 mí eile. Tá NR ag GAT le húdaráis áitiúla freisin agus líon beag acu le Cistí Comhshaoil agus MARP (féach Nóta 15). Bíonn áiseanna rótharraingthe na GAT (€50 milliún ar fáil ar 31 Nollaig 2020) faoi réir ag athbhreithniú bliantúil ag bainc éirí na GAT.

Ba é 0.48% é arna thabhairt de réir na bliana i gcomparáid le 0.59% sa bhliain 2019 a bhí i gceist le meánchostas fhiachas na GAT sa bhliain 2020 mar gheall go príomha ar an laghdú i rátaí úis, agus mar gheall ar rátaí níos ísle a ghearradh ag GBCN i 2019.

(c) Rioscaí margaidh

Is ionann riosca margaidh agus an baol go rachadh athrú ar phraghsanna an mhargaidh, mar shampla rátaí úis agus rátaí malairte eachtraí, i bhfeidhm ar ioncam GAT nó ar luach na n-ionstraimí airgeadais atá ina seilbh. Is é cuspóir na bainistíochta rioscaí margaidh go laghdófar oiread agus is féidir nó go bhfaighfear réidh go hiomlán le nochtacht do rioscaí an mhargaidh.

Bainistíocht rioscaí margaidh

Dealáíonn GAT rioscaí margaidh a dheighilt ina rioscaí a bhaineann le hathrú ar rátaí athraitheacha úis, i rátaí malairte eachtraí agus i mboilsciú. Déantar bainistíocht ar nochtadh do riosca maidir le rátaí úis trí neamhréir idir a bhfuil faighte ar iasacht agus a bhfuil tugtha ar airleacan ag an GAT faoi scáth gach clár faoi leith - ráta innéacsnaasctha, ráta seasta agus ráta comhlúthach, a chúngú oiread agus is féidir sin. Cuirtear na neamhchinnteachtaí seo a leanas san áireamh agus an beartas á shocrú i leith:

- cásanna in ar féidir le iasachtaithe iasacht a fhuascailt gan phionós;
- cásanna ina bhféadfadh nach mbeadh glacadh i gcónaí ag margaí speisialaithe (e.g. innéacsnaasctha) le heisiúintí agus le fuascailtí; agus,
- cásanna ina bhfuil gnó na GAT faoi réir athruithe i mbeartas rialtais.

Is é cur chuige ginearálta GAT i ndáil le bainistiú nochtadh riosca ó thaobh rátaí úis ná corrlaigh a shaothrú chun cur leis an mbrabúsacht agus beart a dhéanamh chomh maith trí rátaí úis a shocrú lena gcosnaítear an GAT ar rioscaí iarmhairte, de réir mar a fheictear sin, trí thagairt a dhéanamh do chásanna agus do thiomhdí éagsúla. Déanann an Bord measúnú ar an gcás go rialta agus socraíonn leibhéal na gcúlchistí atá de dhíth uair sa bhliain.

Tuairiscíonn an Bhainistíocht don Bhord gach ráithe maidir leis an Ráta Riosca Úis sa Chlár Comhardaithe.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

Tar éis an síneadh a cuireadh leis an aibíocht uasta do nótaí eisithe faoi Chlár Nótaí faoi Ráthaíocht GAT, d'fhaomhaigh an Bord tacar de tháirgí iasachta ar ráta seasta a bhí dírithe ar údaráis áitiúla (ÚÁnna) agus comhlachtaí tithíochta ceadaithe (CTCanna) go déanach in 2016. Ina theannta sin, tá rochtain ag GAT ar chistiú fadtéarmach ar ráta seasta do thógáil nua agus do thionscadail iarfheistithe ón mBanc Eorpach Infheistíochta agus ó Bhanc Forbartha Chomhairle na hEorpa araon. Mar gheall air sin, tá beagnach gach gnó nua faoina dtugann Údaráis Áitiúla, CTCanna agus institiúidí ardoideachais bunaithe ar ráta seasta, rud as a n-eascraíonn ráta riosca úis féideartha ar chlár comhardaithe GAT.

Déantar anailís ar na holldlíteanais airgeadais thíos:

	31 Nollaig 2020 €'000	31 Nollaig 2019 €'000
Ráta seasta	2,609,850	1,926,913
Ráta Comhlúthach:	2,672,528	2,806,342
	5,282,378	4,733,255

Thug GAT airleacain nua ar ráta seasta agus ráta comhlúthach i rith na bliana airgeadais. Ráta seasta €749.56 milliún; ráta comhlúthach €23.20 milliún. (2019: Ráta seasta €916.48 milliún; Ráta comhlúthach €121.18 milliún).

Próifíl riosca maidir le ráta úis ar shócmhainní airgeadais mar a bhí ag:

	31 Nollaig 2020	31 Nollaig 2019
Meánráta úis seasta ualaithe	2.26%	2.28%
Meánráta úis comhlúthach ualaithe	1.27%	1.28%
Meántréimhse ualaithe a bhaineann le sócmhainní ar ráta úis seasta	23.6 years	23.6 years

Is iasachtaí ar feadh 25 go 30 bliain a eisítear de iasachtaí le CTCanna, institiúidí ardoideachais agus údaráis áitiúla ar ráta seasta ó GAT agus ba iasachtú ráta seasta 30% de na hiasachtaí le údaráis áitiúla agus iasachtaí le CTCanna agus institiúidí ardoideachais 70% atá fágtha. Iasachtaí d'údaráis áitiúla ar feadh tréimhsí idir aon bhliain amháin agus caoga bliain atá i gceist leis na hiasachtaí ar ráta comhlúthach. Bunaithe ar iarmhéideanna iasachta bunaidh ar airleacan, is téarma 26 bliain (2019: 26 bliain) an meán téarma bunaidh ualaithe le haghaidh iasachta bunaidh.

Déantar anailís ar phríomhshuimeanna na ndlíteanas airgeadais thíos:

	31 Nollaig 2020 €'000	31 Nollaig 2019 €'000
Ráta seasta	1,657,205	1,114,111
Ráta Comhlúthach:	3,324,915	3,376,864
	4,982,120	4,490,975

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

Próifíl riosca ráta úis na ndlíteanas airgeadais mar a bhí ag deireadh na bliana dar dáta:

	31 Nollaig 2020 €'000	31 Nollaig 2019 €'000
Meánráta úis seasta ualaithe	0.93%	1.19%
Meántréimhse ualaithe a bhaineann le sócmhainní ar ráta úis seasta (blianta)	20.3 bliain	20.7 bliain
Meánráta úis comhlúthach ualaithe	0.21%	0.27%
Meántréimhse ualaithe dá bhfuil dlíteanas ar ráta úis athraitheach socraithe (laethanta)	282 days	141 days

Áirítear cistiúchán níos fadtéarmaí ar ráta seasta leis an GBCN agus leis an mBanc Eorpach Infheistíochta agus Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa le dlíteanas ar ráta seasta. Cuimsíonn na dlíteanas airgeadais ar ráta comhlúthach iasachtaí bainc agus Nótaí faoi Ráthaíocht lena ngabhann ús ar rátaí a shocraítear roimh ré ar feadh tréimhsí idir trí mhí agus sé mhí trína gcur i gcomórtas le Euribor trí mhí agus sé mhí. Creideann na Stiúrthóirí gurb íomchuí fiachas den sórt sin a rangú mar ráta comhlúthach.

Léiríonn an tábla seo a leanas aibíocht chonarthaí agus athphraghsáil sócmhainní airgeadais ag dáta deireadh na bliana:

	Aibíocht mar a bhí an 31 Nollaig 2020 €'000	Athphraghsáil mar a bhí an 31 Nollaig 2020 €'000
Aibíocht agus ráta úis sócmhainní airgeadais		
Suimeanna dlite i mí amháin nó níos lú	95,848	2,691,340
Suimeanna dlite idir aon mhí agus trí mhí	-	
Suimeanna dlite idir trí mhí agus dhá mhí déag	463,383	596
Suimeanna dlite idir bliain amháin agus dhá bhliain	20,808	6
Suimeanna dlite idir dhá bhliain agus trí bliana	9,512	12
Suimeanna dlite idir trí bliana agus ceithre bliana	20,598	1,859
Suimeanna dlite idir ceithre bliana agus cúig bliana	31,073	2,562
Suimeanna dlite tar éis níos mó ná cúig bliana	4,641,156	2,586,003
	5,282,378	5,282,378

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

Léiríonn an tábla seo a leanas aibíocht chonarthaí agus athphraghsáil sócmhainní airgeadais ag dáta deireadh na bliana:

	Aibíocht mar a bhí an 31 Nollaig 2019 €'000	Athphraghsáil mar a bhí an 31 Nollaig 2019 €'000
Aibíocht agus ráta úis sócmhainní airgeadais		
Suimeanna dlite i mí amháin nó níos lú	92,621	2,820,537
Suimeanna dlite idir aon mhí agus trí mhí	-	-
Suimeanna dlite idir trí mhí agus dhá mhí déag	446,989	1,311
Suimeanna dlite idir bliain amháin agus dhá bhliain	21,886	103
Suimeanna dlite idir dhá bhliain agus trí bliana	18,865	7
Suimeanna dlite idir trí bliana agus ceithre bliana	11,173	16
Suimeanna dlite idir ceithre bliana agus cúig bliana	20,020	1,948
Suimeanna dlite tar éis níos mó ná cúig bliana	4,121,700	1,909,332
	4,733,254	4,733,254

Léiríonn an tábla seo a leanas aibíocht agus athphraghsáil phríomhshuimeanna na ndliteanas airgeadais ag dáta deireadh na bliana:

	Maturity as at 31 Nollaig 2020 €'000	Repricing as at 31 Nollaig 2020 €'000
Aibíocht, bearta leachtachta agus ráta úis dliteanas airgeadais		
In aibíocht i mí amháin nó níos lú	1,513,258	1,544,837
In aibíocht idir mí amháin agus trí mhí	534,958	557,458
In aibíocht idir trí mhí agus dhá mhí déag	1,220,220	1,222,620
In aibíocht i níos mó ná 1 bhliain agus níos lú ná 2 bhliain	-	-
In aibíocht i níos mó ná 2 bhliain agus níos lú ná 3 bliana	-	-
In aibíocht i níos mó ná 3 bliana agus níos lú ná 4 bliana	-	-
In aibíocht i níos mó ná 4 bliana agus níos lú ná 5 bliana	-	-
In aibíocht i níos mó ná 5 bliana	1,713,684	1,657,205
	4,982,120	4,982,120

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

Leiríonn an tábla seo a leanas aibíocht agus athphraghsáil phríomhshuimeanna na ndliteanas airgeadais ag dáta deireadh na bliana:

	Aibíocht mar a bhí an 31 Nollaig 2019 €'000	Athphraghsáil mar a bhí an 31 Nollaig 2019 €'000
Aibíocht, bearta leachtachta agus ráta úis dliteanas airgeadais		
In aibíocht i mí amháin nó níos lú	1,531,682	2,069,892
In aibíocht idir mí amháin agus trí mhí	229,433	254,433
In aibíocht idir trí mhí agus dhá mhí déag	1,301,839	1,052,539
In aibíocht i níos mó ná 1 bhliain agus níos lú ná 2 bhliain	252,000	0
In aibíocht i níos mó ná 2 bhliain agus níos lú ná 3 bliana	0	0
In aibíocht i níos mó ná 3 bliana agus níos lú ná 4 bliana	0	0
In aibíocht i níos mó ná 4 bliana agus níos lú ná 5 bliana	0	0
In aibíocht i níos mó ná 5 bliana	1,176,022	1,114,111
	4,490,976	4,490,975

Áiseanna tiomanta neamhtharraingthe

Bhí luach €150.0 milliún (2019: €41.7 milliún) d'áiseanna tiomanta neamhtharraingthe ag GAT mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2020, is iad seo na suimeanna seo atá fós le tarraingt ar áiseanna tiomanta ceadaithe.

Íogaireacht i leith riosca ráta úis

Bheadh tionchar ag anailís ar íogaireacht GAT i leith ardú nó laghdú i rátaí úis margaidh (ag glacadh leis go mbíonn seasamh cláir chomhordaithe seasta ann) ar ghnóthachain/(caillteanas) don bhliain airgeadais mar seo a leanas:

	100 bp d'ardú comhthreomhar €'000 gnóthachan	100 bp de laghdú comhthreomhar €'000 (caillteanas)	50 bp d'ardú comhthreomhar €'000 gnóthachan	50 bp de laghdú comhthreomhar €'000 (caillteanas)
At 31 Nollaig 2020	(22,086)	(9,558)	(15,545)	(6,306)
At 31 Nollaig 2019	2,552	(10,980)	1,276	(4,158)

Rinneadh na figiúirí thuas a ríomh trí mhaoiniú Nótaí faoi Ráthaíocht ar ráta athraitheach ar na dátaí thuas leis na hiarmhéideanna gan íoc ar iasachtaí ar airleacan ar ráta athraitheach a fhritháireamh. Glactar le meánfhiúir lárphointe don bhliain de réir an fhéilire, ó thaobh méaduithe ar rátaí úis thuas. Ní bhíonn suimeanna ar airleacan ar ráta seasta ná maoiniú ar ráta seasta íogair maidir le hathruithe i rátaí úis an mhargaidh agus, dá bhrí sin, ní chuirtear san áireamh san anailís seo iad.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

Luach Cóir

Leagtar amach sna táblaí seo a leanas luach cóir na sócmhainní agus na ndliteanas airgeadais mar a bhí an 31 Nollaig 2020 agus an 31 Nollaig 2019. Táthar den tuairim gur meastachán réasúnta ar an luach cóir an tsuim ghlánluacha a luaitear le gach sócmhainn nó dliteanas eile nach ar a luach cóir atá sé á iompar. Cuirtear faisnéis le haghaidh iasachtaí i láthair thíos:

	Luach Annon €'000	Luach Cóir €'000
31 Nollaig 2020		
Sócmhainní airgeadais		
<i>Íasachtaí agus Infháltais:</i>		
Ráta seasta	2,609,850	3,024,462
Ráta comhlúthach	2,672,528	2,789,069
	5,282,378	5,813,531
Dlíteanais airgeadais		
Ráta seasta	1,657,205	1,712,488
Ráta comhlúthach	3,324,915	3,324,915
	4,982,120	5,037,403

Táthar den tuairim gur meastachán réasúnta ar an luach cóir an tsuim ghlánluacha a luaitear le gach sócmhainn nó dliteanas eile nach ar a luach cóir atá sé á iompar. Cuirtear faisnéis le haghaidh iasachtaí i láthair thíos:

	Luach Annon €'000	Luach Cóir €'000
31 Nollaig 2019		
Sócmhainní airgeadais		
<i>Íasachtaí agus Infháltais:</i>		
Ráta seasta	1,926,913	2,413,256
Ráta comhlúthach	2,806,342	3,143,921
	4,733,255	5,557,177
Dlíteanais airgeadais		
Ráta seasta	1,114,111	1,129,515
Ráta comhlúthach	3,376,874	3,376,874
	4,490,985	4,506,389

Feidhmíonn GAT i margadh sách speisialta lena bhfreastalaítear ar riachtanas le maoiniú d'údaráis áitiúla agus don tithíocht shóisialta. Is deacair mar sin faisnéis mhargaidh a fháil ar a ríomhaí luach cothrom dá sócmhainní agus dliteanas innéacsnaastha agus ar ráta seasta. Táthar tar éis luachanna cothroma sócmhainní agus dliteanas airgeadais ar ráta seasta a lascainiú agus úsáid á baint as torthaí bhannaí ábhartha de chuid Rialtas na hÉireann de réir mar a bhí ar dháta an ráiteas ar staid an airgeadais. Tá seo bunaithe ar a nochtas is atá an GAT do rioscaí ceannasacha faoi mar a phléitear sa chuid den nóta seo a bhaineann le rioscaí ó thaobh leachtachta. Faoi mar a bhí amhlaidh sa bhliain roimhe, taispeántar sócmhainní agus dliteanais ar ráta comhlúthaigh ar an luach par atá dlite dóibh toisc gur téarma gearrthéarmach a n-aibíochtaí.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

Is ionann luach cóir shócmhainní na GAT arna ríomh agus €5.81 billiún (2019: €5.56 billiún) agus tá luach cothrom a cuid dliteanas measta ag €5.04 billiún (2019: €4.51 billiún). D'fhéadfadh suim difriúil go maith teacht chun cinn dá mbeadh duine le húsáid a bhaint as toimhdí malartacha le luach cothrom a ríomh. Agus sin á roghnú mar mhodheolaíocht, socraíodh gur thug a luach trí thagairt do rátaí inathraitheacha, léargas níos cruinne ar an scéal agus go rabhthas in ann idir shócmhainní agus dhliteanas a mheasúnú ar bhonn cosúil le chéile.

19. Gluaiseacht in airgead tirim, acmhainní leachtacha agus airgeadú

Anailís ar athruithe ar ghlan-suim an fhiachais	At 31 Nollaig 2019 €'000	Sreabhadh Airgid €'000	Gluaiseachtaí Neamh-airgid €'000	At 31 Nollaig 2020 €'000
Airgead tirim agus a choibhéis	361	626	-	987
Rótharraingt	-	-	-	-
	361	626	-	987
Nótaí faoi Ráthaíocht	(3,929,954)	(353,481)	-	(4,283,435)
Iasachtaí Bainc	(561,022)	(137,662)	-	(698,684)
Ús iníoctha ar áiseanna	(6,167)	(1,159)	-	(7,326)
	(4,497,143)	(492,302)	-	(4,989,445)
Glanfhiachas	(4,496,782)	(491,676)	-	(4,988,458)

B'ionann na fáiltais ó iasachtaí a eisíodh le linn 2020 agus €55.18 billiún (2019: €58.55 billiún) agus b'ionann aisíocaíocht iasachtaí le linn 2020 agus €55.20 billiún (2019: €58.57 billiún).

20. Scairchaipiteal

Tá 30,000 gnáthscair ann ar luach €1.30 (2019: 30,000 scair ar luach €1.30), iad údaráithe, leithroinnite, glaoite agus láníoctha sa chaoi agus go mb'ionann a luach iomlán agus €39,000 ar an 31 Nollaig 2020 (2019: €39,000).

21. Réiteach an bharrachais choinnithe

	31 Nollaig 2020 €'000	31 Nollaig 2019 €'000
Barrachas coinnithe ag tús na bliana	238,476	199,970
Gnóthachan aitheanta iomlán don bhliain airgeadais	55,421	38,506
Barrachas coinnithe ag deireadh na bliana	293,897	238,476

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

22. Réiteach chistí na scairsealbhóirí

	31 Nollaig 2020 €'000	31 Nollaig 2019 €'000
Cistí scairsealbhóirí ag tús na bliana	238,515	200,009
Gnóthachan aitheanta iomlán don bhliain airgeadais	55,421	38,506
	293,936	238,515

23. Ceangaltais maidir le hiasachtaí

Maidir le hiasachtú ionchais de chuid GAT do CTCanna agus d'institiúidí ardoideachais, ceadaiodh iarratais ar iasachtaí de €698 milliún ach nár tarraingíodh síos an 31 Nollaig 2020 (2019: €450 milliún).

24. Imeachtaí tar éis ráiteas um staid airgeadais

Níor tharla aon imeacht suntasach tar éis dheireadh na bliana a d'fhágfadh go dteastódh nochtadh nó coigeartú ar na cuntais.

25. Dliteanas Teagmhasach

Níl aon díbhinn le fógairt i gcomhair 2020.

26. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'aontaigh na Stiúrthóirí na Ráitis Airgeadais iniúchta, atá de réir an leagan amach atá ceadaithe ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar an 25 Márta 2021.

Faisnéis Chorparáideach

Rúnaí

Tom Conroy, ACMA, CGMA

Oifig Chláraithe

46 Faiche Stiabhna,
Baile Átha Cliath 2.
D02 WK60

Uimh. Chláraithe: 87513

T +353 1 872 5722

R cosec@hfa.ie

G www.hfa.ie

Iniúcháirí

JPA Brenson Lawlor Cuntasóirí Cairte,
Comhlacht Iniúcháireachta Reachtúla,
Cearnóg Argyle,
Bóthar Morehampton,
Domhnach Broc,
Baile Átha Cliath 4.

Aturnaetha

McCann FitzGerald,
Riverside One,
Cé Sir John Rogerson,
Baile Átha Cliath 2.

Baincéirí

Bainc-Aontas Éireann cpt.,
Sráid Theach Laighean,
Baile Átha Cliath 2.

An Ghníomhaireacht Airgeadais Do Thithe Cpt.
46 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2
Eire

T +353 1 872 5722
R cosec@hfa.ie
www.hfa.ie



HFA

An Ghníomhaireacht
Airgeadais Tithíochta
Housing Finance Agency



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland